# Comhairle Contae Chill Chainnigh

# Tuarascáil Bhliantúil 2016

***Arna glacadh ag an gComhairle ag a cruinniú a tionóladh ar an 15ú Bealtaine, 2017***

# Ráiteas Misin

**"Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Contae Chill Chainnigh obair i gcomhpháirtíocht**

***le muintir Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh***

***agus chun forbairt inmharthana eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn***

***don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht."***


**Halla an Chontae, Cill Chainnigh**

**Teil: + 353 (0) 56 7794000**

**Facs: + 353 (0) 56 7794004**

**Ríomhphost: info@kilkennycoco.ie**

**Éigeandáil lasmuigh d'uaireanta oifige: 1890 252 654**


**Uimhreacha dírdhiailithe**

**Mótarcháin: + 353 (0) 56 7794100**

**Leabharlann Contae: + 353 (0) 56 7794160**

**An tSeirbhís Dóiteáin: 112**

**Ráiteas an Chathaoirligh**

Is mór an phribhléid dom an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2016 a chur i láthair. Bhí bliain mhaith againn in 2016 le dul chun cinn déanta ar fhorbairtí tábhachtacha. Cuimsítear sa tuarascáil seo an réimse fairsing seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Contae Chill Chainnigh do mhuintir Chathair agus Chontae Chill Chainnigh. Tá ról ríthábhachtach againne sa Chomhairle le croísheirbhísí ríthábhachtacha a sholáthar, ar nós seirbhísí tithíochta, bóithre, uisce, dóiteáin agus éigeandála agus i dtacú le pobail áitiúla trí na feidhmeanna ealaíon, oidhreachta, caomhnaithe, leabharlann agus pobail agus fiontair.

Tá an Chomhairle meáite ar mhealltacht Chill Chainnigh a uasmhéadú mar lárionad sármhaitheas turasóireachta agus tá sí cromtha ar gach uile dheis a thapú chun Cill Chainnigh a chur chun cinn mar áit chónaithe, oibre nó cuairte. Tá an-dul chun cinn déanta ar Cheathrú Chruthaitheach na Mainistreach le pleanáil faighte roimh dheireadh na bliana le hathfhorbairt a dhéanamh ar na Foirgnimh Mayfair agus na Grúdlann agus ar an Pháirc Líneach. Táim ag súil leis an tionscadail seo a fheiceáil ag dul chun cinn agus Ceathrú Chruthaitheacha na Mainistreach a bheith lán de ghníomhaíocht eacnamaíoch, mar áit fostaíochta do go leor, agus mar eispéireas breise dár gcuairteoirí agus mar ionad dúinn féin.

Bhí sé de phribhléid againn, na baill thofa cuairt a thabhairt ar Iarsmalann Mhuire mar obair idir lámha. Táim ag tnúth leis an táirge críochnaithe a fheiceáil. Creidim go gcuirfidh sé go mór le táirge turasóireachta Chill Chainnigh.

Ba mhór an spreagadh é ath-insealbhú na scéime Athnuachana Baile agus Sráidbhaile do phobail Bhaile Héil, Bhaile an Phoill, Áth na nUrlainn, agus Cheanannais. Chomh maith leis sin cuirim fáilte roimh thogra Oifig na nOibreacha Poiblí le treoraithe a sholáthar do chuairteoirí ag Príóireacht Cheanannais i rith míonna an tsamhraidh.

Tréaslaím leis na baill thofa go léir agus leo sin go léir a fhreastalaíonn ar choistí agus ar fhochoistí éagsúla na Comhairle. Oibríonn siad go dúthrachtach i gcónaí ar son ghnó na Comhairle agus mar ionadaithe dá leasanna féin agus don leas coitianta. Tugtar forléargas sa tuarascáil den réimse leitheadach gnó a phléitear agus a chinntear agus is teistiméireacht í an tuarascáil dá ndúthracht agus dá seirbhís.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas ó chroí le foireann uile na Comhairle ar son a gcuid oibre do mhuintir Chill Chainnigh go léir. Molaim a dtiomantas agus a ndúthracht agus táimid ag súil le dul chun cinn leanúnach, ag oibriú le gach duine de mhuintir Chill Chainnigh chun áit níos fearr le cónaí ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a dhéanamh de Chill Chainnigh.

Cé go raibh rudaí deacair dúinn le tamall agus go bhfuil tionchar na lagthrá ar go leor daoine i gcónaí, tá fás suntasach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, mar atá le feiceáil sa mhéadú ar iarratais pleanála, agus i líon na dturasóirí. Sílim gur féidir le Cill Chainnigh a bheith ag súil leis an mbliain 2017 mar a gcuirfear a lán tionscadal eile i gcrích, agus tús le mórán eile.

An Crl Matt Doran

Cathaoirleach**.**

**Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh**

Is cúis sásaimh dom a bheith luaite leis an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain 2016 ina dtugtar tuairisc faoin réimse leathan seirbhísí atá á gcur ar fáil go díreach nó go hindíreach ag an gComhairle seo. Tugtar forléargas i gcorp na tuarascála de na gníomhaíochtaí agus seachadadh na seirbhísí agus na dtionscadal bonneagair atá á gcur chun cinn ag Comhairle Contae Chill Chainnigh.

Ba mhaith liom aird a dhíriú ar na buaicphointí seo a leanas:

- **Dul chun cinn na bpleananna do Cheathrú Chruthaitheach na Mainistreach, le cead pleanála tugtha anois d'uasghrádú fhoirgnimh Mayfair agus na Grúdlainne agus don Pháirc Cois Abhann.**
- **Tá dul chun cinn déanta ar na bpleananna d'athfhorbairt Teach Evans mar ionad do Dhánlann de Buitléir agus má cheadaíonn an buiséad é tosófar ar an obair in 2017.**
- **Féile rathúil Nollag Chill Chainnigh, an 'Yule Fest', bonn maith le féile réigiúnach agus náisiúnta de scoth a fhorbairt.**
- **Maoiniú faoi Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile leis na tionscadail a dtugann na pobail in Áth na nUrlainn, Baile Héil, Ceanannas agus Baile an Phoill tosaíocht dóibh.**
- **Beidh €223,000 á chaitheamh ar cheantair ainmnithe CLAR mar gheall ar iarratais rathúla faoin gclár CLAR 2017 (Ceantair Laga Ard-Riachtanais).**
- **Lean an obair ar aghaidh ar Mhúsaem Naomh Muire a osclófar sa chéad ráithe de 2017.**
- **Tá feabhas ar an gcéatadán a bhailímid dár bhfoinsí ioncaim go léir.**
- **Chuaigh na pleananna chun cinn don stáisiún nua dóiteáin i nGráig na Manach.**
- **Tá líon na gcuairteoirí sna príomhionaid turasóireachta i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh ag méadú.**
- **Leithdháileadh €125,000 d'fhéilte sa Chathair agus sa Chontae.**
- **Tá an conradh sínithe le haghaidh uasghrádú Athailíniú Br Challainn. Tá na hoibreacha le tosú sa chéad ráithe de 2017.**
- **Chuaigh an obair ar aghaidh ar an Scéim Lárnach Rochtana agus ar an Droichead, agus táthar ar súil lena críochnú go luath in 2017.**

Tá gach Roinn tiomanta do Phlean Seachadadh Seirbhísí 2016 a sheachadadh agus do Chuspóirí an Phlean Chorparáidigh a chur chun cinn. Bhain formhór na réimsí na cuspóirí luaite amach agus má bhí an gnóthachan faoi 100% in aon áit ní bheidh aon tionchar aige ar chumas na Comhairle ó thaobh chuspóirí a Phlean Corparáidigh a bhaint amach. Táim sásta mar sin gur éirigh leis an gComhairle na cuspóirí a leagadh amach ag tús na bliana 2016 sa Phlean Seachadadh Seirbhísí a bhaint amach den chuid is mó, agus laistigh de theorainneacha bhuiséad 2016.

Ba mhaith liom ag an bpointe seo ardmholadh a thabhairt don obair atá á déanamh ag coiste an Cheantar Bardais agus ag an gCoiste Beartais Straitéise. Cabhraíonn na coistí seo go mór leis an gComhairle iomlán a chuid cuspóirí a bhaint amach agus a gnó a dhéanamh. Tá tiomantas na gcomhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha le feiceáil sna gníomhaíochtaí atá faoi chaibidil sa tuarascáil. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na Comhaltaí Tofa, do mo chomhghleacaithe ar an bhfoireann bainistíochta

agus d'fhoireann na Comhairle ar son a ndúthrachta agus a gcuid oibre dhian. Táim cinnte, leis an gcumas agus an spiorad comhoibrithe atá léirithe go minic ag na comhaltaí tofa agus ag an bhfoireann go mbeimid ullamh do na dúshláin atá romhainn amach. Is féidir linn a bheith ag súil go dóchasach leis an mbliain 2017.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an gClr. Matt Doran agus a réamhtheachtaí an Clr Mary Hilda Cavanagh, Cathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh, leis an gClr Pat Fitzpatrick agus a réamhtheachtaí an Clr Pat Millea, agus leis an Méara Pat O'Neill agus a réamhtheachtaí an Méara Joe Malone, a bhain clú amach dóibh féin in oifig. Molaim an Tuarascáil Bhliantúil seo agus táim cinnte go dtabharfaidh sé forléargas do mhuintir Chill Chainnigh agus lasmuigh di faoin réimse leathan gníomhaíochtaí agus faoi éachtaí na Comhairle in 2016.

Colette Byrne

Príomhfheidhmeannach

Clár Leathanach uimh.

**Éachtaí Suntasacha** **7**

## 1. Comhairle Contae Chill Chainnigh

1.1 Comhaltaí Tofa **12**

1.2 Struchtúr Bainistíochta **13**

1.3 Coistí agus Fochuideachtaí **13**

1.4 Cruinnithe na Comhairle **15**

1.5 Cruinnithe Coistí, Fochoistí agus Imeachtaí an Mhéara **16**

## 2. Seirbhísí Chomhairle Contae Chill Chainnigh

**2.1** Tacaí do Chomhaltai Tofa, Seirbhísí Corparáideacha, Bóithre agus Iompar, Páirceanna agus Caitheamh Aimsire, Dóiteán agus Tarrtháil, Pleanáil Éigeandála, Cosaint Shibhialta, Acmhainní Daonna, Iniúchóireacht Inmheánach agus Bainistíocht Riosca **27**

**2.2** An Pobal, Cultúr, Pleanáil, Aoisbhá, Óige, Leabharlanna, Oidhreacht, Ealaíona, Tithíocht agus Cóiríocht **49**

**2.3** Airgeadas, Forbairt Gheilleagrach, an Oifig Fiontair Áitiúil agus Turasóireacht **74**

**2.4** Seirbhísí Uisce, Fuíolluisce, Uisce Tuaithe, Seirbhísí Comhshaoil agus Bainistíocht Dramhaíle, Cáilíocht Uisce agus Rialú Truaillithe, Seirbhís Tréidliachta agus Reiligí **84**

## Aguisíní

**Aguisín 1 -** Sceideal Chomhdhálacha na gComhaltaí agus Imeachtaí Oiliúna 102

**Aguisín 2** Tuarascálacha Airgeadais 106

# Éachtaí Suntasacha sa bhliain 2016

## Forbairt Gheilleagrach

- **Cur chun cinn Cheathrú Chruthaitheach na Mainistreach - pleanáil réidh don Ghrúdlann agus d'fhoirgneamh Mayfair**

- **26 iarratas ceadaithe le haghaidh cúnamh airgeadais ón Oifig Fiontair Áitiúil agus acmhainneacht ann le haghaidh 49 post lánaimseartha nua**
- **Ghlac 250 fiontraí páirt i 62 clár fiontraíochta agus oiliúna**
- **Chríochnaigh 80 duine clár Tosaigh do Ghnó Féin**
- **Bhain 300 fiontraí leas as tacaíocht meantóireachta**
- **Ghlac 5650 dalta as 13 meánscoil páirt i gClár Fiontair na Mac Léinn**
- **D'fhreastail 270 fiontraí ar Chomhdháil Bizfest Chill Chainnigh Theas a d'eagraigh Oifigí Fiontair Áitiúla an Oirdheiscirt i gCill Chainnigh**
- **28 Dearbhán Trádála ar Líne eile faofa**
- **Maoiniú do Iontaobhas Cathrach Chill Chainnigh le cinntiú go mbeidh ról níos suntasaí aige i gCill Chainnigh**
- **Pleananna le rochtain ar cheantar forbartha Chalafort Phort Láirge a bhfeabhsú**

## Turasóireacht

- **Eagraíodh Féile Nollag rathúil Yule Fest**
- **Lean na hoibreacha ar aghaidh ag Músaem Mhíle na Meánaoiseanna mar a raibh Séipéal Mhuire**
- **Eagraíodh tograí éagsúla Turasóireachta Bia**
- **Tá an Chomhairle ag leanúint lena tacaíocht do Thurasóireacht Chill Chainnigh. D'fhreastail sí ar thaispeántais agus imeachtaí éagsúla trádála a spreag níos mó gnó do thithe ósta agus gnóthais áitiúla**
- **Cuireadh €125,000 ar fáil i nDeontais d'Fhéilte agus Imeachtaí**
- **Tháinig méadú 33% ar chuairteanna ar shuíomh gréasáin Thurasóireacht Chill Chainnigh go 417,000**
- **Mhéadaigh líon na gcuairteoirí chuig suímh éagsúla ar nós Caisleán Chill Chainnigh, Eispéireas Smithwick, Ardeaglais Naomh Cainneach, agus Páirc Fionnachtana Chaisleán an Chomair**

## Seirbhísí Leabharlainne

- **Ballraíocht Shaor sna leabharlanna**
- **Tháinig méadú 9% ar bhallraíocht sna leabharlanna**
- **Mhéadaigh cuairteanna ar leabharlanna 4% go 296,901**
- **Méadú 30% ar rannpháirtíocht Leanaí i nDúshlán Litearthachta Léitheoireacht an tSamhraidh**

- **Cuireadh clár cuimsitheach imeachtaí sóisialta, cultúrtha, oideachasúla, litearthachta, folláine agus digiteacha ar fáil i gcraobhacha uile na Leabharlainne**

## Forbairt Phobail

- **Seoladh Plean Áitiúil Eacnamaíochta Pobail**
- **Bronnadh €250,000 ar 8 ngrúpa faoin Scéim Deontais Pobail agus Cultúrtha**
- **Ceapadh Oibrí Forbartha don Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)**
- **Méadú 13% ar Bhallraíocht an PPN**
- **4 Cheardlann Pobail eagraithe le 4 iarratas a fhorbairt faoin Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhaile - d'éirigh leis na hiarratais go léir**

## Comhairle na nÓg

- **Seoladh Tionscadal Bhratach Meabhairshláinte na Scoileanna**
- **Dearadh agus Léiriú DVD Feasachta dar teideal "Fiosrú ar na Fadhbanna a bhaineann le Daoine faoi Aois a bheith ag Ól agus ag Caitheamh"**

## Aoisbhááil

- **Seoladh Straitéis Aoisbhááil Contae Chill Chainnigh 2017-2021**
- **10 n-áit pháirceála aoisbhááula ar fáil i gCathair Chill Chainnigh**
- **Rang ríomhaireachta agus idirlín sna Leabharlanna**
- **Noda Teicneolaíochta do Dhaoine Scothaosta, rang a chuir daltaí meánscoile ar fáil i Leabharlann an Locha Bhuí**

## Bóithre agus Iompar

- **Cuireadh tús leis an obair ar Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin**
- **Oibreacha Feabhsúcháin Pábhála ar an N78 (Dún Mór go Caisleán an Chomair) agus ag Conachadh**
- **Dul chun cinn mór ar Scéim Lárnach Rochtana agus Droichead Chill Chainnigh**
- **Críochnaíodh sé scéim faoin scéim sábháilteachta ar chostas íseal**
- **Tugadh faoi Chéim 2 den scéim le teorainneacha luais 30km/u a sholáthar in eastáit tithíochta**
- **Mionoibreacha faoiseamh tuilte ag ionaid éagsúla**
- **Conradh Ailíniú Bhóthar Challainn sínithe**

## Dóiteán agus Freagairt Éigeandála

- **Eagraíodh imeachtaí éagsúla Sábháilteacht Dóiteáin Pobail lena -áirítear Laethanta Oscailte sna Stáisiúin Dóiteáin agus cainteanna le Grúpaí Pobail**
- **60 cuairt Sábháilteacht Dóiteáin ar thithe**
- **Seachadadh clár na mBunscoileanna chuig 1300 leanbh scoile**

- **Athbhreithniú ar Mhórphlean Éigeandála agus ar Phlean Éigeandála Tuilte**
- **Cuireadh an Plean Práinnfhreagartha Tuilte i ngníomh mar gheall ar thuilte diana ar na habhantrachtaí, an Bhearú, an Fheoir agus an tSiúir, i mí na Nollag 2015 agus bhí siad fós i bhfeidhm go luath i mí Eanáir 2016.**

## Cosaint Shibhialta

- **Gradam Misnigh Pearsa na Bliana do Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh**
- **Bronnadh Teastais Oiliúna ar 15 deontóir**

## Corparáideach

- **Tugadh faomhadh na Roinne do phlean fhórsa oibre na Comhairle agus do thús a chur le hearcaíocht**
- **Méadú 9% ar ghníomhaíocht suíomh gréasáin na Comhairle Méadú 36% ar lucht leanúna Facebook agus 16% ar Twitter**

## Páirceanna agus Conláiste

- **Cothabháil agus tacaíocht do 26 faiche súgartha sa Chathair agus sa Chontae**
- **Plean chur chun cinn le haghaidh páirt chomharsanachta ag Port an Chalaidh**
- **Bhain 120 grúpa leas as Deontais Chonláiste**
- **35,000 cuairteoirí ar Ghairdíní Chluain Dúin**

## Pleanáil agus Forbairt

- **Íocadh €147,000 i nDeontais Oidhreacht Thógtha agus Struchtúir i mBaol**
- **Cuireadh oibreacha caomhnaithe ar an Teach Tae ar Ché Bateman**
- **Daingníodh Túirín agus siúlóid bhalla Evans lena ndéanamh sábháilte**
- **Tógadh 17 n-eastát tithíochta i bhfeighil**

## Oidhreacht

- **Clár leitheadach imeachtaí le 1916 a chomóradh**
- **Seoladh leathanach nua Facebook Oidhreacht Chill Chainnigh**
- **Cuireadh Tionscadal Ainmneacha Páirceanna Chill Chainnigh i gcrích**
- **Eagraíodh 77 n-imeachtaí le linn seachtain na hOidhreachta**
- **Dáileadh 400 den ríomhiris "Kilkenny Heritage News"**

## Ealaíona

- **Clár leanúnach forbairtí liteartha, tograí oideachais agus iniamh pobail lena n-áirítear Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh, ceardlanna bliantúla scríbhneoireachta, Meitheal**

**Ealaíona Pobail Open Circle, Oíche Chultúir, Nasc Ealaíne agus Scéim Deontais Gníomhartha Ealaíne**

- **Ríomhfheasachán coicísiúil eisithe chuig 1600 duine**
- **Tá 1447 ag leanúint Oifig Ealaíona Chill Chainnigh ar Facebook agus 1,992 leantóirí ar Twitter**

## Tithíocht agus Bainistíocht Eastát

- **Gradaim Bhliantúla Bród Áite do Chumann Forbartha Áth Stúin agus Fiontar Pobail Bhaile an Phoill**
- **Tacaíocht do 47 Cumann Áitritheoirí - €100,000 i ndeontais íoctha**
- **Ríomh-iris idirghníomhach eisithe do ghrúpaí pobail**
- **Comórtas na nEastát Slachtmhara - €6,000 i nduaiseanna**
- **Tugadh faoi cheithre thionscadal mórscála Feabhsú Pobail**
- **53 díolachán aontaithe faoin Scéim Infheistíochta Tithíochta Sóisialta**
- **18 tógáil nua curtha ar fáil, 12 Teach Deonach tógtha**
- **551 áitreabh sa Scéim Chóiríochta Cíosa anois**
- **414 cigireacht ar chóiríocht phríobháideach ar cíos - méadú 9%**
- **Maoiniú faofa do 15 comhlacht deonach le 100 aonad cóiríochta a sholáthar faoin Scéim Chúnaimh Caipitiúil**
- **Céim 2 de scéim Tithíocht Ghrúpa N. Chaitríona críochnaithe**
- **4124 deisiúchán déanta**
- **Athchóiríodh 89 teach, a bhí fágtha folamh, agus ligeadh ar cíos arís iad**
- **17 teach Comhairle oiriúnaithe le freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus le plódú a réiteach**
- **68 Deontas Oiriúnaithe íoctha le luach €699,300**
- **197 deontas Cúnamh Tithíochta do Sheandaoine le luach iomlán de €999,155**
- **€176,470 íoctha i 36 deontas Cúnamh Soghluaisteachta**

## Seirbhísí Uisce

- **Bainistíocht agus cothabháil ar 23 sholáthar uisce poiblí agus 35 scéim chóireála fuíolluisce thar ceann Uisce Éireann**
- **9.7 billiún lítear uisce soláthartha**
- **Comhlíonadh 100% ar riachtanais mhicribhitheolaíocha**
- **Comhlíonadh 99.8% le paraimhéadair cheimiceacha**
- **Taiscumar Uachtar Rátha críochnaithe**
- **Uasghrádú ar Fhearas Chóireáil Fhuíolluisce ag Achadh Úr, Droichead Nua, agus Baile Sheáin**
- **Athsholáthar príomhphíopa uisce ag An Carraigín, Baile Mhic Grifín, Onainn agus Baile Uí Fhinn**
- **Uasghrádú ar Stáisiún Caidéalaithe Chlós an Mhargaidh i gCathair Chill Chainnigh**
- **Maoiniú €184,000 do ghrúpscéimeanna uisce**

## Comhshaol

- **Tar éis do Chill Chainnigh bonn óir a fháil i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara, choinnigh Inis Tíog a mbonn airgid agus fuair Tulchacht an bonn airgid den chéad uair, tar éis bonn cré umha a ghnóthú blianta eile**
- **120 grúpa pobail páirteach sa Ghlantachán Earraigh Náisiúnta**
- **Tá an bhrat glas ar foluain i 71 scoil don chlár oideachais comhshaoil**
- **Tá Oifig Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúla (LAWCO) ina comhpháirtí le gníomhaireachta eile in oibriú an tsuímh ghréasáin catchments.ie: Uisce ó Fhoinse go Farraige. Bhuaigh an suíomh gréasáin gradam sa Rannóg Feabhas i Nuálaíocht i nGradaim Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2016**
- **Soláthar leanúnach seirbhís ghardaí tarrthála a rinne maoirsiú ar 2,000 snámhaí i gceantair snámha poiblí sa Chontae**
- **Bhuaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an gradam "Feabhas i nGnó" in iris na hEarnála Poiblí faoin raoinn Bainistíocht Seirbhísí Dramhaíola i mí na Nollag 2016**

# 1

# Comhairle Contae Chill Chainnigh

## 1.1 Comhaltaí Tofa

Tá ceathrar comhalta is fiche ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh, toghtar iad le haghaidh tréimhse cúig bliana. Toghadh an Chomhairle reatha i mí Bhealtaine 2014 agus is mar seo a leanas a bhí an chomhaltacht ar an 31 Nollaig 2016:

**Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomhair**

MARY HILDA CAVANAGH (FG) Baile an Fhaoitigh, Crois Phádraigh, Trí Dhurlas, Co. Chill Chainnigh

PATRICK MILLEA (FF) Gallastún, Tulach Ruáin, Co. CC.

MAURICE SHORTALL (LO) 42 Maryville, Caisleán an Chomair

JOHN BRENNAN (FG) An Chruit, an Chloch, Caisleán an Chomair

MICHAEL McCARTHY (FF) Sráid Buncrusha, Achadh Úr, Co. CC

**Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh Thoir**

ANDREW McGUINNESS (FF) Oifig an Dáilcheantair, Bóthar Uí Lachnáin, Co. CC

PETER CLEERE (FF) Achadh Choillteáin, Sceach an Mhaistín, Co. CC.

MICHAEL DOYLE (FG), Ballinbarna, an Robhar, Co. CC

BREDA GARDNER (GAN PÁIRTÍ) Cloch an Bhródaigh, Baile Mhic Andáin, Co. CC.

DAVID KENNEDY (SINN FEIN) Baile an Bhúlaigh, Inis Tíog, Co. CC.

**Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh Thiar**

MATT DORAN ( FF) Sruth an Mhaide, Cill Mogeanna, Co. CC.

JOE MALONE (FF) 11 11 Cnoc Mhairidin, Bóthar Cheannanais, Co. CC

MALCOLM NOONAN (Páirtí Glas) 38 Céide Choill an Chéadrais, Cill Chainnigh

PATRICK MCKEE (GAN PÁIRTÍ) 48 Plás Naomh Fiachra, Co. CC.

DAVID FITZGERALD (FG) 24 Sráid Phádraig, Cill Chainnigh

SEAN TYRRELL (SF) 31 Garrán na Cufróige, An Loch Buí, Cill Chainnigh

**Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill**

MELISSA O’NEILL (Gan Páirtí) 40 Fearann na Mainistreach, Port an Chalaidh, Co. Chill Chainnigh.

PAT DUNPHY (FG) Baile Uí Ghuara, Móinn Choinn, Co CC

FIDELIS DOHERTY (FG) Ballyfacey, An Gleann Mór, Co CC

EAMON AYLWARD (FF) Ballynooney, Muileann an Bhata, Co. CC.

TOMÁS BREATHNACH, (LO) Bóthar na Ceárta, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co. CC.

GER FRISBY (FF) Trian an Fhraoigh, Sliabh Rua, Co. CC

## 1.2 Struchtúr Bainistíochta

Rinneadh athrú ar Struchtúr Bainistíochta na Comhairle in 2016. D'éirigh an Stiúrthóir Seirbhísí Maria Melia as agus chuir an Chomhairle fáilte roimh Tim Butler mar Stiúrthóir Seirbhísí.

Struchtúr Bainistíochta na Comhairle:

| **Colette Byrne - Príómhfheidhmeannach** | | | |
|---|---|---|---|
| **Martin Prendiville**<br>**Ceann Airgeadais** | **Mary J Mulholland**<br>**Stiúrthóir Seirbhísí** | **Tim Butler**<br>**Stiúrthóir Seirbhísí** | **Simon Walton**<br>**Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach** |

## 1.3 Coistí agus Fochuideachtaí

Tá dualgas dlíthiúil ar Údaráis Áitiúla Coistí áirithe a bhunú, ar nós Coistí Beartais Straitéisigh. Tá lánrogha ag Údaráis Áitiúla Coistí eile a bhunú le cabhrú leo a róil mar chomhaltaí tofa a chur i bhfeidhm.

**Coistí Beartais Straitéisigh**

Tá Scéim Coiste Beartais Straitéisigh forbartha ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhthráth le saolré na Comhairle nuathofa, 2014 go 2019. Is é ról na gCoistí Beartais Straitéisigh (CVS) cabhrú leis an gComhairle beartas a fhoirmliú, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Léiríonn a gcomhdhéanamh príomhfheidhmeanna na Comhairle laistigh de chomhthéacs níos fairsinge, tá siad oiriúnaithe do mhéid, do bhallraíocht agus d'acmhainní riaracháin na Comhairle agus glactar leis an tríú cuid dá mballraíocht ó earnálacha a bhaineann le hobair na gcoistí. Tugann na CBSanna le chéile comhaltaí tofa, chomh maith le daoine atá ag obair go gníomhach le comhlachtaí sóisialta, geilleagracha, cultúrtha agus comhshaoil chun beartais a bhaineann le seirbhísí na comhairle a fhorbairt agus a athbhreithniú. Cuireann na CBSanna tuairimí seachtracha ar fáil do chomhaltaí tofa agus a ról straitéiseach i bhforbairt an údaráis áitiúil á chomhlíonadh acu, lena n-áirítear róil i bhforbairt bheartais agus róil mhaoirseachta laistigh den údarás áitiúil.

**Is mar seo a leanas a bhí comhdhéanamh agus comhaltacht Coistí Bheartais Straitéisigh Chomhairle Contae Chill Chainnigh in 2016:**

| | | |
|---|---|---|
| **CBS 1:**<br><br>**Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireacht**<br><br>**and Tourism** | **Comhaltaí Tofa:**<br><br>**(7)**<br><br>Pat Millea<br><br>Pat Fitzpatrick<br><br>Peter Cleere<br><br>Patrick McKee<br><br>Patrick O' Neill<br><br>Michael Doyle<br><br>Tomas Breathnach | **6 Comhalta ó Earnálacha Seachtracha: - Talmhaíocht/Feirmeoireacht - John Bambrick (IFA)**<br><br>Forbairt/Tógáil - Mark Kennedy (Comhlachas Tráchtála na hÉireann)<br><br>Comhshaol/Caomhnú - Charles Wani (Feachtas Rothaíochta agus Siúlóide Chill Chainnigh)<br><br>Ceardchumann - Phil Funchion (ICTU)<br><br>Cuimsiú Sóisialta - Teresa Delahunty (Seirbhísí na nImirceach) |
| **CBS 2:**<br><br>**Beartas Bonneagair,**<br><br>**Iompair, Dóiteáin agus Seirbhísí**<br><br>**Éigeandála** | **Comhaltaí Tofa:**<br><br>**(7)**<br><br>Matt Doran<br><br>Eamon Aylward<br><br>Michael McCarthy<br><br>Fidelis Doherty<br><br>Michael Doyle<br><br>Kathleen Funchion<br><br>Tomas Breathnach | **6 Comhalta ó Earnálacha Seachtracha: - Talmhaíocht/Feirmeoireacht - Michael Rice (IFA)**<br><br>Gnó/Tráchtáil - Gary Graham (Comhlachais Tráchtála na HÉireann)<br><br>Forbairt/Tógáil - Barry Lynch (Comhlachas Tráchtála na hÉireann)<br><br>Pobal agus Deonach - Billy Walsh (Grúpa Forbartha Pobail Áitritheoirí Phort an Chalaidh)<br><br>Cuimsiú Sóisialta - Mairead Phelan (Fóram Seanóirí)<br><br>Ceardchumann - Patrick Kavanagh (ICTU) |
| **CBS 3:**<br><br>**Beartas Pleanála agus Forbartha, Oidhreachta, Pobail, Ealaíon agus Cultúir** | **Comhaltaí Tofa:**<br><br>**(7)**<br><br>Patrick McKee<br><br>Pat Fitzpatrick<br><br>Pat Dunphy<br><br>David Kennedy<br><br>Malcolm Noonan | **6 Chomhalta ó Earnálacha Seachtracha - Forbairt/Tógáil - Denis Carroll (Comhlachais Tráchtála na hÉireann)**<br><br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht - Paul O'Brien (IFA)<br><br>Comhshaol/Caomhnú - Mary Brennan (An Taisce)<br><br>Pobal/ Deonach - John Bourke<br><br>Gnó/Tráchtáil - John Hurley (Comhlachais |

| | | |
|---|---|---|
| | John Brennan<br>Andrew McGuinness | Tráchtála na hÉireann)<br>Cuimsiú Sóisialta - Pamela Mansell (SOSKilkenny)<br>**Comharba:**<br>**Martin Brennan** |
| **CBS 4:**<br>**Tithíocht** | **Comhaltaí Tofa**<br>**(6)**<br>Andrew McGuinness<br>Joe Malone<br>Michael McCarthy<br>Melissa O' Neill<br>Fidelis Doherty<br>Patrick O' Neill | **5 chomhaltaí ó na hEarnálacha Seachtracha:**<br>Comhshaol/Caomhnú - Declan Murphy (An Taisce)<br>Forbairt/Tógáil - Brian Dunlop (Comhlachas Tráchtála na hÉireann)<br>Ceardchumann - Yvonne Moriarty (ICTU)<br>Pobal agus Deonach - Mary Egan<br>**Cuimsiú Sóisialta - Margaret Leahy (Fóram na Seanóirí)** |
| **CBS 5:**<br>**Cosaint an Chomhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Fuinneamh** | **Comhaltaí Tofa**<br>**(6)**<br>Ger Frisby<br>Joe Malone<br>Pat Dunphy<br>John Brennan<br>Breda Gardner<br>Maurice Shortall | **5 chomhaltaí ó na hEarnálacha Seachtracha:**<br>Talmhaíocht/Feirmeoireacht - James Murphy (IFA)<br>Gnó/Tráchtáil - Owen Sweeney (Comhlachais Tráchtála na hÉireann)<br>Comhshaol/Caomhnú - Sadhbh O'Neill (Líonra Comhshaoil Áitiúil Chill Chainnigh)<br>Pobal agus Deonach - (LRP) Shem Caulfield<br>Forbairt/Tógáil - Clare Murray (Comhlachas Tráchtála na hÉireann) |

## 1.4 Cruinnithe na Comhairle

Bíonn Gnáthchruinnithe ag an gComhairle ar bhonn míosúil. Eagraítear cruinnithe speisialta freisin le buiséad bliantúil a phlé agus a ghlacadh. Féadfaidh an Chomhairle an oiread cruinnithe a thionól agus a mheasann sí a bheith riachtanach lena cuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

**Líon na gCruinnithe Tionscnaimh a tionóladh in 2016**

**Príomh-shaincheisteanna a pléadh/a cinneadh**

- **Cathaoirleach agus Leas Cathaoirleach a thoghadh**
- **Comhaltaí a thoghadh ar Choistí agus ar Fhochoistí**
- **Glacadh le Buiséad**
- **Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2015**
- **Cairt Iniúchóireachta, tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta**
- **Tuarascáil an Iniúchóir Rialtais Áitiúil 2015**
- **Tuarascáil Bhliantúil 2015**
- **Pleananna Soláthar Seirbhíse**
- **Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh**
- **Nuashonrú ar Choiste Teorann Phort Láirge**
- **Diúscairt Tithíochta agus Eile**
- **Leithdháiltí Deontas Bóthair agus Clár Oibreacha Bóthair**
- **Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais**
- **Plean Cothabhála Geimhridh 2016/2017**
- **Nuashonrú Scéim Lár-Rochtana Chill Chainnigh**
- **Tuarascálacha Cuid 8 do thionscadail éagsúla**
- **Comhaontais Alt 85 le hÚdaráis Áitiúla eile**
- **Athruithe ar Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach**
- **Tógáil 17 eastát tithíochta i bhfeighil**
- **Comóradh 2016**
- **Nuashonrú ar Cheathrú na Mainistreach**
- **An Glasbhealach idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin**
- **Leithdháileadh do na hEalaíona agus Deontais Féilte, Deontais Chonláiste, agus Deontais Tacaíochta Cultúrtha**
- **Scéim Deontais Chaipitil Saoráidí Pobail agus Cultúrtha 2015-2017**

**Cur i Láthair ó Ghrúpaí Seachtracha**

- **An Roinn Cosanta**
- **Oifig na nOibreacha Poiblí**

## 1.5 Cruinnithe Coistí, Fochoistí agus Struchtúr

Coistí Beartais Straitéisigh

## CBS 1 - Forbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontraíochta agus Turasóireacht

**Líon na gCruinnithe a tionóladh: 4**

**Na príomh-shaincheisteanna Beartais a pléadh:**

- **Gnéithe geilleagracha ghnéithe geilleagracha Plean Gníomhaíochta Bliantúil an PÁEP a ullmhú agus a faireachán a dhéanamh orthu (49 san iomlán)**
- **Glacadh agus Monatóireacht sholáthar Phlean um Fhorbairt Fiontraíochta Áitiúla an OFÁ don bhliain 2015, thar ceann na Comhairle (de réir an CLS le Fiontraíocht Éireann)**
- **Ainmniúcháin do Ghrúpa Comhairleach an PÁEP**
- **Ceathrú Chruthaitheach na Mainistreach**
- **Beartas Náisiúnta Turasóireachta Fáilte Éireann - DAOINE, ÁIT AGUS BEARTAS: AN TURASÓIREACHT A FHÁS GO 2025**
- **Scéim Dreasachta Ráta Gnólachtaí Beaga**
- **Scéim Dreasachta Áitreabh Folamh**
- **Togra Phlean Gníomhaíochta Post an Oirdheiscirt**

## CBS 2 - Beartais Bonneagair, Iompair, Seirbhísí Dóiteáin Éigeandála

**Líon na gCruinnithe a Tionóladh: 4**
**Na príomh-shaincheisteanna Beartais a pléadh:**

- Tuilte
- Teorainneacha Luais
- Bealaí Bus/Iompar Tuaithe
- Scáthláin Bhus
- Rialacháin Sábháilteachta Dóiteáin
- Plean Sábháilteachta Dóiteáin 2016-2020
- Plean Sábháilteachta Bóthar Chill Chainnigh 2015-2020.
- Glasbhealaí
- Tionscadail Phíolótacha Seasmhacht Tuilte - Baile Mhic Andáin agus Gráig na Manach
- Measúnú agus Bainistiú Baol Tuilte na nAbhantrach (CFRAM)
- Leathanbhanda Tuaithe

## CBS 3 Beartas Pleanála agus Forbartha, Oidhreachta, Pobail, Ealaíon agus Cultúir

**Líon na gCruinnithe a Tionóladh: 4**

Na príomh-shaincheisteanna Beartais a pléadh:

- **Plean Ceantair Áitiúil Challainn**
- **Athruithe ar Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach**
- **Éadain siopaí agus Comharthaí Fógraíochta**
- **Dréachtscéim Ranníocaíochta Forbartha (Leasú)**
- **Tobhach Suíomh Folmha**
- **Feirmeacha Gréine**
- **Rialú Tógála**
- **Togra Náisiúnta Tógáil i gCúram**
- **Athnuachan Bailte agus Sráidbhaile**
- **Bainistíocht Eastát agus ríomh-nuachtlitir Faisnéis Pobail**
- **Scéim Deontais do Bhainistíocht Eastát**
- **Plean Oidhreachta**
- **Iniúchóireacht ar chuimhneacháin agus ar chomharthaí i gCo. Chill Chainnigh**
- **An tSeirbhís Leabharlainne 2015/2016**
- **Beartas Cultúrtha Náisiúnta/ Réigiúnach - Cultúr 2025**
- **Iarratas Phríomhchathair Chultúir na hEorpa (ECOC) na dTrí Siúracha 2020**

## CBS 4 - Tithíocht

**Tuarascáil an Choiste CBS don bhliain 2016:**

**Líon na gCruinnithe a tionóladh: 5**

**Na príomh-shaincheisteanna Beartais a pléadh:**

- **Céim Cheannaigh Incrimintigh na dTionóntaí**
- **Deontais Phríobháideacha 2015**
- **Tuarascáil Bhliantúil Tithíochta 2015**
- **Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean**
- **Bainistíocht Pobail agus Eastát**
- **Pleananna Soláthar Seirbhíse 2015-2016**
- **Leithdháiltí na Roinne 2016**
- **Beartas Fála**
- **Iompar Frithshóisialta**
- **Cur i Láthair ón Chomhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann**
- **Measúnuithe ar Riachtanais Tithíochta 2016**
- **Tithe Folmha**
- **Tuarascáil Tithíochta 2016**
- **Clár Cóiríochta do Lucht Siúil 14-18**

## CBS 5 Cosaint an Chomhshaoil, Seirbhísí Uisce agus Fuinneamh

**Líon na gCruinnithe: 4**

**Na príomh-shaincheisteanna Beartais a pléadh:**

- **Íos-Chritéir Molta don Phlean Cigireachtaí Comhshaoil (RMCEI)**
- **Clár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017-2021**
- **Suirbhé ar Araid Bruscair (Nuashonrú ón gcruinniú deireanach CBS**
- **Forbairtí i mBainistíocht Dramhaíl Tí 2016**
    - **Feidhmiú céimiúil an 3ú haraid do bhruscar bia**
    - **Tabhairt isteach Íoc de réir Meáchain i mí Iúil.**
- **Faisnéis faoi Dheontais na Reiligí**
- **Íoc de réir Meáchain**
    - **Conas a fheidhmeofar é agus a thionchar ar líonta tí**
    - **Sceideal Fheachtas Feasachta Réigiúnach**
- **Nuashonrú maidir le Bainistíocht Dramhaíola**
    - **Íoc de réir Meáchain - Staid Reatha**
    - **Staid reatha na málaí réamhíoctha bruscair agus athchúrsála i gCo. Chill Chainnigh agus a staid amach anseo**
    - **Feidhmiú céimiúil an 3ú haraid do bhruscar bia**
- **Rialú Madraí agus Leas Ainmhithe**
- **Reiligí - nuashonrú ar thuarascáil ar Oibreacha Feabhsúcháin agus Deontas na Reiligí**
- **Comhairliúchán Poiblí maidir le Clár Monatóireachta Cháilíocht Aeir Chomhthimpeallaigh 2017-2022**
- **Plean Gníomhaíochta Fuinnimh Inmharthana**
- **Bainistíocht Dramhaíola do Líonta Tí - Nuashonrú ar an Fhorbairt is Déanaí**

Ceantar Bardasach Chaisleán an Chomhair

Líon na gCruinnithe a Tionóladh: 15

Príomh-shaincheisteanna a pléadh/a cinneadh

- **Cathaoirleach agus Leas Cathaoirleach a thoghadh**
- **Leithdháileadh Ginearálta Bardasach agus Leithdháileadh Ilbhliantúil**
- **Glacadh le Dréacht-Sceideal Oibreacha Bardasacha lena n-áirítear Dréacht-Scéim Oibreacha Bóthair**
- **Buiséad 2017**
- **Stádas tógáil i gcúram fhorbairt thithíochta**
- **Scéim Cheannaigh Incrimintigh na dTionóntaí**
- **Soilsiú Poiblí**
- **Láithreáin Thréigthe**
- **Ionaid Fág Anseo**
- **Maoiniú Drochaimsire**
- **Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais**
- **Beartas um Chomharthaíocht Shealadach**
- **Straitéis Tithíochta 2015 - 2017**
- **Nuachtlitir Bainistíocht Pobail agus Eastát**
- **Rannpháirtíocht an Phobail sa Scéim Oibreacha Bóthair**
- **Líonra Rannpháirtíochta Poiblí**
- **Roinn na bPáirceanna - Réimsí Freagrachta**
- **Gearradh Fál agus Crainn Chontúirteacha**
- **Clár na nOibreacha Bóthair - Tuarascálacha ar Dhul chun Cinn agus Saincheisteanna Bóthair**
- **Próiseas díolúine le leanúint ar aghaidh le málaí réamhíoctha bruscair agus athchúrsála do líonta tí in 2017**
- **An Clár CLAR 2017 (Ceantair Laga Ard-Riachtanais)**

- **Scéim Deisiúcháin Léasa**
- **An Clár Cothabhála Geimhridh**
- **Scéim Tairsí**
- **Oifig Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúla (LAWCO)**
- **Ainmniúchán ar Choiste Ainmniú Struchtúr**
- **Plean Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair**
- **Uasghrádú ar Bhonneagar Fuíolluisce do An Chloch / An Móinín Rua**
- **Scéim Uisce Tuaithe Ghabhalmhaí**

**Ceantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh**

Líon na gCruinnithe a Tionóladh: 15

**Príomh-shaincheisteanna a pléadh/a cinneadh**

- **Glacadh le Sceideal an nOibreacha Bardasacha**

- **Socruithe Cleamhnaithe le Malbork, an Pholainn agus Formigine, an Iodáil**
- **Scéim na nOibreacha Bóthair 2016**
- **Forbairt ag Faiche an Aonaigh, Callainn**
- **Maoiniú ar Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig, Cill Chainnigh**
- **Nochtadh Leacht Iománaíochta - Cathair Chill Chainnigh**
- **Bunú Coiste Stiúrtha Woodstock**
- **Tuarascálacha Ráithiúla Tithíochta agus Pleanála**
- **Athbhreithniú ar Chlár Luasteorainneacha Chomhairle Contae Chill Chainnigh**
- **Toghchán Méara agus Leas-Mhéara Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh**
- **Láthair do Chuimhneachán molta Chogadh Domhanda 1**
- **Athchóiriú Beartaithe Greensbridge, Cill Chainnigh**
- **Cur i láthair ó Chumainn Áitritheoirí, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus eagraíochtaí eile**
- **Scéimeanna Soilsiú Poiblí i gCeantair Tuaithe**
- **Plean Bainistíochta Tráchta - Cathair Chill Chainnigh**
- **Tuarascáil na mBailte Slachtmhara 2016.**
- **Fógairt bóthair ag Lána an Tobair, Gráig na Manach, mar Bhóthar Poiblí.**
- **Ainmniúchán ar Choiste Ainmniú Struchtúr**
- **Crios Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe - Maoiniú 2016**
- **Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile - Maoiniú 2016**
- **Glacadh le Dréacht-Phlean Buiséid 2017.**

Rinne na grúpaí seo a leanas cur i láthair ag na Cruinnithe i rith na bliana:

- **Coiste Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig**
- **Cur i Láthair ar r-Nuachtlitir Pobail**
- **Cumann Áitritheoirí Radharc na Faiche, Gráig na Manach.**
- **Cur i láthair ó Oifigeach Forbartha Rannpháirtíochta Poiblí**
- **Nuashonrú Taisteal níos Cliste - Oifigeach Taistil Ghníomhaigh**

## Imeachtaí Cathrach an Mhéara:

28 Márta, 2016: Ócáid Chomórtha 1916 i Halla an Chontae, Sráid Eoin, Cill Chainnigh Nochtadh an Fhorógra, Seirbhís Chuimhneacháin agus Searmanas Ardú Brait



3 Bealtaine, 2016: Léirbhreithniú an Aire ar Shaighdiúirí roimh imeacht chun na Liobáine.





19 Bealtaine, 2016: Leas-Mhéara - Oíche Bronnadh Deontais Ghradaim dóibh siúd a fuair Deontais Féilte agus Imeachtaí 2016.



20 Meitheamh 2016: toghchán an Mhéara an Clr:  Patrick O'Neill, Méara agus an Clr. Michael Doyle, Leas-Mhéara

14 Lúnasa, 2016: Seirbhís Chuimhneacháin, Cath an Somme, ag Teach na Cúirte, Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh.

**19 Lúnasa, 2016: Fáiltiú le haghaidh Cuairteoirí ó Thalamh an Éisc do 11ú Féile Thalamh an Éisc agus na hÉireann.**

1 Meán Fómhair, 2016: Fáiltiú Cathrach do Chór Mheánscoil na Toirbheartha agus dá Stiúrthóir, Veronica McCarron.



6 Meán Fómhair, 2016: Fáiltiú Cathrach d'Fhoireann Iománaíochta Sinsir Chill Chainnigh, ag Páirc Uí Nualláin, Cill Chainnigh.



29 Meán Fómhair, 2016: Fáiltiú do Chuairteoirí Idirnáisiúnta chuig Muilte Connollys Red.

28 Deireadh Fómhair, 2016: Síniú Chomhaontú réamh-Chleamhnais le Malbork, An Pholainn, i Halla na Cathrach.



26 Samhain, 2016: Lasadh Soilse na Nollag i gCathair Chill Chainnigh.

**Ceantar Bardasach Bhaile an Phoill**

**Líon na gcruinnithe a tionóladh: 24 lena n-áirítear comhchruinnithe le:**

**Ceantar Bardasach Ros Mhic Thriúin: 1**

**Ceantar Bardasach Phort Láirge: 3**

**Ceantar Bardasach Charraig na Siúire: 2**

**Achoimre ar shaincheisteanna a pléadh agus a cinneadh i rith na bliana 2016:-**

- Clár Oibreacha Bóithre, Saincheisteanna Chothabháil Gheimhridh agus Bhóithre
- Plean Feabhsúchán Athchóirithe 2016-2018
- Tuilte i nDeisceart Chill Chainnigh
- Maoiniú Éigeandála le haghaidh Tuilte
- Oibreacha Faoisimh Bóithre
- Leithdháileadh Ciste Áitiúil
- Sceideal agus Glacadh Oibreacha Cheantar Bhardasaigh
- Seachbhóthar N24 Baile an Phoill
- Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin
- Sábháilteacht ag Timpealláin agus Acomhail
- Áiseanna Coisithe ag Timpeallán Shliabh Rua
- Forbairtí Tithíochta/ Eastáit Neamhchríochnaithe/ Tógáil i gCúram
- Gan Dídean
- Clár Cóiríochta do Lucht Siúil
- Céim Cheannaigh Incrimintigh na dTionóntaí 2016
- Athbhreithniú ar Theorainn Phort Láirge
- An Glasbhealach idir Port Láirge agus Ros Mhic Thriúin
- Príomhchathair Cultúir na hEorpa 2020
- Ionad Siopadóireachta Phort an Chalaidh
- Plean Ceantair Áitiúil Phort an Chalaidh
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
- Faiche Imeartha Phort an Chalaidh
- Ainmniú Bonneagair
- Soláthar Soilsiú Poiblí
- Príomhphíopaí Uisce agus Scéimeanna Uisce

- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- Saoráidí Athchúrsála - An Ráth Nua agus Ros Bearrcon
- Bailiúcháin Málaí Dubha
- Bruscar ar Bhealaí Náisiúnta
- An Cnoc Rua / Áth Eine - Moladh Tuirbíní Gaoithe
- Feabhsú Pháirc na Saileach
- Plean Taistil Gníomhach
- Cumarsáid le TII agus comhlachtaí fo-stáit eile
- Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais
- Comharthaíocht Luasteorainn agus Ceamaraí Luais
- Droichid Thar Bóithre
- Measúnú agus Bainistiú Baol Tuilte Abhantrach na Siúire
- Maoiniú CLÁR **(**Ceantair Laga Árd-Riachtanais)
- Acomhal agus Soilse Tráchta Bhóthar na Mainistreach
- Comharthaíocht ar N24, N25 agus M9
- Bainistíocht Tráchta
- Saincheisteanna Póilíneachta (Gardaí i láthair)
- Tiomáint ardluais i bhFiodh Dúin agus Sráidbhaile Ónainn
- Suirbhéanna Tráchta
- Saincheisteanna M9 ag An Garrán Darach, Muileann an Bhata
- Bus-stad - An Gleann Mór agus Ard Daire
- Reiligí
- Saincheisteanna Páirceála
- Rannpháirtíocht Pobail i Scéimeanna Oibreacha Bóthair agus Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla
- Tógáil i gCúram - Lána Uí Chonchúir agus Lána Chluain Connaidh
- Foireann
- Iar-Oifigí Comhairle ag an Ráth Nua
- Rabhaidh Chill Chainnigh
- Eas Pholl an Easa
- Truailliú Aeir
- Comharthaíocht Toghcháin
- Sráidbhaile Bhaile Róibín

## An Coiste Iniúchóireachta

**Fochoiste reachtúil den Chomhairle is ea an Coiste Iniúchóireachta. Cuireann an Coiste tuarascáil bhliantúil i dtoll a chéile don Chomhairle maidir lena hobair agus le rialuithe bainistíochta na Comhairle. Buaileann an coiste leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an gCeann Airgeadais ar a laghad uair sa bhliain agus leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil gach bliain. Breithnítear tuarascálacha airgeadais ag gach cruinniú.**

Tá dualgas ar an gCoiste Iniúchóireachta athbhreithniú a dhéanamh, i dteannta an lucht bainistíochta agus an iniúchóra inmheánaigh ar an gcairt, gníomhaíochtaí, soláthar foirne agus struchtúr eagraíochta na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, de réir na gcaighdeán ábhartha gairmiúla agus aon mholtaí a thabhairt ar aird an Phríomhfheidhmeannaigh. Ní mór don Choiste Iniúchóireachta an

plean iniúchóireachta a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm, athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchóireachta, torthaí agus moltaí agus freagairtí bainistíochta. Bronnann an mhaoirseacht seo a dhéanann an Coiste Iniúchóireachta breis tábhachta ar fheidhm Rialachais Chorparáidigh Iniúchóireacht Inmheánach.

Líon na gCruinnithe a Tionóladh: 2

Na Príomh-shaincheisteanna a breithníodh

- **Íocaíochta Cúnamh Tithíochta**
- **Rialaithe Baincéireachta Baincéireacht Idirlín**
- **Clár Eitice**
- **Aisghabhálacha Uisce Éireann**
- **Cur i láthair ó na Stiúrthóirí Seirbhísí maidir lena réimsí freagrachta lena n-áirítear rioscaí a shainaithint agus a mhaolú.**
- **Cur i láthair maidir le Clár Rioscaí na Comhairle**

## Comhchoiste Póilíneachta.

**Líon na gCruinnithe a Tionóladh: 2**

**Na Príomh-shaincheisteanna a breithníodh**

- **Ordlathas na bpleananna a bhíonn le plé ag an gComhchoiste Póilíneachta**
- **Straitéis Sábháilteachta Bóthar**
- **Athbhreithniú ar Luasteorainneacha an Chontae**
- **An tÚdarás Póilíneachta - Aighneachta don Dréacht-ráiteas Straitéise**
- **Cur i láthair ó Colin Keating, Comhordaitheoir Fheidhmeannas na Seirbhísí Sláinte Seirbhísí Mí-úsáid Substaintí**
- **Cur i láthair ó Tom King, Oifig Idirchaidreamh le Tionóntaí, Comhairle Contae Chill Chainnigh**
- **An Plean Póilíneachta**

**-----------------------------------------------------------------------------------------------------------**

# 2

# Seirbhísí

## 2.1 Bóithre, Iompar, Páirceanna, Pleanáil Dóiteáin agus Éigeandála agus Seirbhísí Corparáideacha

### Seirbhísí atá á soláthar faoin Stiúrthóireacht seo:

Seirbhísí Corparáideacha, (lena n-áirítear freagairt Choimisiún na Teorann), tacaíocht do Chomhaltaí Tofa, agus tacaíocht riaracháin do Chruinnithe na Comhairle agus dá Coistí ina measc

Bóithre agus Iompar

Sábháilteacht ar Bhóithre

Páirceanna agus Conláiste

An tSeirbhís Dóiteáin

Bainistíocht Éigeandála

Cosaint Shibhialta

Acmhainní Daonna

Sláinte agus Sábháilteacht

Iniúchóireacht Inmheánach

Teicneolaíocht Faisnéise

Seirbhísí Corparáideacha

**Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha freagrach as soláthar agus bainistíocht réimse an- fhairsing seirbhísí, lena n-áirítear tacaíocht agus riarachán Comhaltaí Tofa, cruinnithe na Comhairle Contae, Bainistíocht Foirgneamh agus Áiseanna, Clár na dToghthóirí agus na nÁrachas. Tá achoimre ar fhreagra na Comhairle ar Choiste Teorann Phort Láirge san áireamh faoin teideal seo.**

**<u>Choiste Teorann Phort Láirge</u>**

**Tar éis don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Coiste Teorann Phort Láirge a bhunú i mí Mheithimh 2015, bhunaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh Grúpa Stiúrtha le freagra Chill Chainnigh a threorú. Tháinig an coiste seo le chéile roinnt uaireanta in 2015 agus arís in 2016 le haighneacht Chomhairle Contae Chill Chainnigh ar phróiseas an Athbhreithnithe a ullmhú.**

**Thosaigh an tréimhse comhairliúcháin poiblí i mí na Samhna 2015 agus dúnadh é ar an Aoine, 15 Eanáir. Chuir an pobal i gCill Chainnigh an-spéis sa phróiseas, rud ba léir sa chlúdach a rinne an preas áitiúil agus an craoladh faoin Athbhreithniú Teorainn ar KCLR96FM ó Óstán an Rhu Glenn i Siabh Rua, Cill Chainnigh. Bhí níos mó ná 19,000 aighneacht phoiblí faighte faoin spriocdháta agus**

**cuireadh ar aghaidh iad chuig Rúnaireacht Choiste Teorann Phort Láirge i bPort Láirge ina dhiaidh sin.**

**D'athshann Comhairle Contae Chill Chainnigh a bpríomhphleanálaí go déanach in 2015 le dul ag obair go lánaimseartha ar aighneacht na Comhairle a ullmhú Rinne an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta, na Comhaltaí Tofa agus an fhoireann tacaíochta an-chuid oibre le haighneacht chuimsitheach a ullmhú ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh, agus seachadadh an aighneacht chuig Coiste Teorann Phort Láirge i mí Eanáir 2016. Nuair a foilsíodh aighneacht Chathair agus Chontae Phort Láirge chuig Coiste Teorann Phort Láirge, d'ullmhaigh an Grúpa Stiúrtha freagra mionsonraithe ar aighneacht Phort Láirge agus chuir an Cathaoirleach é seo chuig an gCoiste Athbhreithniú Teorainn le breithniú.**

**Fuair an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta iarratais eile faisnéise ón gCoiste Teorann i rith Feabhra agus Márta agus tugadh freagra orthu de réir amlínte an Choiste Teorann. Foilsíodh na haighneachtaí poiblí agus aighneachtaí Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar shuíomh gréasáin Athbhreithniú Teorann Phort Láirge www.waterfordboudaryreview.ie Luaitear ar an suíomh go raibh 19,131 aighneacht faighte ag Coiste Teorann Phort Láirge faoin spriocdháta, an 15ú Eanáir.**

**Bhuail an Coiste Teorann le Comhaltaí Tofa an Ghrúpa Stiúrtha ar an Aoine 11 Márta agus ansin leis an bhFoireann Shinsearach Bainistíochta. Tugadh freagra ar roinnt ceisteanna forlíontacha a fuarthas go luath in Aibreán 2016 faoi lár na míosa sin. I mí Bhealtaine 2016 chuir an Coiste Teorann in iúl do Chomhairle Contae Chill Chainnigh go raibh an obair ag dul ar aghaidh ar mholtaí an choiste agus bhíothas ag fanacht leo ar feadh na coda eile de 2016.**

**Foilsíodh Tuarascáil Choiste Athbhreithniú Teorann Phort Láirge don Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, dar dáta Nollaig 2016 faoi dheireadh ar an gCéadaoin 8 Feabhra 2017.**

Clár na dToghthóirí

**Foilsítear an Clár Bliantúil an 1 Feabhra gach bliain: is liosta é de gach duine 18 mbliana d'aois nó níos sine, a chónaíonn sa Stát, atá i dteideal vóta a chaitheamh i dToghcháin na Dála, Thionól na hEorpa, an Uachtaráin, Toghcháin Áitiúla agus i Reifrinn.**

**Tar éis don Aire glacadh le moltaí Choimisiún Teorann an Údaráis Áitiúil, cuireadh deireadh le Comhairle Buirge Chill Chainnigh agus laghdaíodh ballraíocht na Comhairle Contae ó 26 go dtí 24 comhalta, agus rinneadh na Toghcheantair a laghdú ó 5 cinn go dtí 4 cinn, ina bhfuil na 6 cheantar a leanas: Caisleán an Chomair, Cathair Chill Chainnigh Thoir, Cathair Chill Chainnigh Thiar, agus Baile an Phoill.**

**Clár na dToghthóirí:**

| Toghcheantar Áitiúil | Líon na dToghthóirí |
|---|---|
| Caisleán an Chomair | 18,174 |
| Cathair Chill Chainnigh Thiar | 17,516 |
| Cathair Chill Chainnigh Thoir | 18,145 |
| Baile an Phoill | 18,038 |
| Iomlán | 71,873 |

**Tá fáil ar an gClár in Oifigí Poist, i Leabharlanna agus i Stáisiúin Ghardaí le deis a thabhairt do dhaoine a sheiceáil cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad san áireamh ar an gclár.**

**Tá láithreán gréasáin ar fáil don chuspóir seo, chomh maith www.checktheregister.ie**

Cumarsáid agus na Meáin Shóisialta

Cuireann an Chomhairle a teachtaireacht in iúl trí roinnt asraonta, ina measc nuachtáin, an raidió agus na meáin shóisialta. Tá na Meáin Shóisialta ag fás mar mhodh cumarsáide de chuid na Comhairle.

Tá 15 láthair gréasáin faoi bhainistiú ag an gComhairle, chomh maith le maoirsiú a dhéanamh ar láithreacha agus seirbhísí a chuirtear ar fáil ón taobh amuigh.

Bhí líon carntha na n-amharc leathanaigh ar láithreacha gréasáin an Comhairle cothrom le 2,492,663 in 2016.

Tá 24,531 leantóir ar chuntais Facebook na Comhairle, méadú 36% ar fhigiúr 2016, 18,017.

Tá 19,996 leantóir ar chuntais Twitter na Comhairle, méadú 16% ar fhigiúr 2016, 17,230.

Miondealú ar ghníomhaíocht:

| **Suímh Ghréasáin/Amais** | |
|---|---|
| **kilkennycoco.ie** | **1,108,658** |
| **visitkilkenny.ie** | **1,032,563** |
| **kilkenny.ie** | **155,373** |
| **kilkennylibrary.ie** | **122,892** |
| **kilkennycity.ie** | **37,653** |
| **kilkennyheritage.ie** | **15,470** |
| **investkilkenny.ie** | **9,131** |

| | |
|---|---|
| **kilkennyagefriendlycounty.ie** | **4,486** |
| **kmhp.ie** | **5,202** |
| **rhymerag.net** | **1,235** |
| | **2,492,663** |

| **Facebook** | **leantóirí/toghanna** |
|---|---|
| **Turasóireacht** | **20,000** |
| **Príomhleathanach Comhairle Contae** | **1,695** |
| **kilkennyheritage.ie** | **2,150** |
| **Feasacht Chomhshaoil** | **282** |
| **Invest Kilkenny** | **222** |
| **Dunmore Recycling** | **182** |
| | **24,531** |

| **Twitter** | |
|---|---|
| **Cill Chainnigh** | **6,754** |
| **Visit Kilkenny** | **4,731** |
| **Kilkenny Notices** | **3,358** |
| **Kilkenny Arts Office** | **2,132** |
| **Invest Kilkenny** | **1,630** |
| **Kilkenny Library** | **1,391** |
| | **19,996** |

**Bizlocator**

Tá bothanna Turasóireachta Bizlocator, le páirtmhaoiniú ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh, suiteáilte ag ionaid éagsúla ar fud Chill Chainnigh. Cuideachta faoi úinéireacht phríobháideach i gCill Chainnigh is ea Bizlocator, aip le feidhm turasóireachta. Úsáideann cuairteoirí an aip le faisnéis a fháil faoi ionaid turasóireachta ar fud Chill Chainnigh. Bíonn na bothanna suite i bhforhallaí óstáin de ghnáth, ach tá siad in ionaid ar nós Mainistir Sheireapúin, an Watershed, agus Diméin Chaisleán an Chomair.

In 2016 fuair aip Bizlocator 410,414 cuairt/úsáid.

**Rabhaidh Chill Chainnigh**

Cuireann Comhairle Contae Chill Chainnigh seirbhís rabhaidh téacs agus ríomhphoist ar fáil saor in aisce a thugann rabhadh do chustaiméirí cláraithe faoi bhriseadh seirbhíse Uisce, Iarratais Phleanála, Dúnadh Bóithre, teagmhais Tuile agus teagmhais Drochaimsire. Le clárú ag http://alerts.kilkennycoco.ie ní mór d'úsáideoirí a n-uimhir shoghluaiste, a ríomhsheoladh, a seoladh baile agus a láthair oibre a thabhairt. Seachadtar

na rabhaidh atá ábhartha don úsáideoir ansin trí Rabhaidh Chill Chainnigh.

Tá beagnach 1,500 úsáideoir cláraithe ag Rabhaidh Chill Chainnigh agus ó seoladh é i mí Bhealtaine 2016 eisíodh os cionn 230 rabhadh.

# Bóithre agus Iompar

**<u>Clár Feabhsúcháin agus Cothabhála Bóithre Neamhnáisiúnta 2016</u>**

**Faoin gclár seo rinneadh atógáil ar 43km de bhóithre neamhnáisiúnta ar fud an chontae agus ar 15 km eile faoi Leithdháiltí Drochaimsire agus Feabhsúcháin Lánroghnacha, le 58km san iomlán atógtha in 2016.**

**Ar an gcuma chéanna, faoin gClár Cothabhála Bóithre Neamhnáisiúnta, rinneadh cóiriú dromchla ar thart ar 54 ciliméadar den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta i rith 2015.**

Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar timpeall 9.0km de líonra na mBóithre Náisiúnta trí thionscadail athchóirithe/atógála. Bhí na tionscadail seo ar an N78 An Dún Mór Thoir go Baile an Choirbéadaigh, Baile an Daiméaraigh Thiar go Baile an Chomaigh, An Chearnóg, Caisleán an Chomair, an N17 ag Conachadh agus an N76 ag Cill Bhríde. Ina theannta sin, tugadh roinnt tionscadail éagsúla eile draenála, mharcála bóthair agus línithe comharthaíochta chun críche ar fud an Ghréasáin Náisiúnta.
Nuair a ghlac na Comhaltaí Tofa le Scéim Oibreacha Bóthar Chontae Chill Chainnigh i mí Mhárta 2016 bhí luach iomlán de €22,443,046 ag na Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsúcháin. Sa bhreis ar na méideanna a bhí faofa i Scéim Oibreacha Bóthar 2016, fuair Comhairle Contae Chill Chainnigh €0.5 milliún breise le haghaidh oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar an Líonra Náisiúnta agus Neamh-Náisiúnta.

**<u>Tionscadail Chaipitil agus Feabhsúcháin Bhóithre</u>**

**Mórthionscadail**

***a) Seachbhóthar N25 Ros Mhic Thriúin***
Thosaigh na hoibreacha ar an láthair i mí Feabhra 2016. Foilsítear nuachtlitreacha ráithiúla agus déantar iad a dháileadh go forleathan i bhfoirgnimh phoiblí agus i saoráidí áitiúla agus tá láthair gréasáin ar leith bunaithe www.n25newross.ie le nuashonrú a dhéanamh ar dhul chun cinn chomh maith le faisnéis faoi bhainistíocht tráchta agus oibreacha bóthair a thabhairt.



**Droichead Bhearú - Ceantar Sealadach Oibre Neamhscagach do Chéibh 4**




**Oibreacha Pílí ag Céibh 3 ag Pink Rock.**

Táthar ag súil go mbeidh an tionscadal seo críochnaithe agus oscailte don phobal sa chéad ráithe de 2019.

**Clár Feabhsúcháin Pábhála agus Mionoibreacha**

Faoin Chlár Feabhsúchán Pábhála agus Mionoibreacha, á mhaoiniú ag Bonneagar Iompar Éireann, tá dul chun cinn mór déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh maidir leo seo a leanas:

***a) Scéim Feabhsúchán Pábhála N78: 6.7km***

Bhí dhá roinn éagsúla den charrbhealach ar an N78 i gceist leis an tionscadal seo.

N78 An Dún Mór Thoir go Baile an Choirbéadaigh. 4.85km de phábháil struchtúrtha ar an N78 ó díreach taobh ó thuaidh de Chrois Hennebry go pointe taobh ó dheas den Cave Bar.

-N78 Baile an Daiméaraigh Thiar go Baile an Chomaigh. Forleagan pábhála de 1.85km ó Bhaile an Daiméaraigh Thiar go pointe díreach ó thuaidh ó dhroichead Abhainn an Dinín agus díreach ó dheas de Chaisleán an Chomair.

Cuireadh tús leis na hoibreacha go luath i mí Lúnasa agus críochnaíodh iad ag deireadh Mheán Fómhair 2016.

***b) Scéim Feabhsúchán Pábhála Chonachaidh N77: 1.6km***

Fuair an Chomhairle cead ó Bhonneagar Iompar Éireann cur leis an mbunscéim ó thuaidh i dtreo sráidbhaile Bhéal Átha Ragad i mí Bhealtaine 2016. Cuireadh oibreacha na scéime seo i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2016.

**c) *Athailíniú Bhóthar Challainn N76: 4.38km***

Síneann Scéim Athailíniú Bhóthar Challainn N76 ó Thimpeallán Bhóthar Challainn N76 ar an gCuarbhóthar, go Acomhal Bhaile an Bhrúnaigh. Tá an Scéim comhdhéanta de chasáin/rianta rothar, soilsiú poiblí agus ailíniú bóthair. Bronnadh an conradh i mí na Nollag 2016. Táthar ag súil leis na hoibreacha a thosú go luath in 2017 agus go mairfidh an conradh 18 mí.

***d) Scéim Mionoibreacha Feabhsúcháin Bhóthar Charraig na Siúire N24***

Síneann Scéim Feabhsúchán Bóthair Charraig na Siúire ó na teorainneacha luais i Sráidbhaile Mhóin Choinn go tús Scéim Bhaile an Phoill 2+1 ag Cluain Mhór. Déanfar leathnú agus athailíniú ar an mbóthar le linn na scéime. Déanfar Tuarascáil Réamhluachála go luath in 2017 don scéim seo agus cuirfear faoi bhráid Bhonneagar Iompar Éireann é mar iarratas leis an tionscadal seo a chur chun cinn.

***e) Scéim Dromchla Shráidbhaile Chaisleán an Chomair N78***

Bronnadh an conradh tairisceana dó seo i mí Dheireadh Fómhair 2016. Rinneadh athdhromchlú ar an Chearnóg ón trasrian coisithe ar Shráid Chill Chainnigh go dtí an droichead thar an Dinín le linn na n-oibreacha seo. Rinneadh na hoibreacha istoíche leis an gcur isteach ar an phobal áitiúil agus ar thaistealaithe a íoslaghdú.

***f) N77 Scéim Mionoibreacha Bhéal Átha Ragad go Baile na Slí***

Sa chuid seo den N77 idir sráidbhaile Bhéal Átha Ragad agus Baile na Slí déanfar leathnú ar an charrbhealach atá ann cheana, cuirfear dromchla struchtúrach thar an phábháil, feabhsófar an draenáil, cuirfear teorainneacha cois bóthair siar, déanfar athruithe seirbhíse agus oibreacha gaolmhara eile. Rinneadh an obair phleanála agus deartha in 2016 agus ullmhófar réamhthuarascáil luachála in 2017 don scéim seo a chuirfear faoi bhráid Bonneagar Iompair Éireann (TII) le faomhadh.

**I measc Scéimeanna tábhachtacha Feabhsú Bonneagair eile a cuireadh chun cinn le linn 2016 bhí:**

***a) Scéim Lár-Rochtana Chill Chainnigh***

Bhí an chéad chéim den scéim, tógáil Droichead Scéim Lár-Rochtana thar an Fheoir den chuid is mó, críochnaithe go substaintiúil ag an gconraitheoir ceaptha i mí Iúil 2016.

I gCéim a dó den scéim tá soláthar déanta le bóthar a thógáil don Scéim Lár-Rochtana ón taobh thiar den droichead nua go Plás Chainnigh, agus ón taobh thoir den droichead go Bóthar Chaisleán an Chomair, lena n-áirítear Bóthar Chaisleán an Chomair mar atá a leathnú, agus leagan amach nua a chur ar an timpeallán atá ar an mBóthar Nua cheana. Thosaigh conraitheoir Chéim 2 ar oibreacha ar an láthair i mí Mhárta 2016, agus táthar ag súil go mbeidh oibreacha Céime a dó go léir críochnaithe i mí Mhárta 2017.

Cuireadh conradh ar leith do shoilsiú an droichid amach faoi thairiscint go déanach in 2016. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha soilsithe críochnaithe ag an am céanna le hoibreacha Chéim 2; agus dá réir sin go mbeidh an scéim críochnaithe go hiomlán agus oscailte don trácht i mí Bhealtaine 2017.

***b) Scéim Bonneagar Bóthair Purláin an Iarthair***

Baineann na príomhghnéithe seo a leanas leis an mbonneagar bóthair atá ag teastáil leis an mbac a bhaint amach ionas gur féidir Purlán Iarthar Chathar Chill Chainnigh a fhorbairt:-

a) **Timpeallán a thógáil ar an N76 Bóthar Challainn ag crosbhealach an dáilbhóthair Purláin Thiar atá beartaithe.**
b) **Dáilbhóthar an Phurláin Thiar, ag nascadh an N76 leis an gCuarbhóthar atá anois ag acomhal Cnoc Riobaird agus uasghrádú an Chuarbhóthar ó Chnoc Riobaird go Bóthar Chill Mhanach R695.**
c) **Timpeallán a thógáil ar an R695 Bóthar Chill Mhanach ag an gcrosbhealach atá beartaithe le dáilbhóthair an Phurláin Thiar atá beartaithe.**
d) **Uasghrádú Bóthar Chill Mhanach R695 ón gcrosbhealach le dáilbhóthar an Phurláin Thiar go críoch iarthuaiceart lorg an Phurláin Thiar.**

**Fuarthas cead pleanála don scéim seo, faoi Chuid 8 in 2005. Dheimhnigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh i mí Mheithimh 2007.**

**I mí Dheireadh Fómhair 2016, chuir an Chomhairle iarratas chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ar mhaoiniú don mbóthar seo. Cuireadh an t-iarratas seo faoi bhráid faoi Chiste Gníomhú Bonneagar Áitiúil Tithíochta agus má éiríonn leis d'fhéadfaí 75% de chostas na scéime a leithdháileadh ar an gComhairle. Meastar go bhfuil seachadadh na scéime seo ríthábhachtach le brú a mhaolú ar an margadh tithíochta sa Chathair, rud atá riachtanach d'fhás**

**agus do rath leanúnach na cathrach agus do sheachadadh 2 iarbhunscoile. Táthar ag súil le cinneadh ar an iarratas seo go luath sa bhliain 2017.**

*c) Clár Sábháilteachta Ísealchostais Neamhnáisiúnta*

Tá an Clár Sábháilteachta Ísealchostais Neamhnáisiúnta dírithe ar láithreacha feadh an ghréasáin bhóithre neamhnáisiúnta a sainaithníodh mar chriosanna atá tugtha do thimpistí. I measc na n-oibreacha a rinneadh faoin gclár seo bhí líniú feabhsaithe acomhail agus spré léargais, ceansú tráchta, líniú feabhsaithe ar thaobh an bhóthair agus saoráidí trasnaithe do choisithe a shuiteáil laistigh de limistéir uirbeacha. Sa bhliain 2016 críochnaíodh sé scéim faoin gclár seo ar chostas €225,000.






*R703 Acomhal Mong - Roimhe  R703 Acomhal Mong - I nDiaidh*

<u>**Feabhsúcháin Chathair Chill Chainnigh 2016**</u>

**Míle Meánaoiseach Céimeanna 6 agus 7**

Cuireadh tús leis an chéim dheiridh den Mhíle Meánaoiseach i mí Aibreán agus i mí Mheán Fómhair 2016 le hathphábháil an limistéir lasmuigh de Bhanc na hÉireann agus ag Céimeanna Dobhair agus le tairseacha do choisithe ar an tSráid Ard. Baineadh amach bá lódála lasmuigh de Bhanc na hÉireann agus athlonnaíodh é, rinneadh ailíniú ar rampa ag cúinne Dhobhair agus cuireadh suíocháin nua lasmuigh de Bhanc na hÉireann.

Cuireadh trí thairseach nua coisithe ar fáil ar an tSráid Ard freisin ó Sr Shéamuis go cúinne Dobhair, sa tSráid ard lasmuigh den Tholsel agus ag Acomhail an Pharáid mar chuid de na hoibreacha seo.






**Athlonnú Cheann Naomh Chainnigh**
I gcomhar le céimeanna deiridh an Mhíle Mheánaoisigh, rinneadh athlonnú ar leacht cheann Naomh Cainnigh go dtí an limistéar pábháilte ag bun Chéimeanna Ardeaglais N. Cainnigh.



**Feabhsúcháin ar Shráid Bhailcín**
Mar chuid de chlár na mBóithre 2016, rinneadh ailíniú ar Shr. Bhailcín óna acomhal le Bóthar an Phríosúin go reilig Rioch. Baineadh an cosán ar thaobh na Claise agus tógadh cosán nua ar an taobh thoir, rinneadh athdhromchlú ar an mbóthar agus ar an líneáil agus cuireadh crosaire nua do choisithe ag reilig N. Rioch. Tugann na hoibreacha seo cosán sábháilte don phobal le siúl air agus cabhraigh sé le luasanna siúil a ísliú ar Shráid Bhailcín.



**Scéim Ceansú Tráchta Bothernatounish**
Críochnaíodh oibreacha ar acomhal Bothernatounish / Uachtar Rátha i mí Lúnasa 2016. Le linn na n-oibreacha tógadh timpeallán nua, lánaí Rothar agus cosáin, crosaire nua rialaithe do choisithe ar bhóthar Bothernatounish, athlonnú an chrosaire coisithe ar bhóthar Uachtar Rátha agus bearta ceansú tráchta éagsúla leis an acomhal an-ghnóthach seo a fheabhsú agus bearta sábháilteachta a fheabhsú do dhaltaí agus do rothaithe a fhreastalaíonn ar an Ghaelscoil agus ar Scoil na Toirbheartha, agus don phobal. Tá feabhas curtha ag an tionscadal ar shreabhadh tráchta agus tá luasanna laghdaithe ar an mbealach seo.

Cuireadh an tionscadal i gcrích le linn saoire an tsamhraidh agus osclaíodh an bóthar sular fhill na leanaí ar an scoil.





**Bóthar an Tuair**

Fuarthas maoiniú le haghaidh faoiseamh tuile agus bearta draenála i Ráithe 1 de 2016 mar ar tugadh faoi thionscadail éagsúla ar fud na cathrach, balla coinneála nua, geata tuilte, tógáil bóithre agus áiseanna snámha níos sábháilte ar bhóthar an Tuair cois abhainn na Feoire. Chosain an tionscadal €150,000 agus críochnaíodh é sa tríú ráithe de 2016. Cabhraigh an tionscadal seo leis an phobal áitiúil le linn míonna an gheimhridh le tuilte a chosc ar bhóthar nach bhféadfaí taisteal air, agus cuireadh feabhas freisin ar áiseanna snámha le linn míonna an tsamhraidh.






**Sábháilteacht ar Bhóithre**
Tá maoiniú leanúnach á dhéanamh ag an gComhairle ar an bhfeidhm seo trí fheasacht ar shábháilteacht bóithre, córas na maor scoile agus feachtais sábháilteachta.

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Plean Sábháilteachta Bóthair Chill Chainnigh 2015 go 2020 i mí Iúil 2015. Tá treoirphlean soiléir sa Phlean seo le dul chun cinn a dhéanamh maidir le sábháilteacht bóthair go dtí deireadh na bliana 2020. Tá sraith tionscadal agus gníomhartha sainithe mar bhuntaca don Phlean sna príómhréimsí idirghabhála, is iad sin, Innealtóireacht, Oideachas, Forfheidhmiú agus Rannpháirtíocht. Ar an iomlán, leagtar amach sa phlean 45 Tionscadal aonair le 54 Gníomh/Sprioc a bheidh ar siúl a fhad le 2020 agus tá na gníomhaireachtaí ceannais ábhartha ag obair lena seachadadh.

Leanfaidh Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Garda Síochána le comhoibriú le feabhsúcháin a chinntiú ar shábháilteacht ar bhóithre sa chontae.
Cuireadh Céim 2 de chlár na Comhairle le luasteorainn 30km/u a sholáthar in eastáit tithíochta i gcrích in 2016. Rinneadh soláthar sna hoibreacha leis an Luasteorainn 30km/u agus comharthaíocht an Chreasa Mhall a shuiteáil i limistéir chónaithe ar fud na Cathrach agus an Chontae.

**Soilsiú Poiblí**
Tá timpeall 10,000 solas poiblí á gcothabháil ag Comhairle Contae Chill Chainnigh. Gheobhaidh Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Cheatharlach le chéile conradh cothabhála in 2017 le 10,000 solas a chothabháil i gCill Chainnigh agus 6,200 solas i gCeatharlach. Glacfaidh sé seo áit an chonartha reatha áitiúil a théann in éag in 2017.

Ar an meán cosnaíonn gach solas poiblí €110 sa bhliain ó thaobh cothabhála agus oibriú. Leis an gconradh cothabhála ar scála laghdaithe táthar ag súil le gnóthais bheaga agus mheánmhéide a spreagadh isteach sa phróiseas tairisceana, rud a mhéadódh iomaíocht agus a d'fhéadfadh costais a laghdú do na hÚdaráis Áitiúla.

Tá Bogearra nua Bainistíocht Acmhainní "Deadsure" ceannaithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh lenar féidir leis an bhfoireann agus leis an phobal i gcoitinne lochtanna a thuairisciú agus córas bainistíochta agus tuairisceoireachta feabhsaithe a cheadú le haghaidh gach gné den stoc Soilsiú Poiblí.

Is é €1.13 milliún an t-ollchostas atá ar sholáthar soilsiú poiblí, 32% ar chothabháil agus 68% ar fhuinneamh. Fuarthas ioncam de €185,000 ó Bhonneagar Iompair Éireann ar son soilsiú poiblí in 2016 agus tháinig an chuid eile de na cistí a bhí ag teastáil ó acmhainní na Comhairle féin.

**Éifeachtúlacht Fuinnimh, Caomhnú Fuinnimh agus Athrú Aeráide**

I mí Aibreáin 2014 fuair Comhairle Chill Chainnigh ballraíocht sa tionscadal Conarthaí Feidhmíochta Fuinnimh Soilse Sráide le Fuinneamh Cliste (CFF). Tá sé d'aidhm ag an tionscadal CFF Soilsiú Sráide éileamh agus soláthar do thionscadail CFF a chruthú i 9 réigiún ar fud na hEorpa trí sheirbhísí áisithe CFF réigiúnacha a bhunú. Tá sé d'aidhm ag comhpháirtithe an tionscadail 36 tionscadal CFF Soilsiú Sráide a fhorfheidhmiú le linn saolré na scéime. Mar chomhpháirtí cathrach tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do thionscadal fíorshaoil CFF a sheachadadh le linn saolré an tionscadail seo.

Tá €1.13 milliún sa bhliain á leithdháileadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi láthair le soilsiú poiblí a chur ar fáil - €840,000 ar chostais fhuinnimh agus €290,000 ar chothabháil. Tá tomhaltas bliantúil de 5,300,000kWh fuinnimh ann le haghaidh soilsiú poiblí, idir stoc méadraithe agus neamh-mhéadraithe.

Sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Fuinnimh 2009-2020 leagtar síos sprioc de laghdú 33% i dtomhaltas fuinnimh don earnáil phoiblí faoin mbliain 2020. Aithníonn Comhairle Contae Chill Chainnigh an gá atá le tomhaltas fuinnimh ó shoilsiú neamhéifeachtúil sráide a laghdú mar chuspóir tábhachtach lenár spriocanna i leith éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Beidh airgead ag teastáil le gníomh a dhéanamh de réir na gcoincheapa atá againn le soilsiú sráide a chur chun cinn.

Moltar Tionscadal Píolótach a dhéanamh le haisfheistiú ar 1000 aonad soilsithe le teicneolaíocht nua LED. Is ionann é seo agus 10% de stoc soilsiú poiblí Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus tá sé dírithe den chuid is mó ar shoilsiú bhealaí tráchta ar bhóithre réigiúnacha agus ar roinnt eastát cónaitheacha.

Tá úsáid soilsiú LED á spreagadh ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i suiteálacha nua soilsiú poiblí agus in aisfheistithe. Chomh maith leis sin, moltar teicneolaíocht éifeachtúil ó thaobh fuinnimh a úsáid i bhforbairtí nua atá beartaithe sa Chontae.

**Páirceanna agus Caitheamh Aimsire**



Bunaíodh an Rannóg Páirceanna in 2004 chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chothabháil fóntais chaitheamh aimsire i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh. Ó bunaíodh an Rannóg, sholáthair an Rannóg Páirceanna réimse d'fhóntais ardchaighdeáin chaitheamh aimsire, lena n-áirítear faichí súgartha, páirceanna agus faichí spóirt atá ar fáil do dhaoine den uile aois lena n-úsáid. Tá an Rannóg Páirceanna freagrach, chomh maith leis sin, as forbairtí, bainistíocht cuairteoirí agus cothabháil leanúnacha Ghairdíní agus Chrannlann Chluain Dúin in Inis Tíog.

Is iad seo a leanas na croísheirbhísí a bhfuil an Rannóg Páirceanna freagrach astu:-

**Forbairt agus cothabháil faichí súgartha**

Tá 236 faiche súgartha ann faoi láthair timpeall an chontae agus ceann eile tar éis ardchéim phleanála a bhaint amach a chuirfear i gcrích in 2017. Forbraíodh na háiseanna súgartha seo i gcomhar le pobail áitiúla agus déantar go leor díobh a chothabháil le cúnamh ó phobail áitiúla agus ó scéimeanna fostaíochta pobail áitiúla. Déanann ár gcigire gach faiche súgartha a scrúdú gach seachtain chun aon fhadhbanna féideartha sábháilteachta a shainaithint, agus glantar iad chomh maith gach seachtain nó níos minice ná sin, nuair is gá, le cinntiú go mbíonn siad sábháilte agus glan d'úsáid na leanaí.



**Faiche Súgartha Choill an Chip**

**Forbairt agus cothabháil Páirceanna**

Tá an Rannóg Páirceanna freagrach as forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar pháirceanna sa chathair agus sa chontae. Is iad Páirc Líneach Abhainn na Feoire, anuas ar Riasc na Páirce Nua agus Páirc Chomharsanacht Gharraí an Chrainn Diméin an Easpaig a forbraíodh le déanaí, na príomhpháirceanna cathrach. Soláthraíonn na páirceanna réimse fóntas, idir éighníomhach agus ghníomhacha, d'fhonn go mbainfeadh daoine taitneamh astu. Déanann criúnna pioctha bruscair na páirceanna seo a chothabháil agus a ghlanadh gach seachtain agus baintear an féar go rialta sa séasúr fáis. Déantar saoráidí sna páirceanna, ar nós faichí súgartha agus trealamh aclaíochta a chothabháil agus cuirtear leo go rialta. In 2016 tosaíodh an obair le páirc chomharsanachta a fhorbairt do Phort an Chalaidh i gceantar Aylesbury. Tá sé beartaithe í a sheachadadh in 2017 tar éis comhairliúcháin poiblí leis na háitritheoirí.



**Radharc ar Chlárchosán an Leacain, le nasc chuig Cosán Coisithe nua Osraí.**

**Forbairt agus cothabháil Faichí Imeartha**

Feidhmíonn an Rannóg Páirceanna saoráid léasú faichí ar fhaichí éagsúla sa chathair agus mórthimpeall uirthi. Cuirtear na faichí seo amach ar léas chuig clubanna le haghaidh traenála agus cluichí. Tá roinnt páirceanna beaga imeartha uile-aimsire againn freisin a bhfuil an-tóir orthu atá saor le húsáid ag tráth ar bith ag an bPáirc Nua, Garraí an Chrainn agus Diméin an Easpaig.

**Tionscadal Gairdíní Chluain Dúin**

Ó rinneadh na gairdíní stairiúla Victeoiriacha ag Cluain Dúin a athchóiriú le roinnt blianta anuas, rinneadh ceann scríbe mór do thurasóirí astu san oirdheisceart agus meallann siad anois thart ar 35,000 cuairteoir sa bhliain. Leanann foireann na páirce le himeachtaí a eagrú, a fhógairt agus cuairteoirí go dtí na gairdíní a bhainistiú, agus cothabháil d'ardchaighdeán a dhéanamh. D'óstáil foireann na ngairdíní Scoil Foraoise an-rathúil sna gairdíní in 2016 chomh maith le himeachtaí ar nós treodóireachta, siúlóidí foráiste, Siúlóidí Operation Transformation agus imeachtaí teaghlaigh eile don tSeachtain Oidhreachta. Tá tóir ar Chluain Dúin le haghaidh searmanas sibhialta agus in 2016 d'óstáil Cluain Dúin bainiseacha éagsúla do lánúin dá lá mór.



*Tá seomra tae i nGrianán Turner i gCluain Dúin agus is ann a bhíonn fáiltiú bainise ag mórán lánún.*

**Riarachán na nDeontas Conláiste**
Rinne rannóg na bPáirceanna scéim na ndeontas conláiste, atá ar fáil d'eagraíochtaí deonacha pobail lena gconláistí áitiúla a fheabhsú nó a chothabháil, a riaradh. Fuair níos mó ná céad fiche grúpa cúnamh deontais in 2016.

**Rialú Speiceas Ionracha**
Tugann an Rannóg Páirceanna faoi leathadh speiceas ionracha a chosc ar thailte poiblí ar fud an chontae. Tá clár díothaithe Feabhrán Capaill ar bun go fóill i gCill Mhic Bhúith agus i gCill Chainnigh, tá iarrachtaí á ndéanamh go fóill chun speicis ionracha a dhíothú feadh na Feoire, go háirithe feadh Shiúlán na Leacan agus Shiúlán na Canála i gcomhar le ‘Coimeád Cill Chainnigh Álainn’ (‘Keep Kilkenny Beautiful’).



**Ionsaí ar an bhFeabhrán Capaill i gCill Mhic Bhúith**

**Tionscadail Chaipitil Spóirt**

D’éirigh le hiarratas An Rannóg Páirceanna ar thrí dheontas chun trealamh d’ionad aclaíochta taobh amuigh a sholáthar ag láithreacha ar fud na cathrach  Tá an-tóir ar an trealamh aclaíochta seo, go háirithe nuair a bhíonn siad suite in aice le saoráidí atá ann cheana féin.  Tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt faoin gClár Caipitil Spóir leathnófar na hionaid ghleacaíochta allamuigh amach go luath in 2017 ag Gleann Pococke, Páirc an Locha Bhuí, agus Céide Cois Abhann (Páirc Líneach Ghleann na Feoire)



Trealamh aclaíochta allamuigh i bPáirc Líneach Ghleann na Feoire

**Plandú Inbhuanaithe**

Tá an Rannóg Páirceanna dírithe ar phlandú inbhuanaithe d'fhonn an bhithéagsúlacht a bhreisiú i gceantair uirbeacha. Bhí an tionscadal le plandaí ilbhliantúla bláthaithe ar chur ar an timpeallán a fhreastalaíonn ar nascbhóthar an mhótarbhealaigh le feithidí agus féileacáin a mhealladh ar cheann de na tionscadail seo. Chruthaigh an scéim plandaithe radharc dathannach ar an mbealach isteach i gcathair Chill Chainnigh i samhradh na bliana 2016 agus beidh sé ag bláthú gach bliain. Bhí téama an phlandaithe dírithe ar scéim dathanna dubh agus ómra.



**Timpeallán an nascbhóthair faoi bhláth.**

**Tionscal Pailneora ag Baois Uí Nuanáin**

Is é Tacú le Feithidí Pailnithe buntéama Phlandú an Ghairdín Síochána a rinne an Rannóg Páirceanna in earrach na bliana 2016 le cabhair ó fhoireann nua oibrithe faoin scéim Tairsí. Dearadh an cur ag an láthair seo le pailin agus neachtar a sholáthar ó thráth luath san earrach ar aghaidh agus go mbeidh roinnt bleibeanna ag bláthú ó Fheabhra go Meitheamh. Tiocfaidh bláth ar an phlandú agus soláthróidh sé acmhainn dhlúth d'fheithidí.

**Na Seirbhísí Dóiteáin**

Is iad príomhfheidhmeanna Sheirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal chun iad a chur ar an eolas agus chun oideachas a chur ar shaoránaigh ar conas riosca dóiteáin agus éigeandálaí eile a laghdú, tionchar a imirt ar an timpeallacht thógtha agus í a rialú chun daoine óga, maoin agus an timpeallacht a chosaint, agus pleanáil agus ullmhú a dhéanamh le haghaidh éigeandálaí a d'fhéadfadh tarlú, agus freagairt ardchaighdeáin, éifeachtach agus athléimneach a sholáthar dóibh.

**Tionscadail Chaipitil**

- **Ceannaíodh Tancaer uisce athláimhe do Stáisiún Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh.**
- **Rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil tairiscintí le haghaidh stáisiún dóiteáin nua do Ghráig na Manach a mheas agus a fhaomhadh. Tá an obair le tosú go luath in 2017.**

**Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteáin**

- **Fuarthas 78 iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteáin in 2016. Phléigh an fhoireann cosc dóiteáin intí na hiarratais seo. Méadú a bhí ann ó 2015 nuair a fuarthas 65 iarratas.**

Acht na Seirbhísí Dóiteán

- **Rinne an fhoireann Chosc Dóiteáin a lán cuairteanna ar áitribh le comhairle phríobháideach a thabhairt agus leis an reachtaíocht a chur i bhfeidhm.**
- **Seirbheáladh 6 Fhógra um Shábháilteacht Dóiteáin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin in 2016.**
- **Seirbheáladh 1 Fhógra Dúnta faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin in 2016.**
- **Leanadh leis an gclár le díriú ar shábháilteacht dóiteáin i naíolanna agus i seirbhísí réamhscoile eile in 2016.**
- **Seiceáladh 540 hiodrant in 2016.**

**Sábháilteacht Dóiteáin Phobail**

D'eagraigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh Laethanta Oscailte sna Stáisiúin Dóiteáin go léir in 2016.

Déanfar feachtais theachtaireachtaí phoiblí a chothabháil le baill den phobal a spreagadh le rabhaidh deataigh a shuiteáil agus a rabhaidh deataigh a sheiceáil uair sa tseachtain le cinntiú go bhfuil siad ag obair - úsáid na meáin shóisialta, Twitter agus Facebook le linn Seachtain Shábháilteachta Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin um Nollaig in 2016.

Eagraíodh cainteanna le pobail éagsúla ar nós Grúpa Pobail Dhroichead Binéid, Club Béabhar Inis Tíog, Club Gníomhach Chaisleán an Chomair, Ionad Tarrthála na Páirce Nua, Club Cairde Chlárach, Lá Faiche

Mhuileann an Bhata, Lá Faiche Bhaile Mhic Andáin, Lá Faiche Áth Stúin, lá Faiche John Locke, Fóram na Seanóirí, MS Challainn, Pobalscoil na Mainistreach, Pobal Thobar Eoin, ICA Ghráig na Manach, Pobal an Dúin Mhóir, Club Cairdeas na mBan, Cill Chainnigh, Grúpa Aoisghníomhaíochta.

Críochnaíodh os cionn 60 Cuairt Sábháilteacht Dóiteáin i dtithe cónaithe, mar ar suiteáladh aláraim deataigh agus braiteoirí monocsaíd carbóin.
Tá Clár na mBunscoileanna á seachadadh go leanúnach ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chill Chainnigh ar fud na Cathrach agus an Chontae le cuairt ar níos mó ná 1300 leanbh bunscoile sa bhliain.

**Tiomsú Airgid Deonach**

Ghlac fir mhúchta dóiteáin agus pearsanra otharchairr páirt i mBailiú Carthanachta na Nollag atá anois ina imeacht bliantúil, agus tugadh na cistí a tiomsaíodh do Chiste Iontaobhais Michael Butler agus don scoil Mother of Fair Love. Bhailigh an lucht múchta dóiteáin cistí ag deireadh seachtaine Bainc na Bealtaine leis Dreapadh Dréimire Shliabh Everest. D'eagraigh an tSeirbhís Dóiteáin, i gcomhar leis An Garda Síochána agus an tSeirbhís Otharcharr a ndamhsa bliantúil "Blue Light" agus bhailigh siad airgead do charthanachtaí áitiúla eile.

**Bainistíocht Mór-Éigeandála**

- Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Bainistíocht Móréigeandála in 2016.
- Rinneadh athbhreithniú agus tástáil ar Transtock (Christendom, Port an Chalaidh) faoi Rialacháin Seveso in 2016.
- Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Freagartha Éigeandála Tuilte agus ar an bPlean Fíor-Dhrochaimsire (seachas tuilte) in 2016.




**Pearsanta ón Seirbhís Dóiteáin ag Fóram Bliantúil Chumann Aoischairdiúil Chill Chainnigh.**




**Cuairt Ógtheagmháil Chill Chainnigh ar Stáisiún Dóiteáin Chathair Chill Chainnigh**




**Comhairle faoi Shábháilteacht Dóiteáin do ICA Ghráig na Manach**



***Cur i láthair do fhionnóí fhear Chill Chainnigh Thomas Purcell (Príomhoifigeach Dóiteáin Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath 1916) ón gCathaoirleach Matt Doran ag Oíche Aitheantais na Seirbhíse Dóiteáin 1916-2016.***

# Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh

Eagraíocht bunaithe ar oibrithe deonacha é Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh a thacaíonn leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (Comhairlí Contae, na Gardaí agus FSS). le dul i ngleic le drochaimsir, tuilte, mórtheagmhais agus daoine atá ar iarraidh a log. Cabhraíonn sé leis na pobail áitiúla freisin in imeachtaí ar nó fáiltiú abhaile, ceolchoirmeacha agus féilte agus imeachtaí beaga áitiúla ar nós paráid agus imeachtaí spóirt.

Tá oibrithe deonacha ann ar ar cuireadh oiliúint i dTimpistí agus Éigeandáil, Cuardaigh agus Tarrtháil, Seirbhís Choimhdeach Dóiteáin, agus Leas agus Cumarsáid.

**Glaonna Amach**
Glaodh amach ar Chosaint Shibhialta Chill Chainnigh i rith 2016 le cúnamh a thabhairt le linn drochaimsire go luath sa bhliain.

**Imeachtaí Pobail**
I rith 2016 thug Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh cúnamh le 16 imeachtaí pobail ó chlúdach otharcharr d'imeachtaí eachaí, imeachtaí spóirt agus ceolchoirmeacha carthanachta. Cuireadh Bád Tarrthála ar fáil chomh maith le linn imeachtaí carthanachta ar na haibhneacha.

**Feithiclí agus Trealamh**

Fuair Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh maoiniú le haghaidh báid bhreise mar thaca don dá bhád inséidte righin atá in úsáid cheana againn. Fuair muid aonad Madra Cuardach Corpáin in 2016 chomh maith. Cabhróidh an madra go mór leis an aonad cuardaigh agus tarrthála.

**Oiliúint**
Eagraíonn Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh oiliúint inscileanna ina ionad oiliúna i gCathair Chill Chainnigh. Is iad seo a leanas na réimsí oiliúna a thugaimid dár ndeontóirí:

- **Taismí / Seirbhís Gharchabhrach**
- **Tarrtháil - Cuardach ar thír oscailte agus Cuardach agus Tarrtháil ar Abhainn**
- **Seirbhís Chúnta Dóiteáin agus Tuile**
- **Seirbhís Leasa**
- **Cumarsáid don Chosaint Shibhialta**

In 2015, bronnadh teastais ar 15 oibrí deonach a chríochnaigh cúrsaí mar a leanas:

- **Oibreoirí Raidió**
- **Oibreoirí Mótarbháid ar Leibhéil 1, 2 agus 3**
- **Chéad Fhreagróirí Cairdiacha agus Chéadfhreagróirí Éigeandála**
- **Teicneoir Swiftwater / Céadfhreagróir uisce tuile agus Feasacht Uisce**

In 2016, chuir Teagascóirí deonacha Chosaint Shibhialta oiliúint féintarrthála ar Uisce ar fáil do phearsanra na seirbhíse Dóiteáin.

**Ginearálta**

D'éirigh Ray Regan as mar Oifigeach Chosaint Shibhialta do Chill Chainnigh in 2016 agus ghlac Eileen Lanigan leis an bpost i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Ainmníodh Cosaint Shibhialta Chill Chainnigh le haghaidh gradaim ag Gradaim Phearsa na Bliana in 2016. Bronnadh an gradam 'Misneach' orthu ag an oíche bhronnta i mí na Samhna 2016.



*Mary Cody as an Kilkenny People ag bronnadh Gradam Misnigh ar*

*Eileen Lanigan Oifigeach Feidhmeach Chosaint Shibhialta.*

# Acmhainní Daonna

Bíonn an Rannóg Acmhainní Daonna ag déileáil leis na limistéir seo a leanas:

- **An Straitéis Acmhainní Daonna**
- **Pleanáil an Lucht Saothair**
- **Earcaíocht agus Roghnú**
- **Párolla agus Aoisliúntas**
- **Oiliúint agus Forbairt na bhFostaithe**
- **Bainistíocht Feidhmíochta**
- **Forbairt Ceannaireachta**
- **Comhionannas**
- **Bainistíocht Éagsúlachta**
- **Cothromaíocht Oibre is Saoil**
- **Caidreamh Tionsclaíoch**
- **Sláinte, Sábháilteacht agus Leas Fostaithe**

**Leibhéil Soláthair Foirne**
641 an líon foirne a bhí fostaithe ar an 31/12/2016 (Comhaireamh Cinn) nó 517.53 (Coibhéis Lánaimseartha).

**Seirbhís Chomhroinnte Párolla agus Aoisliúntais**

Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh párolla comhroinnte i bhfeidhm i mí Mhárta 2015. Tá an tseirbhís á soláthar ag My Pay, an Soláthraí Seirbhísí Comhroinnte Rialtais Áitiúil, óna oifigí i bPort Laoise, Contae Laoise. Ag leanúint ó chur i bhfeidhm Seirbhísí Comhroinnte Párolla, chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh tús le tionscadal Aoisliúntais agus aistreofar go dtí Seirbhís Chomhroinnte in 2018.

**Oiliúint agus Forbairt**
Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta na foirne uile laistigh d'Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh a chinntiú. Dírítear oiliúint, foghlaim agus forbairt ar chabhrú le fostaithe chun bheith níos éifeachtaí ina bpoist agus a gcumas a fhorbairt. Seachadadh clár cuimsitheach oiliúna in 2016.

**Bainistíocht Freastail**
Athbhreithníodh Beartas Bainistíochta Freastail na nEarnálacha Rialtais Áitiúil in 2013 agus tugadh scéimeanna athbhreithnithe pá breoiteachta don Earnáil. Tá leibhéil asláithreachta á mbainistiú de réir na mbeartas seo i gcónaí.

**Scéim Tairsí**
Bhí an Earnáil Rialtais Áitiúil tiomanta do 3,000 áit a sholáthar ar a Scéim Fostaíochta Sóisialta, dar teideal 'Tairseach' ('Gateway'). Cuireann Údaráis Áitiúla ar fud na tíre an Scéim Tairsí ar fáil agus tugann sí deis do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach obair ar feadh 19.5 uair an chloig sa tseachtain thar tréimhse 22 mí. Tá 71 socrúchán curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chill Chainnigh go dáta, tá a gconradh críochnaithe ag 39 díobh seo, agus d'fhág 13 díobh sin le fostaíochta a ghlacadh san earnáil phríobháideach nó le filleadh ar an oideachas. Tá 19 ar an Scéim faoi láthair. Chomh maith leis sin chuir an Chomhairle fostaíocht shealadach ar fáil do 13 duine nuair a bhí a gconarthaí Tairsí críochnaithe acu.

Bhí na rannpháirtithe fostaithe i réimse leathan oibre, lena n-áirítear ballaí agus cosáin a thógáil Tírdhreachú agus Cothabháil Crann, Slacht a chur ar bhóithre isteach i sráidbhailte, Cothabháil Reilige, Teicneolaíocht Faisnéise, margaíocht, cur chun cinn na Turasóireachta agus Riarachán.

**Fuair formhór na ndaoine taithí mhaith as an Scéim, d'fhoghlaim siad scileanna nua, rinne siad cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus teastais agus bhí siad ag obair mar chuid d'fhoireann nó leo féin ach faoi scáth Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus obair de cháilíocht mhaith á déanamh acu sa phobal.**

## Iniúchóireacht Inmheánach

**Feidhm neamhspleách bhreithmheasa atá in Iniúchóireacht Inmheánach a bhunaigh an Príomhfheidhmeannach ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar chórais rialaithe inmheánaigh mar sheirbhís don Chomhairle. Tá Iniúchóireacht Inmheánach freagrach as dearbhú a sholáthar don Phríomh Fheidhmeannach maidir le láithreacht, leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialaithe agus bhainistíochta riosca inmheánacha na Comhairle agus is gné riachtanach í de rialachas corparáideach agus de bhainistíocht riosca.**

- **Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí tuarascálacha agus nuashonruithe ar fáil don Phríomhfheidhmeannach maidir le hoibriú na rialuithe agus rioscaí a mhaolú sa Chomhairle.**

- **Déanann an Fhoireann Bainistíochta tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí a fhaomhadh agus a chur faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta na Comhairle Contae.**

- **in 2016 cuireadh tuarascálacha faoi bhráid maidir le hÍocaíocht Cúnamh Tithíochta, Rialuithe Baincéireachta, Baincéireacht Idirlín, Clár Eitice agus Aisghabhálacha Uisce Éireann. Rinneadh cur i láthair ó na Stiúrthóirí Seirbhísí maidir lena réimsí freagrachta lena n-áirítear rioscaí a shainaithint agus a mhaolú.**

- **Rinneadh nuashonrú ar Chlár Rioscaí na Comhairle le linn 2016 agus cuireadh é faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta.**

## 2.2 Pobal, Cultúr, Tithíocht agus Pleanáil

Seirbhísí atá á soláthar faoin Stiúrthóireacht seo:

- **Pleanáil don Todhchaí agus Rialú Pleanála**
- **Caomhnú**
- **Láithreáin Thréigthe**
- **Forbairt Pobail agus Bainistíocht Eastáit**
- **Ealaíona**
- **Oidhreacht**
- **Seirbhísí Leabharlainne**
- **Cóiríocht agus Tacaíochtaí Tithíochta**

**Pleanáil agus Forbairt**

Is é ról agus feidhm Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Chill Chainnigh beartas pleanála fisiceach an Chontae a dheimhniú, forbairt agus tógáil nua a rialú agus forbairt thionsclaíoch, tráchtála agus inmharthana chuí eile a chur chun cinn

**Pleanáil Chun Cinn**

- **Cuireadh an leasú ar Phlean Cheantar Áitiúil Challainn i gcrích.**
- **Lean an obair ar aghaidh ar athbhreithniú ar Phleananna Áitiúla Phort an Chalaidh/ Belview agus Chaisleán an Chomair. Rinneadh Comhairliúchán Poiblí i rith na bliana 2016.**
- **Athruithe ar Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach curtha i gcrích**
- **Tairiscintí eisithe le haghaidh chreat Dearadh Uirbeach do Cheathrú Chruthaitheach na Mainistreach**
- **Treoirlínte Dearadh Uirbeach do Bhóthar Hebron tosaithe**
- **Tús curtha le clár suíomh folmha do Mhuirear**
- **D'fhoilsigh an Príomhfheidhmeannach "Tuarascáil Dhá Bhliana ar dhul chun Cinn le cuspóirí an Phlean Forbartha a dheimhniú".**
- **Obair ar bheartas Comharthaíochta curtha chun cinn le ceardlann rathúil poiblí agus Bileog Faisnéise Pleanála maidir le Aghaidheanna Siopaí agus Comharthaí Fógraíochta cruthaithe.**

**Caomhnú**

- **Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh le córas comhairliúchán pleanála/comhairleach a sholáthar maidir le hoibreacha a dhéantar ar fhoirgnimh lena mbaineann tábhacht ailtireachta agus struchtúir chosanta i gContae Chill Chainnigh**

- **Íocadh €146,583.00 le tionscadail caomhnaithe i gContae Chill Chainnigh trí Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha agus Ciste na Struchtúr i mBaol, atá maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Ealaíona, Oidhreachta, Réigiúnach, Tuaithe agus Gaeltachta.**

**Ceathrú Chruthaitheach na Mainistreach**

- **Cuireadh an obair a tosaíodh ar dhíon Theach an Tae ar Ché Bateman i gcrích i mí na Nollag 2016.**

- **Daingníodh Túirín agus siúlóid bhalla Evans lena ndéanamh sábháilte**

**Rialú Forbartha**

- **Fuarthas 883 iarratas pleanála in 2016, méadú 6% ar fhigiúr 2015 de 833.**
- **Fuarthas €382,513 i dtáillí iarratas pleanála, méadú 33% ó 2015, €288,303.**
- **Fuarthas 297 Fógra Tosach Feidhme faoi na Rialacháin Tógála, méadú 36% ar fhigiúr 2015 de 218.**
- **Rinneadh cigireacht ar 54 forbairt faoi na Rialacháin Rialaithe Tógála.**
- **Leanann córas an Chlinic Pleanála ar aghaidh ag oibriú go rathúil i ngach ceann de na hOifigí Ceantair.**

**Ranníocaíochta Forbartha**
- Bailíodh €1.024 m san iomlán in 2016.

**Forfheidhmiú**
- Fuarthas 99 ngearán nua i rith na bliana 2016.
- D'eisigh an Chomhairle 74 litir rabhaidh i rith 2016.
- D'eisigh an Chomhairle 33 Fógra Forfheidhmithe i rith 2016.

**Eastáit Chónaitheacha**

- **Tógadh 17 Eastát Tithíochta i gcúram i rith 2016, ina raibh 866 teach.**
- **Críochnaíodh oibreacha leasúcháin ar 9 bhforbairt leis an tógáil i gcúram a luathú le cúnamh deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Fuarthas deontais de €229,900**
- **Gaireadh bannaí agus thángthas ar réiteach ar 5 fhorbairt chónaitheach le híocaíocht iomlán cistí de €800,000 le CC Chill Chainnigh. Déanfar oibreacha orthu seo i rith 2017. Lóisteáladh éilimh eile agus tá siad faoi chaibidil.**
- **Rinneadh monatóireacht ar gach láithreán neamhchríochnaithe tithíochta i leith oibreacha sábháilteachta agus rinneadh teagmháil le forbróirí sa chás gur theastaigh oibreacha leasúcháin.**
- **Is ionann líon na bhforbairtí neamhchríochnaithe i gCill Chainnigh ar an Suirbhé Náisiúnta agus 29.**

# Pobal agus Cultúr

**Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail**

- **Seoladh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail i mí Feabhra.**

- **D'óstáil Rannóg Pobail na Comhairle ceardlann i mí Aibreáin leis an 29 páirtí leasmhar a bhí páirteach i bhfeidhmiú an 89 gníomh i ngné an phobail den PÁEP do 2016/2017. Aontaíodh cur chuige feidhmithe leis na páirtithe leasmhara go léir**

## Coiste Forbartha Áitiúil Pobail Chill Chainnigh (CFPÁ)

Tugadh tacaíocht do sheacht gcruinniú den choiste, lena n-áirítear dhá cheardlann, trí fhaisnéis, cur i láthair agus díospóireacht le cabhrú leis an gcoiste cur chuige comhtháite tras-earnálach a fheidhmiú i leith na gclár forbartha áitiúla agus pobail.

Mórghnóthachain an CFPÁ in 2016:

- **Maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt ghné an phobail den CFPÁ leis na tuarascálacha tosaigh ar dhul chun cinn faoi bhráid i mí na Samhna. Bhí ráta freagartha 91% ann. Tá 30% de na gníomhartha a tuairiscíodh críochnaithe agus an chuid eile ag dul ar aghaidh fós. Ní raibh ach gníomh amháin ann nár cuireadh tús leis.**
- **Monatóireacht agus Maoirseacht ar Chlár Ghníomhachtú Cuimsiú Sóisialta Pobail do 2016.**
- **Straitéis Forbartha Áitiúil a fhorbairt do Chill Chainnigh (gan rath san iarratas náisiúnta)**
- **Ghlac páirt in dhá cheardlann le háisiú neamhspleách i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag ar son comhphleanála agus aontú conas a oibreoidh an coiste agus a dhéanfaidh sé a chuid oibre sa bhliain atá ag teacht.**

### Scéim Chaipitil Saoráidí Pobail agus Cultúrtha 2016

Fuarthas 20 iarratas agus d'éirigh le 8 dtionscadal maoiniú a fháil ón mbuiséad €250,000. Eisíodh conarthaí chuig gach iarratasóir rathúil agus tugadh fógra scríofa faoi thoradh a n-iarratas do na hiarratasóirí go léir.

| Ainm an Iarratasóra | Tuairisc an Tionscadail | Méid an Deontais |
|---|---|---|
| 1. **U-Casadh Ltd** | Fiontraíocht Shóisialta - Cistin Phobail a fhorbairt mar chuid de chur chuige 3 chéim chobhsaithe, oiliúna agus oideachais, agus fostaíocht agus fiontraíocht d'úsáideoirí na seirbhíse. | **€45,000** |
| 2. **Halla Pobail Chaisleán an Bhairínigh** | Uasghrádú ar an aonad le mol agus caife pobail a chruthú | **€10,000** |
| 3. **Halla Ghráig na Manach Teoranta** | Aghaidh Halla na Mainistreach a fhorbairt mar chonláiste tírdhreachtaithe d'fhonn an spáis foriomlán atá ar fáil i saoráid an halla a bhreisiú. | **€20,000** |

| | | |
|---|---|---|
| 4. **Halla Pobail Bhaile Oscail** | Síneadh ar an halla pobail atá ann | **€45,000** |
| 5. **CLG Mhóin Choinn** | Spás allamuigh a fhorbairt le haghaidh úsáid ilchuspóra pobail | **€45,000** |
| 6. **Halla Pobail Bhaile Mhic Andáin** | Obair ar limistéar balcóin an halla Ceolchoirme san ionad pobail. | **€45,000** |
| 7. **GLG N. Pádraig** | Obair ar rian siúil | **€19,000** |
| 8. **CLG An Róbhar Inis Tióg** | Forbairt ar rian siúil ag tailte an Róbhair | **€21,000** |

## Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

- **Ceapadh oibrí forbartha LRP i mí Iúil**
- **Méadú 13% ar Bhallraíocht an LRP**
- **Eagraíodh toghcháin rathúil san LRP agus beidh na hionadaithe nuathofa in oifig ar feadh dhá bhliain.**
- **Tá píosa taighde ar bun ag an LRP faoi láthair le deimhniú cad iad na baic rannpháirtíochta atá ann do na grúpaí is faide ó rannpháirtíocht sa phobal.**

## Ceardlanna Pobail

Fógraíodh Scéim Athnuachana nua Uirbí agus Sráidbhaile i dtreo dheireadh na bliana. Is í aidhm lárnach na scéime seo tacú le hathbheochan bailte agus sráidbhailte d'fhonn timpeallacht chónaithe agus oibre na bpobal a fheabhsú agus an cumas atá iontu tacú le gníomhaíocht bhreise eacnamaíochta amach anseo a mhéadú. Ghlac na hionadaithe tofa le ceithre bhaile/sráidbhaile le háireamh sa scéim - Baile Héil, Ceannanas, Baile an Phoill agus Áth na nUrlainn.

Cabhraíodh le ceardlanna pobail agus tugadh cúnamh do phobail lena n-iarratais a ullmhú don Scéim Athnuachana Uirbí agus Sráidbhailte. D'éirigh leis na hiarratais a cuireadh faoi bhráid agus cuirfear tús leis an obair sna ceithre láthair go luath in 2017.





## Gnóthachain Eile

Eagraíodh Lá Náisiúnta na mBan i mí Mhárta agus tugadh tacaíocht dó.







**Coiste Leanaí agus Daoine Óga Chill Chainnigh:**

Bunaíodh an Coiste Leanaí agus Daoine Óga i mí Aibreáin 2016. Is coiste ar leibhéal an chontae é seo a thugann na gníomhaireachtaí/eagraíochtaí neamhbhrabúis agus poiblí a thugann seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga ar fud chathair agus chontae Chill Chainnigh le chéile. Déanann TUSLA cathaoirleacht agus bíonn post an Leas-Chathaoirligh ag an gComhairle Contae. Is é ról Choiste na Leanaí agus Daoine óga comhoibriú idir gníomhaireachtaí a bhreisiú, soláthar seirbhísí áitiúla a fheabhsú agus tacú le leanaí agus daoine óga ina gceantar. Tá sé de shainordú ag an gCoiste Leanaí agus Daoine Óga torthaí a feabhsú do dhaoine óga idir 0 agus 24 bliana d'aois de réir Chreat Náisiúnta na hÉireann 'Torthaí níos Fearr, Todhchaí níos Gile' do Leanaí agus Daoine Óga.

## Comhairle na nÓg Cill Chainnigh

### Tionscadal Bhratach Meabhairshláinte na Scoileanna

Seoladh na tuarascála "Tionscadal Bhratach Meabhairshláinte na Scoileanna - tuarascáil achoimre ar thorthaí agus ar a bhfuil foghlamtha as tionscadal píolótach atá dírithe ar scoileanna i gContae Chill Chainnigh." Is creat é Brat Meabhairshláinte na Scoileanna le cinntiú gur cuid lárnach de thimpeallacht na scoile í an mheabhairshláinte agus feasacht faoin mheabhairshláinte agus le haitheantas a thabhairt do na bealaí iomadúla a chuireann scoileanna le folláine na meabhairshláinte ag daoine óga.
Thug Seirbhísí Meabhairshláinte N. Pádraig i mBaile Átha Cliath tacaíocht don togra trí mheasúnú neamhspleách a dhéanamh ar an tionscadal píolótach.

Ar an 4 Deireadh Fómhair chuaigh daoine óga ón gComhairle go Baile Átha Cliath mar ar tugadh an tuarascáil go hoifigiúil ar lámh do Anne O'Donnell, Ceann Rannpháirtíocht na Saoránach, Imeartha, Caitheamh Aimsire agus Cultúir ón DCYA le tacaíocht ó Paul Gilligan, Príomhfheidhmeannach Seirbhísí Meabhairshláinte N. Pádraig.

### DVD Feasachta:

Rinne an Chomhairle taighde, dearadh agus léiriú ar DVD Feasachta dar teideal "Fiosrú ar na Fadhbanna a bhaineann le Daoine faoi Aois a bheith ag Ól agus ag Caitheamh". Bhí an grúpa ag obair go dlúth leis An Garda Síochána, FSS - Roinn Cur Chun Cinn na Sláinte agus le hOifigigh Oideachais ar Mhí-Úsáid Substaintí le heolas a fháil don tionscadal. Seoladh an DVD ag imeacht sárthaispeántais Chomhairle na nÓg i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna, 2016.

### Cruinniú Chinn Bhliana Chomhairle na nÓg:

Tionóladh CCB Chomhairle na nÓg in Óstán Lyrath Estate, Cill Chainnigh ar an 26 Deireadh Fómhair le 66 duine óg as iarbhunscoileanna agus clubanna óige an chontae ag freastal. Mar gheall ar stailceanna na múinteoirí b'éigean dáta na hócáide a athrú, ar fhógra gearr, rud a chuir isteach ar an líon a d'fhreastail.

Ceapachán Chomhordaitheoir nua don Chomhairle

**Tar éis glaonna a dhéanamh le haghaidh Comhairle na nÓg Chill Chainnigh a reáchtáil thar ceann na Comhairle**

**D'éirigh le Foróige agus tá an conradh bronnta orthu do 2017 agus 2018. Tá Kate Carroll as Foróige ceaptha mar chomhordaitheoir ó Eanáir 2017.**

**Cill Chainnigh, Contae Aoisbháúil**

Tá an Chomhairle ag cloí lena tiomantas don Chlár Contae Aoisbháúil le tacaíocht do Chomhairle na nDaoine Scothaosta

I measc na bpríomh-ghníomhaíochtaí in 2016 bhí:

- **Seoladh Straitéis Aoisbháúil Contae Chill Chainnigh 2017-2022 i mí na Nollag 2016**
- **Tacaíocht do Chomhairle na nDaoine Scothaosta le cúnamh deontais riaracháin agus eagrúcháin**
- **Freastalaíodh ar 4 chruinniú Chomhghuallaíocht Aoisbháúil agus 4 chruinniú do Sholáthraithe Seirbhísí do dhaoine scothaosta i rith 2016**
- Ghlac 22 ball d'fhoireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus ball amháin den FSS páirt in oiliúint Tithíochta agus Réim Phoiblí Aoisbháúil.
- **Tá 10 spás páirceála Aoisbháúil do charranna curtha ar fáil ar fud na Cathrach, 4 ag N. Muire, 4 ag N. Cainneach agus 2 ag an Mhainistir Dhubh.**




- **Cuireadh suíochán aoisbháúil ar fáil ar Shráid na Pairliminte mar chuid de thionscadal Mhíle na Meánaoise agus cuireadh feabhas ar chosáin ag deireadh na Sráide Ard/ tús Shráid na Parlaiminte.**




- Thug baill den bhfoireann Pleanála agus den bhfoireann Tithíochta cuairt ar Netwell Casala, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus ar Great Northern Haven, Forbairt Tithíochta ar Shráid na Beairice ar an 8 Lúnasa 2016. Is tionscadal tithíochta é an Great Northern Haven atá comhdhéanta de 16 teach cliste saintógtha, a bhfuil teicneolaíocht bhraiteoirí agus idirghníomhach feistithe iontu le tacú le daoine scothaosta.

Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh ag tacú le hAoisbhá trí

- **Cheardlanna rialta i líonra na Leabharlanna le healaín agus scileanna ceirde ar nós cniotáil, péinteáil agus teangacha a mhúineadh**
- **Ranganna ar theileafóin phóca.**
- **Digiteach agus Ríomhairí**
- **Ranganna rialta do dhaoine le bunscileanna ríomhaireachta, idirlín agus eile a fhoghlaim.**
- **Bhí rang an-rathúil ag Leabharlann an Locha Buí 'Leideanna Teicneolaíochta do Sheanóirí" mar ar thaispeáin daltaí ón mheánscoil do sheanóirí conas an teicneolaíocht a úsáid mar chuid dá gclár Gaisce.**
- **Clár leathan imeachtaí mar chuid den Chlár náisiúnta Bealtaine. I measc na n-imeachtaí bhí ceolchoirmeacha, ceardlanna sláinte agus folláine, foghlaim ceirde, taispeántais**
- **Réimse cainteanna dírithe ar riachtanais na ndaoine scothaosta, ar nós ithe go sláintiúil, slándáil agus tú i do chónaí leat féin, bunchothabháil carr**
- **Fuss on the Bus – léiriú idirghníomhach amharclainne le rannpháirtíocht an lucht éisteachta**
- **Ceardlann Sole to Sole - ceardlann cuimhne-bhunaithe do dhaoine scothaosta le deis a thabhairt dóibh a scéal féin a insint.**

# Seirbhísí Leabharlainne



Spléachadh ar 2016

296,901 cuairteanna ar ár leabharlanna in 2016

299,972 earra tógtha ar iasacht

31,971 seisiún idirlín agus WiFi

13,228 Baill Leabharlainne

| | |
|---|---|
| *www.kilkennylibrary.ie* amais ghréasáin | 122,892 |
| **Raon Facebook :** | **168,706** |
| **Raon Twitter:** | **163,400** |

**Ballraíocht in Aisce**

Tá an tSeirbhís Leabharlainne ar cheann de na seirbhísí is mó a úsáidtear ó Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus tá saor-bhallraíocht ag các. Freastalaítear ar réimse leathan daoine de gach aois agus as gach cearn den saol. Is daoine fásta iad 54% dár mbaill, is leanaí iad 43.5%, agus 2.5% ó ghrúpaí áitiúla. Tá méadú 10% ar bhallraíocht na leabharlanna, ó bheagán le cois 12,000 go 13,228.
Cuireann leabharlanna spás neodrach, sábháilte sibhialta ar fáil do gach pobal, le deiseanna do chách ina gcraobhacha i gCallainn, Caisleán an Chomair, Port an Chalaidh, Gráig na Manach, Cé Eoin, An Loch Buí, Baile Mhic Andáin agus Áth na nUrlainn. Stopann an tseirbhís taistil i níos mó ná 50 pobal tuaithe ón Droichead Nua go Cill Mhanach agus an Chloch go Sliabh Rua.






**Ionaid Chultúrtha**

Tugann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh spás do dhaoine a bheith cruthaitheach, áit chruinnithe do ghrúpaí le teacht le chéile agus comhspéis a phlé nó bealaí nua cumarsáide a fhiosrú. Lenár mbailiúcháin, ár n-acmhainní ar líne agus cláir imeachtaí rialta, bíonn an taithí chultúrtha á cothú go leanúnach againn mar fhórsa cumhachtach a neartaíonn céannacht an phobail, a spreagann rannpháirtíocht shibhialta agus a chabhraíonn le himeascadh gach saoránach inár bpobal.
Chuir muid clár imeachtaí ilghnéitheach cuimsitheach ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí in 2016:-

- **Féile Náisiúnta na Bealtaine**
- **Seachtain Náisiúnta na hEolaíochta**
- **Seachtain na Gaeilge**
- **Seachtain Náisiúnta Oidhreachta**
- **Oíche Chultúir**
- **Blaiseadh Chill Chainnigh**
- **Baile na Leabhar, Gráig na Manach**
- **Taispeántais agus Ceardlanna**
- **Léiriúcháin ceoil le Lyric FM agus córacha áitiúla**
- **Yulefest**





**Oideachas agus Litearthacht**

Tacaíonn seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh le foghlaim ag gach céim den saol agus cuireann spás agus tacaíocht ar fáil do chách.

Cuirtear rochtain beagnach gan teorainn ar fáil ar bhailiúchán ilghnéitheach ábhar inár mbailiúchán - leabhair, ceol, scannáin, stoc litearthachta, ábhar staire áitiúil. Tá 137,837 mír sa bhailiúchán faoi láthair.

Cláir oideachasúla le tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le litearthacht:

- **Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh do leanaí, le 861 rannpháirteach in 2016 - méadú 30% ar an líon**
- **Rannpháirtíocht sa togra Ceart Léitheoireachta náisiúnta - seisiúin scéalaíochta, maidineacha máithreacha agus tachrán, cuairt ó údair**
- **Grúpaí tacaíochta teanga i nGaeilge agus i Fhraincis**
- **7 gclub leabhar do dhaoine fásta agus 3 chlub leabhar do leanaí.**
- **Grúpa Scríbhneoireachta Cruthaitheach**




## Litearthacht Dhigiteach

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh rochtain idirlín agus Wi-Fi ar fáil in aisce sna craobhacha go léir. Tá an acmhainn seo riachtanach dóibh siúd nach bhfuil muinín theicneolaíoch ná scileanna acu le seirbhísí idirlín a úsáid, seirbhísí a chabhródh leo poist a fháil, idirghníomhú leis an rialtas nó spriocanna oideachasúla a bhaint amach.

Bhí os cionn 31,000 seisiún poiblí idirlín ann in 2016.

Infheistíocht sa chóras nua bainistíochta leabharlainne – Sierra. Tugann an córas nua feabhsaithe Leabharlainne rochtain ar bhailiúchán náisiúnta leabhar, ceoil, agus scannán ar fud na tíre. Is féidir cártaí leabharlainne a úsáid i ngach leabharlann ar fud na hÉireann.

- **Foireann de sheirbhísí ar líne a thugann deiseanna le teanga a fhoghlaim, scil nua a fhoghlaim, agus r-leabhar nó r-iris a léamh.**
- **Uasghrádú leanúnach ar bhonneagar TFC agus infheistiú leanúnach le teicneolaíocht dhigiteach a fhorbairt agus níos mó úsáide a bhaint as ardáin na meán sóisialta.**
- **Tá Wi-Fi ar fáil i ngach craobh anois**





## Folláine

Tá forbairt déanta ar Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh le freastal ar riachtanais iomadúla na sochaí - cuirimid tacaí láidre ar fáil don fholláine eacnamaíoch agus phearsanta sna pobail.

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh deiseanna ar fáil do dhaoine aonair agus do ghrúpaí teacht le chéile, faisnéis a chomhroinnt agus a scileanna a fheabhsú - tá 6 ghrúpa ceirde agus 1 grúpa ealaíne ann faoi láthair. Is cruinnithe luachmhara sóisialta iad seo chomh maith do gach aois.

Tograí eile:

- **Cainteanna faoi aire don mheabhairshláinte le Teac Tom.**
- **Ranganna teicneolaíochta idirghlúine.**
- **Cúrsaí Aoise agus Deiseanna**
- **Rannpháirtíocht sa togra náisiúnta Gnóthaí Oibre le tacú le gnó agus fostaíocht**

**Stair agus Oidhreacht**
Tá taifead fíorshuntasach d'oidhreacht agus de chuimhne coiteann an chontae iná mbailiúchán staidéir áitiúil. Rinneadh os cionn 800 iarratas pearsanta ar an tseirbhís in 2016 le réimse ceisteanna ar an bhfón agus le ríomhphost. I measc úsáideoirí na seirbhíse bhí lucht taighde, cumainn staire, ginealeolaithe agus mic léinn dara agus tríú leibhéil.

I measc na n-imeachtaí for-rochtana a d'áisigh foireann na leabharlainne bhí ceardlanna ginealais, ceardlanna taighde agus cuairteanna ar bhunscoileanna agus ar scoileanna dara leibhéil.

Ceardlanna bunscoile dírithe ar bhailiúcháin grianghraf agus innill léite micreascannán. Ceardlanna meánscoile faoi mhodhanna taighde, foinsí bunúsacha agus ábhair taighde a chumadh dá dtionscadail scoile de réir an churaclaim.

Mar chuid de chlár comórtha 2016, d'eagraigh Seirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh réimse imeachtaí lena n-áirítear:

- Taispeántas Amharclainne
- Ranganna Gaeilge
- Seó Bóthair Ginealais
- Ceardlanna Staire do Leanaí
- Cárta Leabharlainne Cuimhneachán 2016
- Infheistíocht i mbailiúchán cuimsitheach oidhreachta 2016

# Oidhreacht

Cuireann Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh seirbhís ghairmiúil oidhreachta ar fáil ar fud na cathrach agus an chontae. Soláthraítear comhairle agus faisnéis faoi cheisteanna oidhreachta; déantar beartais agus tosaíochta a fhorbairt le hoidhreacht Chill Chainnigh a aithint, a chosaint a chaomhnú

agus a fheabhsú; bailítear agus sainscagtar sonraí oidhreachta agus cuirtear feasacht agus oideachas oidhreachta chun cinn ar fud an chontae. Ceann de mhórchuspóirí na seirbhíse is ea obair le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh le Plean Oidhreachta a ullmhú agus a fheidhmiú don Chontae, chomh maith le Plean Bithéagsúlachta don Chontae.

**Gradam nua Pailneora an Údaráis Áitiúil**

Bhunaigh an tOifigeach Oidhreachta Gradam nua Pailneora an Údaráis Áitiúil agus rinne cathaoirleacht air, i gcomórtas náisiúnta na mBaile Slachtmhara, i gcomhpháirtíocht le hOifigeach Oidhreachta an Údaráis Áitiúil agus le hOifigigh Bithéagsúlachta agus leis an Ionad Sonraí Bithéagsúlachta Náisiúnta. Le duaischiste de €10,000, léiríonn an gradam tiomantas na nÚdarás Áitiúla do Phlean Pailneora na hÉireann Uile 2015-2020. Chuir ocht bpobal agus caoga isteach ar an ngradam, lena n-áirítear ceithre ghrúpa as Co. Chill Chainnigh. Tá sé beartaithe níos mó grúpa i gContae Chill Chainnigh a spreagadh le cur isteach ar an ngradam speisialta seo in 2017.

**Leathanach nua Facebook Oidhreacht Chill Chainnigh**

Seoladh leathanach nua Oidhreacht Chill Chainnigh ar Facebook i mí Aibreáin. Tá an leathanach á leanúint ag níos mó ná 2,100 duine anois.

**Taifead ar Ainmneacha Páirceanna Chill Chainnigh**

Bliain ar leith ba ea 2016 do Thionscadal Taifeadadh ainmneacha páirceanna Chill Chainnigh, a thosaigh in 2010.

Rinne 90 deontóir níos mó ná 7000 ainm páirce a thaifeadadh as níos mó ná 200 baile fearainn ar fud an chontae.

D'fhreastail 230 ar sheoladh fhoilseachán an tionscadail i mí Dheireadh Fómhair. Clóbhualadh 2,000 cóip den leabhar.

Tá cómhaoiniú ag an tionscadal ón gComhairle Oidhreachta faoi Phlean Oidhreachta an Chontae. I measc na dtáirgí ba mhó in 2016 bhí:

- **Foilsiú agus seoladh an leabhair "Meitheal na bPáirceanna"**
- **Uaslódáil agus mapáil na n-ainmneacha páirce chuig Córas Faisnéise Geografaí Chomhairle Contae Chill Chainnigh http://gis.kilkennycoco.ie/website/KilkennyFieldnames/index.html**
- **Ceardlann oiliúna do Ghrúpa Ainmneacha Páirceanna Áth Stúin**

- **Feachtas poiblíochta sna meáin áitiúla: KCLR LIVE (24/08/2016;04/10/2016); Taispeántas Feirme Glanbia (13/10/2016), Kilkenny People and Munster Express, agus Ear to Ground Magazine (Geimhreadh 2016).**

**Seoladh an Leabhar Meitheal na bPáirceanna i**

**The**




- Alt faoi Thionscadal Ainmneacha Páirceanna Chill Chainnigh in "Ear to the Ground Magazine", Eagrán an Gheimhridh, 2016.

**An tSeachtain Oidhreachta i gCo. Chill Chainnigh**

Eagraíodh an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta ón 20-28 Lúnasa. Bhí 77 n-ócáid i 14 baile agus sráidbhaile ar fud Chontae Chill Chainnigh.

Chuaigh an tOifigeach Oidhreachta i bpáirt le Mainistir Sheireapúin, le Leabharlann Phort an Chalaidh, agus le Teach agus Gairdíní Choill an Chip, le himeachtaí éagsúla a eagrú, ina measc an físeán 'M'Oidhreacht', ceardlanna do leanaí agus cainteanna.
Rinne an Oifig Oidhreachta eagrú, comhordú agus maoiniú ar an gclúdach preasa go léir, lena n-áirítear:

**KCLR:** Comórtais ar an aer le hionaid oidhreachta áitiúla; 60 fógra raidió; pacáistí réamhthaifeadta agus clár d'agallaimh bheo stiúideo gach lá den Seachtain Oidhreachta ar “KCLR Live”.

**BEAT FM:** 55 fógra raidió; comórtas Facebook (a shroich níos mó ná 90,000 duine agus a fuair 800 'Is maith liom' nua ar leathanach Oidhreacht Chill Chainnigh ar Facebook.

**Na Meáin Chlóite:** fógraí ½-leathanaigh sa *Kilkenny People* agus *Kilkenny Reporter* dhá sheachtain i ndiaidh a chéile.

**Comharthaí faisnéise:** Rinneadh boird faisnéise a choimisiúnú agus a chur in airde faoi "Rudaí le Déanamh le linn Seachtain Oidhreachta Chill Chainnigh" in ionaid éagsúla sa chathair.




**Comharthaí faisnéise "Rudaí le Déanamh le linn Seachtain Oidhreachta Chill Chainnigh" suite in áiteanna éagsúla ar fud na cathrach.**

## Oidhreacht Bhéil Thaispeántas Uíbh Eirc (Comóradh 190 Bliain)

Bhí an Oifig Oidhreachta ag obair le Coiste Thaispeántas Uíbh Eirc le comhairle a chur orthu maidir le comóradh 190 bliain an taispeántais in 2016 (an Taispeántas Talmhaíochta is sine in Éirinn). Coimisiúnaíodh staraí béil leis an stair bhéil a bhaineann leis an taispeántas a thaifeadadh agus a chur i gcomhaid.




- Seoladh Taispeántas Uíbh Eirc, Coláiste Chill an Dátúnaigh, Meitheamh 2016

## Plean Oidhreachta Chontae Chill Chainnigh

Fuair an Oifig Oidhreachta €17,000 ón gComhairle Oidhreachta le dhá thionscadal a fhorfheidhmiú do Phlean Oidhreachta Chill Chainnigh, faoi Chlár Deontas Oidhreachta an Chontae. Bhí Tionscadal Ainmneacha Páirceanna Chill Chainnigh, agus tionscadal digiteach oidhreachta i measc na dtionscadal.

## Rochtain a chur ar fáil ar Shonraí Oidhreachta Digiteacha

Rinneadh nuashonrú ar Bhunachar Sonraí Seandálaíochta Uirbeach Chill Chainnigh (bunachar sonraí le os cionn 200 tuairisc faoi fhiosruithe seandálaíochta a rinneadh i gCathair Chill Chainnigh agus sa Chomharsanacht idir 1968-2006) agus uaslódáladh é chuig www.heritagemaps.ie, ardán ar líne, ionas go mbeidh rochtain ag pleanálaithe an údaráis áitiúil, agus ag an phobal, air. Rinne Seandálaíocht Chill Chainnigh na sonraí a shainscagach, le cómhaoiniú ón gComhairle Oidhreachta.

**Oiliúint Bithéagsúlachta na mBailte Slachtmhara**
Thug an tOifigeach Oidhreachta coimisiún d'éiceolaí le hoiliúint a sholáthar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara maidir le gníomhartha a chabhródh le speicis pailneora ar nós beacha agus feithidí eile. Leanann sé seo beartais atá i bPlean Pailneora na hÉireann Uile 2015-2020. Chabhraigh an oiliúint leis na grúpaí Bailte Slachtmhara na pointí a bhronnfaí orthu faoi na rannóga "Fiadhúlra" agus 'Tírdhreachú" i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara a mhéadú.

**Cainteanna Oidhreachta**
Ar iarratas ó ghrúpaí agus daoine éagsúla, rinne an tOifigeach Oidhreachta cur i láthair ar thionscadail atá ar bun ag Oifig Oidhreachta Chill Chainnigh dóibh seo a leanas: Probus (Fea 2016), Comhdháil na nOifigeach Forbartha Sábháilteacht Uisce (Aibreán 2016), Adhlacadh Gorta i dTeach na mBocht, Cill Chainnigh (Iúil 2016).

**Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh**

Bhí trí chruinniú ag Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh in 2016.

**Ceisteanna faoin Oidhreacht a fhreagairt**

I rith na bliana chuir an tOifigeach Oidhreachta comhairle agus treoir ar fáil go leanúnach faoi réimse leathan ilghnéitheach de rudaí a bhaineann le hoidhreacht.




**R-iris "Kilkenny Heritage News"**
Déantar r-irisí "Kilkenny Heritage News" a dháileadh ar timpeall 400 duine go díreach agus déantar é a uaslódáil go leathanach Facebook Oidhreacht Chill Chainnigh agus táthar á chomhroinnt le Nuachtlitir Pobail Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

## Bliain Chomórtha 1916

*Bhí páirt ghníomhach ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i snáithe pobail Chlár Náisiúnta na Seacht Snáithe d'Éirinn 2016, agus ceapadh Coiste Comórtha Trasphháirtí.*

*Thug Comhordaitheoir 2016 agus acmhainní éagsúla intí eile: An tOifigeach Oidhreachta, an tOifigeach Caomhnaithe, an tOifigeach Ealaíona agus seirbhís áitiúil Leabharlainne Chomhairle Contae Chill Chainnigh, tacaíocht don Choiste.*

*Úsáideadh na hacmhainní seo le linn 2016 le tacú le hobair an Choiste Comórtha agus leis na pleananna seirbhíse do 2016 le clár na n-imeachtaí a chomhlánú, clár a bhí go mór faoi thionchar na dtéamaí a tháinig chun cinn i gcruinniú poiblí a raibh freastal maith, tacúil agus gníomhach air i mí Aibreáin 2015, i Halla na Cathrach, Cill Chainnigh. Tar éis an chruinniú poiblí rinneadh teagmháil dhíreach le grúpaí*

*sainspéise áitiúla le clár imeachtaí a dhearadh a léireodh mianta na ndaoine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin.*

Anseo thíos tá liosta de chuid na hImeachtaí a eagraíodh le linn na Bliana Comórtha:

| DÁTA | ÓCÁID | IONAD |
|---|---|---|
| **1 Eanáir, 2016** | **Seirbhís Chuimhneacháin i Halla an Chontae, Cill Chainnigh** | **Halla an Chontae Cill Chainnigh** |
| **22 Feabhra 2016** | **Láthair Gréasáin Tionscadal Comórtha** | **Cill Chainnigh** |
| **I rith 2016** | **Sraith foilseachán leis an nuachtán Kilkenny People** | |
| **Ó mhí Feabhra 2016** | **Imeachtaí Leabharlainne ar fud an Chontae** | **Cathair agus Contae Chill Chainnigh** |
| **Meán Fómhair 2015 - Márta 2016** | **Callainn Imeachtaí Comórtha Céad Bliain 1916** | **Callann** |
| **3/4/5 agus 11 Márta** | **Forbairt Phobail Ghleann Bearú** | **Teaichín an Dubhuisce agus Mainistir an Dubhuisce** |
| **7 Márta 2016** | **Searmanas Speisialta do Iarbhunscoileanna** | **Páirc an Chrócaigh** |
| **11 Márta 216** | **Seacht gcrann do 7 sínitheoirí** | **Halla an Chontae** |
| **12 Márta 2017** | **Ról na mban i 1916.** | **Cill Chainnigh** |
| **15 Márta 2016** | **Lá an Fhorógra** | **Meánscoil na mBráithre, Callainn** |
| **Cáisc 2016** | **Tíolacadh Ghairdín Halla an Chontae** | **Hall an Chontae Cill Chainnigh** |
| **Cáisc 2016** | **Siúlóid chuig láitheacha éagsúla a bhain leis na hÓglaigh agus leis an Oidhreacht Mhíleata.** | **Cathair Chill Chainnigh** |
| **17 Márta 2017** | **Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig, Cill Chainnigh** | **Cathair Chill Chainnigh** |
| **Márta, 2016** | **Comhairle Deartha agus Cheardaíochta na hÉireann** | **Ionaid Chontae** |
| **Márta, 2016** | **Cuairt ó Kilkenny, Minnesota, go Cill Chainnigh, Éire** | **Cill Chainnigh** |
| **27 Márta 2017** | **Coiste Cuimhneacháin Pat Walsh** | **Dún Iomagáin/Ceannanas** |
| **27 Márta 2016** | **Coiste Comórtha Pobail 1916 Achadh Úr** | **Achadh Úr** |
| **27 Márta 2016** | **Coiste Forbartha Sráid Róbhair** | **An Róbhar** |
| **Cáisc 2016** | **Cumann Staire Gairdin an Ghorta** | **Baile Roibín** |
| **Cáisc 2016** | **Leacht na Seanóglach, Cnoc re Greas, Tulach Ruáin** | **Tulach Ruáin** |
| **28 Márta 2016** | **Colún Reatha** | **Cathair Chill Chainnigh** |

| | | |
|---|---|---|
| Márta, 2016 | Seachtain na Gaeilge 2016 le Clár Comórtha Céad Bliain a fhógairt | Cill Chainnigh |
| Márta - Meán Fómhair 2016 | Músaem Míleata Beairic Shéamais Mhic Stiofáin | Beairic Shéamais Mhic Stiofáin, Cill Chainnig |
| Meán Fómhair 2015, Eanáir, Márta agus Bealtaine 2016 | Cumann Staire Chill Chainnigh Theas - sraith léachtanna ag tosú i mí Mheán Fómhair 2015. | Muilleann an Bhata |
| 5 Aibreán, 2016 | Ceoldráma "They Stood by Pearse's Side". | Cumann Cuimhneacháin Cholún Reatha Chill Chainnigh, Amharclann Gheata an Uisce |
| 24 Aibreán, 2016 | Oíche thraidisiúnta i gCaisleán an Chomair | Pobalscoil Chaisleán an Chomair |
| 29 Aibreán, 2016 | Nochtadh leac i gcuimhne ar Paddy Bealin, agus ócáid shóisialta i Halla an Pharóiste, Caisleán an Chomair. | Caisleán an Chomair |
| 3 agus 4 Bealtaine, 2016 | Dráma - Midwives of the Nation" | Amharclann Gheata an Uisce |
| 2 Bealtaine 2016 | Seachtain Thomáis Mhic Dhonncha i gCill Chainnigh. | Amharclann Gheata an uisce agus ionaid eile sa chathair. |
| 7 Bealtaine 2016 | Seoladh: beathaisnéis Thomáis Mhic Dhonncha | Stáisiún Traenach Mhic Dhonncha, Cill Chainnigh. |
| 8 Bealtane, 2016 | Casáin na Saoirse - Ceoldráma | Amharclann Gheata an Uisce |
| 9 Bealtaine 2016 | Findmypast – taighde ginealais | Leabharlann Carnegie, Cill Chainnigh |
| 20 Bealtaine, 2016 | Ceolchoirm leis na Casaidigh agus Seán Ó Sé | Ceolchoirmeacha Duiske |
| Samhradh 2016 | Taispeántas Bláthanna | Gráig na Manach |
| 6 Bealtaine, 2016 | Comhdháil Gaeilge | Teach Rothe, Cill Chainnigh |
| Meitheamh go Deireadh Fómhair 2016 | Teach na mBocht i gCallainn | ÉAGSÚIL |
| Iúil 2016 | Fleá Ceoil Laighean | An Loch Buí agus Cathair Chill Chainnigh |
| 10 Iúil 2016 | Lá Comórtha Náisiúnta, Searmanas Réigiúnach | Caisleán Chill Chainnigh |
| 21, 22 agus 23 Iúil, 2016 | Dráma 'The Hell Fire Squad' | Amharclann Gheata an Uisce |
| Lúnasa 2017 | Filí agus Filíocht 1916 faoi chaibidil, Féile Ealaíona Chill Chainnigh | Cill Chainnigh |
| Samhradh 2016 | Féastaí Sráide | Cathair Chill Chainnigh |
| Lúnasa 2017 | Comóradh ar Richard Healy 1916- | Cumann Oidhreachta Chonachaidh |
| 14/08/2016 | Cill Chainnigh agus an Somme | Cathair Chill Chainnigh |
| 20 go 28 Lúnasa | Seachtain Oidhreachta 2016 | Grúpa Staire Áitiúil Ghleann na Bearú |

| | | |
|---|---|---|
| **1/2/5 agus 6 Meán Fómhair** | **Léachtanna i gCampas OÉ Maigh Nuad ag Col Chiaráin** | **Coláiste Chiaráin** |
| **10 Meán Fómhair 2016** | **Guthanna 1916** | **Aisteoirí Chill Chuimne** |
| **Ón Fómhar 2016** | **Léiriú Chumann Amharclainne Barnstorm ar "The Messenger"** | **Amharclann Gheata an Uisce** |
| **13-22 Samhain 2015 agus Samhain 2016** | **Éigse bhliantúil Sliabh Rua** | **Sliabh Rua** |
| **31 Eanáir, 2016** | **Searmanas dúnta - Ceadal Ceoil agus machnamh ar an mbliain.** | **Hall an Chontae Cill Chainnigh** |

# Na hEalaíona

Oibríonn Oifig Ealaíon na Comhairle chun gníomhaíocht ealaíonta ar fud na cathrach agus an chontae a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh, a mhúscailt agus a threisiú. Cuirtear na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách, agus tugtar comhairle agus tacaíocht do ghrúpaí agus do dhaoine aonair. Oibríonn an Oifig Ealaíon chun staid Chill Chainnigh a threisiú mar lárionad sármhaitheasa do na healaíona agus le timpeallacht ealaíon atá rathúil agus faoi bhláth a chinntiú laistigh den réigiún. Tá tiomantas láidir acu freisin do chleachtadh ealaíon an phobail agus déantar bainistíocht ar roinnt chlár pobalbhunaithe.

**Litríocht**

Tá an Oifig Ealaíon tiomanta d'fhorbairtí liteartha a sholáthar go neamhspleách agus trí chomhpháirtíocht agus comhoibriú mar a leanas:

- Mórbhileog Filíochta Chill Chainnigh 16
- Ceardlanna Bliantúla Scríbhneoireachta
- Sparántacht Theach na Scéal
- **Rhyme Rag**

**I measc na dtograí Pobail, Oideachais agus Iniaimh a dhéantar tá siad seo a leanas:**

- Comharghrúpa Ealaíon Pobail an Chiorcail Oscailte
- Siamsa
- Fordheontas do Scoileanna le cuairt a thabhairt ar Léirithe Amharclann Barnstorm
- Lá Líníochta Náisiúnta ag Dánlann de Buitléir

- Oíche Chultúir

**Cuireadh tacaíocht ar fáil d'ealaíontóirí mar a leanas:**

- Deontais Acht Ealaíon
- Sparánacht Chóir na nÓg
- Scéim Áitiúil Sparánachta Ionad Tyrone Guthrie
- Ceol i gCill Chainnigh
- Stiúideo Mínealaíne Blackstack Print
- Ealaíon Malartacha Chill Chainnigh
- ArtLinks

.

**Meáin Shóisialta agus Post Díreach**

Bíonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh i dteagmháil lena lucht éisteachta trí ardán na meán sóisialta Facebook agus Twitter. Tugann na huirlisí seo deis dúinn teagmháil bhreise a dhéanamh leis an phobal leathan ealaíne agus faisnéis a thabhairt faoi imeachtaí, gníomhaíochtaí, gradaim, tionscadail, srl a bheadh spéisiúil dóibh. Tá 1447 ag leanúint Oifig Ealaíona Chill Chainnigh ar Facebook agus 1,992 leantóirí ar Twitter

**R-fheasacháin agus Bunachair Sonraí**

Cuireann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh r-fheasachán ar fáil don phobal gach coicís. Trí bhunachair sonraí a leasaítear agus a shainscagtar go rialta sroicheann an feasachán seo 1600+ gach coicís. Bíonn gach feasachán lán den fhaisnéis is déanaí faoi ghníomhaíochta Oifig Ealaíon Chill Chainnigh, agus faoi imeachtaí sa chontae; agus bíonn nuacht ann faoi dheiseanna do chleachtóirí ealaíon as gach cearn den tír.

## TITHÍOCHT AGUS CÓIRÍOCHT

Cuimsítear réimse leathan seirbhísí sa Stiúrthóireacht Tithíochta d'iarratasóirí agus do thionóntaí le cóiríocht neamhspleách agus thacaithe a éascú agus a thacú. Déantar é seo trí thacaí éagsúla sóisialta tithíochta a thairiscint ó na hÚdaráis Tithíochta, agus ón earnáil dheonach agus phríobháideach.

**Clár Caipiteal Tithíochta 2015-2017.**

Fuair Comhairle Contae Chill Chainnigh €39.8 milliún don Chlár Caipiteal Tithíochta 3 bliana 2015-2017. Áirítear leis an leithdháileadh seo aonaid chóiríochta a thógáil agus a áil a sholáthraíonn an tÚdarás Áitiúil agus Comhlachtaí Deonacha Tithíochta (an Scéim um Chóiríocht ar Cíos) chun 215 aonad a sholáthar i gcaitheamh an chláir. Chomh maith leis sin, áirítear leis úsáid tháirgiúil a bhaint maoin Fholamh arís. Fuair an Chomhairle seo €5m breise le haghaidh ceannacháin i rith 2016

**Clár Infheistíochta Tithíocht Shóisialta (SHIP) 2016:**

- Bhí díolacháin aontaithe do 53 teach ag Comhairle Contae Chill Chainnigh in 2016
- Seachadadh 18 tógáil nua in 2016 .i. dhá theaichín tuaithe, 10 dteach/árasán ag Bóthar an Phríosúin agus 6 theach ag Cnoc na Rós, Cill Chainnigh.
- Chríochnaigh Clúid (Comhlacht Faofa Tithíochta) i Siúlán na Mainistreach do dhaoine scothaosta agus ar mhíchumas.
- Chuir an Chomhairle seachadadh 218 aonad chun cinn ar chostas €22.5m i rith na bliana 2016 agus leanfar ar aghaidh in 2017 le tógálacha nua, Scéimeanna Foirgníochta lándéanta agus Folúntais Fhadtéarma
- Iarradh Léirithe Spéise ó fhorbróirí le haghaidh forbairtí Foirgníochta Lándéanta leis an 17 Eanáir 2017 mar spriocdháta.
- Críochnaíodh oibreacha ar Thithe Folmha Fadtéarma agus cuireadh ar ais chun úsáide táirgiúla iad.

**Scéim Chóiríocht ar Cíos (CSS) agus Íocaíocht Chúnamh Tithíochta (ÍCT)**

- Caitheadh €5.1 milliún ar CSS, méadú 8.5% ar fhigiúr 2015 de €4.7m.
- Tá 551 áitreabh CSS ann anois mar chuid de na roghanna tithíochta sóisialta, méadú de 19 ó 2015.
- Glacadh le 49 aonad in 2016 agus d'fhág 30 an scéim CSS in 2016
- Tugadh an Íocaíocht Chúnamh Tithíochta isteach i lár mhí Dheireadh Fómhair, 2014. Bhí 711 tionóntacht bheo bunaithe faoi 31/12/2016, méadú 213 nó 43% ó 2015
- Tá os cionn 300 líon tí ar fhordheontas cíosa i gCill Chainnigh faoi láthair.
- Tugadh isteach rátaí méadaithe ar Íocaíochta ÍCT ón 1 Iúil 2016

**Gan Dídean Atreorú go Seirbhísí KLA 2016**

| | | |
|---|---|---|
| Atreoruithe | - | 180 |
| Atreoruithe Ionchasacha gan Dídean | | 164 |
| Eile | | 5 |
| **Iomlán** | **-** | **349** |

**Is ionnan é seo agus laghdú de 50 ó 2015.**

**Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos**

- Rinne an Chomhairle cigireacht ar 414 aonad cóiríochta príobháideacha ar cíos i rith 2016 i gcomparáid le 379 in 2015.

**Clár Tithíochta Deonach**: Scéim Cúnamh Caipitil (SCC)

D'iarr an Chomhairle iarratais faoi 'Ghlaoch Speisialta' i rith 2014, 2015 agus 2016 agus faomhadh na hiarratasóirí seo a leanas agus tá siad ag céimeanna éagsúla críochnaithe:

| Aonaid | Comhlacht Faofa Tithíochta agus suíomh na n-aonad | Stádas | Buiséad € |
|---|---|---|---|
| 12 | **Glaoch Speisialta 2014 -** Cluid VHA – Siúlán na Mainistreach, Callann | Críochnaithe 2016 agus sannta | 1,488,011 |
| 5 | **Glaoch Speisialta 2014 -** Cnoc an Champa Baile Mhic Andáin – Brooke House, | Ar an láthair 2016 | 1,327,088 |
| 6 | **Glaoch Speisialta 2015 - SOS H.A. Ltd – Mulláin Chaisil, Cill Chainigh** | Teach ceannaithe, oibreacha ar bun | 500,000 |
| 4 | **Glaoch Speisialta 2015 - Ionad an Dea Aoire - Ceannacháin** | 4 críochnaithe agus sannta | 423,000 |
| 5 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Focus Ireland – ceannacháin | 5 críochnaithe 2016 | 692,792 |
| 12 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Ionad an Dea Aoire – Tionscadal Wing 52 Lána an tSéipéil, | Céim deartha agus tairisceana | 1,200,000 |
| 16 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Camphill, Callan – Tionscadal Nimble Spaces ag céim Prológ, | Deartha agus Pleanála | 2,200,000 |
| 4 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Belmont Park HA | Tarraingthe siar ag VB | |
| 6 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Ionad an Dea Aoire- tionscadal tógála | Céim tosaigh Suímh agus pleanála | 666,000 |
| 4 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Cluid HA | Ceannacháin ar bun | 606,000 |
| 4 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Cnoc an Champa, Baile an Tóibínigh – tógáil | Deartha agus Pleanála | 514,361 |
| 15 | **Glaoch Speisialta 2015 – Faofa Aibreán 2016** – Respond! – Bóthar an Mhachair Ghailf | Céim dheartha | 2,419,478 |
| 5 | **Tionscadal breise faofa 2016 – Cnoc an Champa –** Grennan Villa, Baile Mhic Andáin | Ar bun | 334,955 |
| 5 | **Glaoch Speisialta 2016 –** Oaklee Housing – Sráid Uí Lócháin, Thomastown | Fálacha ar bun | 801,611 |
| 2 | **Glaoch Speisialta 2016 –** Waterford Dove | 2 fháil críochnaithe agus | 410,064 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | HA – tionscadal ag Bóthar Belmont, Port an Chalaidh | sannta | |
| 5 | **Glaoch Speisialta 2015 -** Focus Ireland – ceannacháin 5 aonad | Ar bun | 729,705 |
| **110** | | **IOMLÁN** | **14,313,065** |

**An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil**

Ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh le Clár Cóiríochta 5 Bliana, 2014-2018, i mí Mhárta 2014 agus rinneadh athbhreithniú air i mí na Nollag 2016.

- Cuireadh tús le tógáil 4 theach i gcéim 2 d'athfhorbairt Grúpscéim Tithíochta N. Caitríona sa Bhaile Fliuch i mí Mheithimh 2016
- Go dtí seo tá an sprioc bliantúil de 13 aonad cóiríochta sáraithe. Tugadh cóiríocht do 46 teaghlach sa chéad trí bliana den Chlár.
- Tairgeadh 22 aonad cóiríochta do theaghlaigh den Lucht Siúil in 2016, glacadh le 18 agus diúltaíodh do 4.
- Bhí 196 teaghlach den Lucht Siúil i gceantar an údaráis áitiúil ar dháta an chomhairimh náisiúnta i mí na Samhna 2016, méadú de 39 ar an mbliain roimhe sin.

**Measúnú ar Riachtanais**

- **Rinneadh an Measúnú reachtúil ar Riachtanas Tithíochta ar an 21 Meán Fómhair 2016 agus cuireadh chuig an Roinn é ar an 10 Deireadh Fómhair 2016.**
- **Baineadh 751 iarratasóir/líon tí as an liosta.**
- **Bhí 2,059 iarratasóir fós ar an Liosta Tithíochta Sóisialta ar an 31 Nollaig 2016.**
- Teastaíonn ó 62% de na hiarratasóirí cónaí i gCathair agus i gComharsanacht Chill Chainnigh.
- Tugadh faoi 436 agallamh maidir le Measúnú Riachtanas Tithíochta in 2016
- Rinneadh 49 ligean nua faoin Scéim SCC, d'fhág 30 aonad an scéim in 2016.
- Rinneadh 136 tairiscint i leith cóiríochta i rith 2016, bhí 77 folúntas tráthúil ann agus 59 ligean nua.
- Rinneadh 21 tairiscint i leith cóiríochta d'iarratasóirí a bhí gan dídean nó a d'fhéadfadh a bheith gan dídean
- Rinneadh 20 tairiscint um aistriú cóiríochta i rith 2016.

**Cothabháil ar an Stoc Tithíochta**

- Caitheadh an Buiséad Cothabhála €1.6 milliún ina iomláine ar chomhstoc tithíochta de 2,268.
- Fuarthas 4,664 iarratas ar dheisiúcháin in 2016, measadh 171 a bheith neamhbhailí agus cuireadh 4,124 i gcrích faoi dheireadh na bliana.
- Bhí 110 Aonad folamh in 2016 agus rinneadh athchóiriú ar 89 le hathligean.
- Aisfheistíodh 21 aonad in 2016
- Oiriúnaíodh 17 dteach Údaráis Áitiúil agus cuireadh síneadh leo in 2016 le freastal ar riachtanas daoine faoi mhíchumas agus le róphlódú a réiteach.
- Bhí 21 (1%) de na tithe folamh ag deireadh na bliana .i. 12 folúntas ócáideach agus 9 bhFolúntas fadtéarmacha.

**Iasachtaí Tithíochta**

- Rinneadh 71 iarratas ar iasachtaí in 2016 i gcomparáid le 71 in 2015
- Ceadaíodh 43% de na hiarratais ar iasachtaí a fuarthas
- Ceadaíodh 32 Iasacht Bhliantúlachta agus íocadh €3,696,902 amach in 2016
- Fuarthas 6 iarratas ar Iasacht Atógála, agus íocadh 4 iasacht amach ar chostas €87,000.

- Ceadaíodh 7 n-iasacht Carbháin agus íocadh €44,150 san iomlán amach
- Rinne an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe agus an oireann intí gach iasacht a ghrinnfhiosru.
- B'ionann an Cháin Mhaoine Áitiúil a bhí le híoc agus a íocadh ar thithe Údaráis Áitiúil agus €196,290 don bhliain 2017.
- Bhí Scéim Ceannacháin (incriminteach) do Thionóntaí ar fáil ón 5 Aibreán 2016, fuarthas 35 Iarratas agus rinneadh 10 dTairiscint Ceannacháin.

**Deontais do Thithíocht Phríobháideach:**

- **Caitheadh leithdháileadh de €1,936,266 san iomlán in 2016.**
- **Íocadh 301 iarratas a chlúdaigh na trí scéim amach in 2016.**
- **Deontas um Oiriúnú Tithíochta - íocadh €699,300 amach le 68 iarratasóirí, €10,284 an duine ar an meán.**
- **Deontas Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta - €999,155 íoctha amach le 197 iarratasóir, €5,072 an duine ar an meán.**
- **Deontas Cúnamh Soghluaisteachta - íocadh €176,470 amach le 26 iarratasóir, €4,902 an duine ar an meán.**
- **B'ionann deontais Tithíochta do Dhaoine Breacaosta agus 53% de na hiarratasóirí a íocadh in 2016**
- **Fógraíodh oscailt na ndeontas Tithíochta do Dhaoine Breacaosta i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus fuarthas 237 iarratas.**
- **Bhí 310 iarratas ar láimh ag 31/12/2016, le luach measta de €1,612,142.**

Seirbhísí Bainistíochta Pobail agus Eastát:

- Thiomsaigh an Chomhairle r-iris idirghníomhach do phobail ina ndírítear ar dheontais na Comhairle, comhairle, faisnéis phobail agus cláir oibre atá á ndéanamh ag cumainn phobail agus áitritheoirí i gCathair agus i gContae Chill Chainnigh.
- Tacaíocht €6,000 do Chomórtas Eastáit Shlachtmhara na nÚdarás Áitiúla.
- Buaiteoirí na Scéime:

| **Eastáit Bheaga** | **Eastáit Mheánmhéide** | **Eastáit Mhóra** |
|---|---|---|
| 1ú: Plás an Athair Uí Reachtair | 1ú: Ascaill Mhuire, Áth na nUrlainn | 1ú: Leaca Ard, Port an Chalaidh |
| 2ú: Mullach an Chnoic<br><br>Baile an Phoill | 2ú: Plás De La Salle, Cill Chainnigh | 2ú: Radharc na Coille, Achadh Úr |
| 3ú: Clós Phádraig, Muilleann an Bhata | 3ú: Plás na Deastógála, Áth na nUrlainn | 3ú: Belfield, Port an Chalaidh |

- Deontais Bainistíochta Eastáit, Caiteachas Iomlán €100,000
- Tugadh tacaíocht do 47 gCumann Áitritheoirí gníomhacha sa Chathair agus sa Chontae in 2016.
- Dhéileáil an tOifigeach Iompair Fhrithshóisialta le 166 gearán
- Sainaithníodh ceithre thionscadal mórscála feabhsú eastáit/pobail le forbairt a dhéanamh orthu agus cuireadh i gcríoch iad sna hionaid seo a leanas:

    1. Ascaill an Stáisiúin, Béal Átha Ragad

    2. Ascaill an Teampaill, Caisleán an Chomair

    3. Plás an Easpaig Birch

    4. Cúirt na hUaithne, Achadh Úr

**Comórtas Náisiúnta Bród Áite**

Ar an 26 Samhain bronnadh gradaim ar dhá ghrúpa as Co. Chill Chainnigh ag Gradaim Bliantúla Bród Áite - Cumann Forbartha Áth Stúin agus Fiontar Pobail Bhaile an Phoill.

# 2.3 Airgeadas agus Forbairt Gheilleagrach

## Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle. Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraítear faoin stiúrthóireacht seo Pleanáil agus Rialú Airgeadais, Bailiú Ioncaim, Bainistíocht Cisteáin, Soláthar, Forbairt Gheilleagrach agus Mótarchánachas.

**Ráiteas an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.**

Tugtar achoimre sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar an gcaiteachas ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle ar bhonn laethúil agus tugtar ann sonraí faoi conas a mhaoinítear an caiteachas seo. Bhí barrachas de €23,000 ann don bhliain, a ghlan an t-easnamh de €18,000 a tugadh ar aghaidh ó 2015. Coinníodh rialuithe diana buiséid i bhfeidhm ar bhuiséad iomlán caiteachais de €79 milliún.

**Socruithe Maoinithe Tionscadal Caipitil**

Tugtar achoimre sa Chuntas Caipitil ar chaiteachas ag an gComhairle ar thionscadail chaipitil agus conas a mhaoinítear na tionscadail sin. Éilíonn an Chomhairle foinse shainaitheanta maoinithe sular féidir léi tionscadail chaipitil a thiomsú. Bhí caiteachas iomlán de €33.6 milliún ar an gCuntas Caipitil in 2016. Maoinítear tionscadail trí réimse foinsí agus braitheann cumas na Comhairle chun tionscadail chaipitil a chur chun cinn i measc a limistéar seirbhíse uile go mór chistí leordhóthanacha a bheith ar fáil le tabhairt faoi na tionscadail atá faoi chaibidil. Ullmhófar Buiséad Caipitil nua sa dara ráithe de 2017 don tréimhse 2017 go 2019.

**An Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016**

Bhí clár tréan comhardaithe á choimeád ag an gComhairle ag deireadh 2016. Tá am agus iarrachtaí suntasacha á gcaitheamh ag an gComhairle chun tabhairt faoi bhailiú fiachais, agus tá ag éirí go maith leis an gComhairle sa limistéar seo i gcomparáid le hÚdaráis Áitiúla eile. Léirítear seo sna leibhéil fheabhsaithe bhailithe achais agus riaráistí laghdaitheacha sna mórshruthanna ioncaim.

B'ionann na hiasachtaí iomlána bainc (gan iasachtaí a bhaineann le tithíocht a áireamh) a bhí le híoc go fóill amhail Nollaig 2016 agus €13.9 milliún. Tarraingíodh anuas iasacht nua téarma de €13.5 milliún i rith na bliana le páirtmhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail thábhachtacha straitéiseacha caipitil áirithe.

**Forbairt Gheilleagrach**

Is é ról an Aonaid um Fhorbairt Gheilleagrach Cill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair chun infeistiú agus gnó a dhéanamh inti. Meascán den timpeallacht gnó agus den suíomh sóisialta mar áit le cónaí ann, le hoibriú ann agus le súgradh ann, atá i bhForbairt Gheilleagrach. Seo príomhghné de Ráiteas Físe an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an PÁEP) 2016-2021 – "Áit iontach í Cill Chainnigh le cónaí ann, le hoibriú ann agus le súgradh ann; a chuireann dínit, slándáil agus an cumas ar fáil dá saoránaigh chun páirt a ghlacadh i leith a lánchumais." Is ionann an PÁEP agus an plean straitéiseach chun an ghníomhaíocht forbartha Geilleagraí agus an fhorbairt pobail uile a ailíniú sna cúig bliana atá romhainn. Ghlac an Chomhairle leis an PÁEP i mí na Nollag 2015. Tugtar cuntas sa phlean ar 9 sprioc straitéiseacha le haghaidh Forbairt Gheilleagrach idir 2016 agus 2021. Díríodh ar 49 den 64 sprioc a fheidhmiú in 2016, agus tugtar forléargas ar na príomhphointí anseo.

**Scéim Áitribh Fholmha do Ghnólachtaí Beaga**

- **Seoladh an scéim in 2016 le cabhrú le gnólachtaí nua agus gnólachtaí atá ag méadú trí dheontas atá iníoctha le gnólachtaí don chéad trí bliana oibriúcháin.**
- **Is fiú an deontas suas le €3,000 do gach gnólacht.**

**Tacaíocht Mhiondíola**

- **D'eagraigh an tAonad Eacnamaíochta seastán taispeántais trádála ag tionól miondíola Retail Excellence Ireland le Cill Chainnigh a chur chun cinn mar láthair miondíola.**
- **Rinne an tAonad óstáil chomh maith ar chruinniú Halla an Bhalla do mhiondíoltóirí le faisnéis agus forbairtí a chomhroinnt leis an phobal miondíola.**

**Maoin Tráchtála**

- **Oibríonn an t-aonad eacnamaíoch le húinéirí maoin tráchtála le cabhrú leo deiseanna a aithint d'infheisteoirí ionchasacha agus do ghnólachtaí áitiúla.**
- **Cuireann an t-aonad cúnamh ar fáil freisin do lucht forbartha maoine le pleananna a phlé leo maidir leis an timpeallacht áitiúil gnó.**

**Cur chun Cinn**

- **Tríd an suíomh idirlín Invest Kilkenny agus na meáin shóisialta cuireann an t-aonad gnó agus gnólachtaí Chill Chainnigh chun cinn, agus sroicheann sé lucht éisteachta leathan náisiúnta agus idirnáisiúnta amach.**
- **Chomh maith leis sin rinne an t-aonad urraíocht ar an ócáid Kilkenomics 'Digital Kilkenny' agus tugann sé tacaíocht don togra 'DesignTeckKK' i dtionscail dheartha agus teicneolaíochta i gCill Chainnigh.**

**Ceathrú Chruthaitheach na Mainistreach**

Tá obair chuimsitheach déanta ar cheathrú na Mainistreach, an chomhpháirtíocht leis an GBCN leis an suíomh a fhorbairt. Tá an suíomh ríthábhachtach d'fhairsingiú eacnamaíoch Chathair Chill Chainnigh sna blianta atá le teacht agus dá réir sin tugann an t-aonad forbartha eacnamaíoch tosaíocht dó.

**Calafort Belview**

Is crios straitéiseach tionsclaíoch é ceantar an chalafoirt do Chill Chainnigh. Bhí an t-aonad ag obair i rith na bliana 2016 leis an cheantar a chur chun cinn le gnólachtaí a spreagadh le cur fúthu ann agus naisc a dhéanamh le páirtithe leasmhara áitiúla.

**Infheistíocht Dhíreach Eachtrach**

Bhí an t-aonad ag obair go dlúth leis an ÚFT i rith 2016 le Cill Chainnigh a chur chun cinn mar ionad don infheistíocht dhíreach eachtrach. Bhí an t-aonad onnghníomhach ina idirghabháil le cuideachtaí tríd an IDA agus chabhraigh sé le pleananna turas an IDA agus rinne cur i láthair lena linn.

**Plean Gníomhaíochta Post an Oirdheiscirt**

Tá an t-aonad rannpháirteach i bPlean Gníomhaíochta Post an Oirdheiscirt, agus sanntar gníomhaíochta sa phlean go Cill Chainnigh.

**An Oifig Fiontair Áitiúil**

Cabhraíonn an Oifig Fiontair Áitiúil le gnóthais bheaga tosú, forbairt agus fás. Cuireann an OFÁ seirbhís tacaíochta gnó 'siopa céadchuairte' ar fáil do dhuine ar bith atá i mbun gnó nó ag smaoineamh ar ghnó a bhunú. Feidhmíonn an OFÁ de réir téarmaí chomhaontú leibhéal seirbhíse idir an Chomhairle agus Fiontraíocht Éireann. Ní mór don OFÁ plean gníomhaíochta bliantúil a fhorbairt agus a fheidhmiú ina leagtar amach na príomhsheirbhísí, na gníomhartha, na tionscadail, na cláir agus na spriocanna a bhfuil sé ar intinn acu iad a sheachadadh gach bliain. Cuirtear an plean gníomhaíochta bliantúil faoi bhráid an Choiste Beartais Straitéisigh (an CBS) um Fhorbairt Gheilleagrach, Tacaíochta Fiontraíochta agus Turasóireacht, agus soláthraíonn an CBS maoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh, agus soláthraíonn foireann an OFÁ tuairiscí ar dhul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Phlean Forbartha don CBS ag a gcruinnithe ráithiúla. Chomh maith leis sin, seolann an OFÁ tuairisceán bliantúil méadrachta chuig Fiontraíocht Éireann (FÉ). Cuirtear seirbhísí Coiste speisialaithe Faofa agus Measúnaithe ar fáil don OFÁ chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht airgeadais.

Soláthraíonn an OFÁ réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí d'úinéirí gnólachtaí bunaithe agus nuathionscanta, agus chothaíonn si forbairt thimpeallacht thacúil d'fhiontraíocht sa Chontae ag an am céanna. Roinntear na tacaíochtaí a sholáthraíonn an OFÁ in 2 phríomh-Bheart, is iad siúd, Beart 1 (tacaíochtaí airgeadais) agus Beart 2 (bogthacaíochtaí). Seo a leanas athbhreithniú ar ghníomhaíocht agus aschuir sa dá Bheart in 2016.

**Athbhreithniú ar Ghníomhaíocht in 2016**

**Beart 1**

Tagraíonn tacaí Bheart 1 don chúnamh díreach a sholáthraítear chuid tionscadail cháilithe.

- **Fuarthas 29 n-iarratas ar chúnamh airgeadais Bheart 1 in 2016 agus tarraingíodh 3 iarratas ar dheontas siar.**
- **Faomhadh 26 iarratas le hiomlán carnach de nach mór €490,000 (Tábla 1). Tá an cumas sa 26 tionscadal a fuair tacaíocht 49 post lánaimseartha a chruthú nuair a bhíonn siad infheidhmithe go hiomlán.**
- **Is ionann seo agus costas timpeall €10,000 an post.**
- **D'íoc an OFÁ timpeall €352,190 amach i ndeontais in 2016 mar seo a leanas:**

| Cúnamh Airgid Bheart 1 | Aschur 2016 |
|---|---|
| **Líon na nIarratas Deontais a Fuarthas** | 29 |
| **Líon Iarratas ar Staidéar Féidearthachta Faofa** | 5 |
| **Líon Iarratas ar Dheontais Tionscnaimh faofa** | 8 |

| | |
|---|---|
| **Líon Iarratas ar Dheontas Leathnú Gnó Faofa** | 13 |
| **Líon Iarrtas ar Dheontas tarraingthe siar** | 3 |
| **Líon Iomlán Faofa** | 26 |
| **Suim iomlán Íoctha Amach** | €490,000 |
| **Líon na bPost Nua Comhcheangailte le Tionscadail Fhaofa** | 49 |
| **Meánchostas an phoist** | €10,000 |

**Beart 2**
Tagraíonn tacaí Bheart 2 do thacaí 'boga' a chlúdaíonn an raon iomlán ó fhaisnéis agus comhairle gnó a sholáthar, oiliúint fiontraíocht agus cláir fhorbairt bhainistíochta agus seirbhísí meantóireachta a sholáthar.

- **Chaith an OFA beagnach €285,232 ar thacaí Bheart 2 in 2016 (Tábla 2) mar seo a leanas:**

| Tacaí Bheart 2 | Aschur 2016 |
|---|---|
| **Líon Fiontraithe ag baint leasa as Seisiún Comhairleach Gnó** | 330 |
| **Líon na gClár 'Do Ghnólacht Féin a chur ar Bun' a reáchtáladh** | 5 |
| **Líon na Rannpháirtithe ar Chláir SYOB** | 80 |
| **Líon na bhFiontraithe a bhain leas as Tacaíocht Meantóireachta** | 300 |
| **Líon na Scoileanna a ghlac páirt i gClár Fiontraíochta Mic Léinn** | 13 |
| **Líon na Mac Léinn a ghlac páirt i gClár Fiontraíochta Mic Léinn** | 659 |
| **Líon na gcroí-Chlár Oiliúna Fiontraíochta a reáchtáladh** | 62 |
| **Líon na Rannpháirtithe ar Chroí-Chláir** | 750 |
| **Líon na nDeontas Tacaíochta Speisialaithe a faomhadh** | 34 |
| **Caiteachas Iomlán Beart 2** | €285,232 |

- **Ghlac 750 fiontraí páirt i gcroí-chláir oiliúna agus forbairt bhainistíochta a eagraíodh agus a seachadadh in 2016.**
- **Chríochnaigh 80 duine clár SYOB a bhí á reáchtáil ag OFÁ Chill Chainnigh in 2016. Tugtar i gClár an SYOB blaiseadh do rannpháirtithe ar na príomh-shaincheisteanna go léir a bhíonn i gceist nuair a bhíonn gnólacht á thosú agus á reáchtáil, idir taighde agus pleanáil a dhéanamh ar a smaoineamh agus straitéis díolacháin a fhorbairt agus réamh-mheastacháin airgeadais a ullmhú.**
- **Bhain 300 fiontraí leas as tacaíocht meantóireachta OFÁ Chill Chainnigh in 2016. Tá painéal meantóirí speisialaithe againn a bhfuil sé de chúram orthu a dtaithí agus a bhfoghlaim a**

**roinnt le cliaint d'fhonn cabhrú leo a gcumas réiteach fadhbanna féin a fhorbairt. Cabhraíonn an meantóir le cliaint a spriocanna agus a smaointe don todhchaí a fhiosrú agus an staid ina bhfuil siad faoi láthair a mheas go réadúil.**
- **Ghlac 659 dalta as 13 meánscoil páirt i gClár Fiontair na Mac Léinn (SEP) sa bhliain acadúil 2015/2016. Is é an SEP an príomh-mheán ina nochtar an fhiontraíocht do dhaoine óga agus ina dtugtar tuiscint agus léirthuiscint níos fearr dóibh ar an méid a bhíonn i gceist le gnólacht a reáchtáil.**

**Tograí Eile**

Thug an OFÁ tacaíocht do réimsí tograí eile in 2016 mar seo a leanas:

- Micreamhaoiniúchán Éireann: Chabhraíomar le 4 ghnólacht iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú iasachta le MFI;
- Iasachtaí Roghanna Cliste: leanamar ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht, a tosaíodh in 2009, le Comhar Creidmheasa N. Chainnigh agus thugamar cúnamh do 17 gnólacht eile iarratas a dhéanamh ar Iasacht Rogha Cliste;
- Comórtas IBYE: thugamar cúnamh do 35 fiontraí lena n-iarratais sa Chomórtas 'An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn' in 2016.
- Bizfest: d'fhreastail os cionn 270 fiontraí ar Chomhdháil Bizfest an Oirdheiscirt i gCill Chainnigh a bhí eagraithe ag Oifigí Fiontair Áitiúla an Oirdheiscirt (OFÁ Chill Chainnigh san áireamh) in 2016. Soláthraíonn Bizfest deis do ghnólachtaí líonrú agus naisc a dhéanamh ar fud an réigiúin.
- Dearbháin Trádála ar líne: Cheadaíomar 28 dearbhán breise do ghnólachtaí áitiúla in 2016;
- Tacaíocht náisiúnta do thograí: thug Líonra na nOFÁ faoi seo le chéile, le Craobh Chlár Fiontar na Mac Léinn san áireamh i bPáirc an Chrócaigh i mí Aibreáin, Craobh na nGradam Fiontraíochta Náisiúnta i mBaile Átha Cliath i mí Mheithimh, Seastán na Sráidbhailte Fiontraíochta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta sa Tulach Mhór, Co. Laoise i mí Mheán Fómhair, agus Comhdháil Lá Fiontraíochta Náisiúnta na mBan i gCill Chainnigh i mí Dheireadh Fómhair. Leanfaimid ar aghaidh leis an tacaíocht d'ócáidí náisiúnta atá eagraithe ag an líonra OFÁ mar bhealach éifeachtúil le haird a dhíriú ar na tacai agus na seirbhísí atá á dtairiscint againn.

***Tábla 3: Achoimre ar Thograí eile a fuair Tacaíocht in 2016***

| Achoimre ar Thograí Eile | Aschur 2016 |
|---|---|
| **Líon na bhFiontraí a fuair cúnamh le hiarratais ar MFI** | 4 |
| **Líon na bhFiontraí a fuair cúnamh le hiarratais ar 'Rogha Cliste'** | 17 |
| **Líon na nDearbhán Trádála ar Líne faofa.** | 28 |




*An Leas Cathaoirleach, an Clr. Fidelis Doherty; Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Colette Byrne, Margaret Kirwan, Goatsbridge Fish Processors, Ceann Feidhmeach OFÁ, Fiona Deegan agus Gerard Kirwan ó Goatsbridge Fish Processors ag bronnadh do Bhuaiteoir an Chontae de na Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta*

- Ba iad Goatsbridge Fish Processors Ltd ionadaithe Chill Chainnigh ag na Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta ag Staid Aviva i mí Mheithimh.
- **Chuir déagóirí fiontracha as Contae Chill Chainnigh a n-aireagán agus a ngnóthais fhíorshaoil ar taispeáint ag Craobh Náisiúnta na nGradam Fiontraíochta do Mhic Léinn i bPáirc an Chrócaigh.**
- **In Aicme Sinsir an chomórtais, bhí Steven Cahill agus Cian Dunne as Coláiste Dhubhuisce, Gráig na Manach ann mar ionadaithe Chill Chainnigh lena ngnó www.fiveasidefinder.com;**
- **San Aicme Meánach bhí Lorcan Doyle as Coláiste Pobail Osraí ann ar son Chill Chainnigh lena ghnó "Paracrafts",**
- **San Aicme Sóisir, ba iad Aaron Denny, Connor Denny agus Liam Cleere as All Time Treats i gColáiste Eamonn Rís, Callainn, ionadaithe Chill Chainnigh.**




*An Clr Mary Hilda Kavanagh ag bronnadh Ghradam Fiontraíochta na Mac Léinn ar Bhuaiteoir an Aicme Shinsir, Steven Cahill agus Cian Dunne  Mary Hilda Kavanagh*




*Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Clr Matt Doran; Cathaoirleach SPC1 Forbairt Eacnamaíoch, Tacaí Fiontraíochta agus Turasóireachta, an Clr Pat Millea; Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Colette Byrne' Ceann Airgeadsia, Martin Prendiville; Ceann Feidhmeach Fiontair, Fiona Deegan agus an Comhairleoir Gnó, Catherine Hennessy leis na buaiteoirí a ghlac páirt i nGradaim IBYE in 2016.*

- **Fógraíodh na fiontraithe óga is fearr i gCill Chainnigh ag Craobh an Chontae de chomórtas 'An Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn' (IBYE).**
- **Ainmníodh Mel Clohosey, 33 bliana d'aois, as Áth na nUrlainn, Co. Chill Chainnigh mar 'an fiontraí óg is fearr' ar son a smaoineamh gnó SocialFeedia.**
- **Ba í Leanne Nolan a bhuaigh an phríomhaicme eile ar an lá san Aicme An Gnó Nuathionscanta is Fearr. Chuir Leanne a gnó Vow2WOW ar bun díreach os cionn bliana ó shin.**
- **Beidh Mel Clohosey agus Leanne Nolan ag seasamh don Chontae i gCraobh Réigiúnach IBYE in 2017.**
- **Roinneadh infheistíocht de €8,000 idir na gnólachtaí a tháinig sa dara áit i ngach aicme. Ba iad na buaiteoirí: Laura Fennelly, fisiteiripeach a cáilíodh le déanaí, a fuair an dara háit san Aice 'An Smaoineamh is Fearr', is fiontraí óg as Bearna na Gaoithe, Co Chill Chainnigh Luke Dunne lena ghnó Dunne Farm Services Ltd a fuair an dara háit san aicme 'An Gnólacht Nuathionscanta is Fearr'.**

<u>An Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt</u>

- **Thaispeáin Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt an OFÁ (SBF agus F), 2016 go raibh 269 gcuideachta ann ar phunann an OFA. B'ionann na cuideachtaí seo agus 1,120 post lánaimseartha agus 383 post páirtaimseartha (i.e. 1,311 post coibhéise lánaimseartha, ar an iomlán). 1**
- **Méadú de 255 é seo ar phoist choibhéise lánaimseartha i gcomparáid le SBF agus F do 2016 (Tábla 4).**

---

| An Suirbhé Bliantúil ar Fhostaíocht agus Forbairt | 2015 | 2016 | Athrú |
|---|---|---|---|
| **Líon Iomlán na gCuideachta ar an bPunann** | 257 | 269 | +12 |
| **Líon Iomlán na bPost Lánaimseartha a bhain le Cuideachtaí ar an bPunann** | 830 | 1,120 | +290 |
| **Líon Iomlán na bPost Páirt-aimseartha a bhain le Cuideachtaí ar an bPunann** | 448 | 383 | -66 |
| **Líon Iomlán na bPost Coibheise Lánaimseartha a bhain le Cuideachtaí ar an bPunann2** | 1,054 | 1,311 | +255 |

Nóta: Tá na Poist Choibhéise Lánaimseartha bunaithe ar 2 phost páirt-aimseartha a bheith cothrom le Coibhéis Poist Lánaimseartha

**TURASÓIREACHT**

Neartaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an tacaíocht a thugtar don earnáil Turasóireachta in 2016, mhéadaigh sí an tacaíocht airgeadais agus riaracháin do Thurasóireacht Chill Chainnigh, agus rinne sí seachadadh ar thionscadail straitéiseacha bonneagair thábhachtacha. D'oibrigh Comhairle Contae Chill Chainnigh go dlúth le Turasóireacht Chill Chainnigh, Fáilte Éireann agus soláthraithe turasóireachta le líon na gcuairteoirí a mhéadú, taithí an chuairteora a fheabhsú agus fostaíocht turasóireachta a mhéadú, de réir na bhfeachtas margaíocht 'Míle Meánaoiseach' agus 'Oirthear Ársa' na hÉireann. Bhí an infheistíocht leanúnach i dtáirgí oidhreachta Chill Chainnigh agus an lucht éisteachta do thairiscint uathúil Chill Chainnigh ríthábhachtach le tionchar eacnamaíoch na turasóireachta a mhéadú in 2016.

**Tionscadail thábhachtacha:**

**Músaem Mhíle na Meánaoise**
Le clár substaintiúil infheistíochta caipitil cuireadh le forbairt Mhíle Meánaoiseach Chill Chainnigh agus Mhúsaem Mhíle na Meánaoise sa láthair ina raibh Halla Mhuire. Déanann an t-athchóiriú taibhsiúil seo 'laochláithreacha de chaighdeáin idirnáisiúnta' as an Músaem agus as Cill Chainnigh in 'Oirthear Ársa' na hÉireann agus neartaíonn sé ionad Chill Chainnigh go mór sa mhargadh mar láthair mhealltach don turasóireacht idirnáisiúnta. Tá dul chun cinn ollmhór déanta ar an athnuachan agus ar na struchtúir.

**Tograí Turasóireachta Bia**
D'éirigh le Turasóireacht Chill Chainnigh le OFÁ Chill Chainnigh agus an Chomhairle Contae maoiniú a fháil ón gCoimisiún um Fhorbairt Gheilleagrach i gCeantair Tuaithe (CEDRA) don Turasóireacht Agraibhia a mhéadaigh próifí Chill Chainnigh mar cheann scríbe bua leis an mbranda #Taste Kilkenny.

Bhain Cill Chainnigh an gearrliosta amach do Ghradam baile 'foodie' an RAI 2016, don chúigiú bliain as a chéile.

Chuaigh Féilire Fhéilte Chill Chainnigh ó neart go neart, tá Savour Kilkenny bunaithe go daingean mar fhéile náisiúnta do bheadaithe agus cheiliúir sé a 10ú breithlá, le níos mó daoine ná riamh i láthair, timpeall 30,000.

**Yulefest**
Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh féile nua Nollag ar bun chomh maith - Yulefest Kilkenny - a thug ardán do cheardaithe agus táirgeoirí áitiúla bia lena gcuid earraí a thaispeáint, atmaisféar gnaíúil a chothú do mhuintir na háite agus do chuairteoirí agus bailte tuaithe a mhealladh isteach i bhféile solais na Nollag.

**Rannpháirtíocht i nGníomhaireacht nua Margaíochta agus Cumarsáide agus fás ar an lucht éisteachta ar líne**

Bhí freastal buacach comhoibríoch ar thaispeántais trádála Thurasóireacht Chill Chainnigh; d'fhreastail Turasóireacht Chill Chainnigh ar an Taispeántas Domhanda Saoire ag an RDS, ag ócáidí Os Cionn 50, BITE agus Bloom in the Park. Cruthaíodh ábhar speisialta fógraíochta le dáileadh le linn na dtaispeántas seo.

Bhí Turasóireacht Chill Chainnigh rannpháirteach freisin i Margadh Taistil an Domhain i Londain faoi bhrat Thurasóireacht Éireann. Bhain idirghabháil dhearfach leis an meáin, le ceannaitheoirí idirnáisiúnta agus le cuairteoirí baile, leis an rannpháirtíocht in ócáidí trádála náisiúnta agus idirnáisiúnta.
Rinne Turasóireacht Chill Chainnigh a réim agus a idirghabháil a mhéadú go mór le feachtais bhríomhara nua margaíochta - aghaidheanna Chill Chainnigh, a ndearnadh fís-loga as. Tháinig líon níos mó ná riamh de thoscaireachtaí, soláthraithe turasóireachta eachtracha agus mic léinn chuig Turasóireacht Chill Chainnigh le samhlacha cuairteoirí a phlé agus eispéireas chuairteoirí a chomhroinnt, rud a chabhraigh go mór le próifíl ard Chill Chainnigh mar cheann scríbe do chuairteoirí a chothabháil.

Thosaigh Gníomhaireacht nua Cumarsáide TL Marketing agus Gníomhaireacht CP Presence PR ag obair le foireann turasóireachta Chill Chainnigh mar cheann scríbe den scoth, d'éirigh leis an straitéis ar líne agus leis an straitéis chumarsáide, chomh maith le fógraíocht théamach ráithiúil an trácht chuig an suíomh gréasáin a mhéadú agus réim agus láithreacht Thurasóireacht Chill Chainnigh ar líne a mhéadú.

- **Méadú 33% ar chuairteanna ar Láthair Gréasáin Turasóireacht Chill Chainnigh, go 417,000**

- **Méadú 49% ar úsáideoirí Facebook go 20,762**
- **12,000 cláraithe le R-Iris Visit Kilkenny**
- **Athchló ar Threoir na gCuairteoirí (50,000) gus 100,000 Léarscáil Míle Meánaoiseach**
- **Na Meáin Chlóite - Fógarfhocail/gné-ailt san Irish Times, Irish Independent, Sunday World, iris RSVP, irisí idirnáisiúnta ar nós Travel Ireland agus Spirit of Ireland.**

# Féilte agus Imeachtaí

Rinne Comhairle Contae Chill Chainnigh leithdháileadh de €125,000 le Deontais Féilte agus Imeachtaí a chur ar fáil do ghrúpaí agus eagraíochtaí a bhí rannpháirteach in eagrú agus i gcur chun cinn imeachtaí áitiúla.

Is í aidhm na scéimeanna deontais féilte áitiúla agus grúpaí pobail a chur chun cinn agus tacú agus cabhrú leis na himeachtaí a bhfuil gné turasóireachta, cultúrtha, ealaíonta nó pobail iontu, d'fhonn maoiniú a sholáthar do réimse ilghnéitheach tionscadal agus an leas is mó is féidir a bhaint amach don phobal.

Bhí ócáid bronnta gradam ag Comhairle Contae Chill Chainnigh in Óstán an Ormond, Cill Chainnigh le haitheantas phoiblí a thabhairt do dhúthracht agus d'obair chrua na ndaoine ar fud an chontae. Ag an ócáid seo bhronn Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Clr Mary Hilda Cavanagh agus Comhaltaí Tofa eile de Chomhairle Contae Chill Chainnigh Teastais Bronnta Deontas ar na grúpaí agus na heagraíochtaí go léir ar leithdháileadh maoiniú orthu faoin Scéim seo.



**Grúpaí a fuair Deontais Chabhrach d'Fhéilte agus d'Imeachtaí le Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, an Clr. Mary Hilda Cavanagh.**

# 2.4 Seirbhísí Uisce agus Comhshaol

### Seirbhísí atá á soláthar faoin Stiúrthóireacht seo:

Oibriú agus cothabháil na soláthairtí uisce inólta poiblí

Oibriú agus cothabháil ar shaoráidí dramhuisce

Bonneagar nua nó feabhsaithe uisce agus dramhuisce a sholáthar

Tacaíocht do Ghrúpscéimeanna Uisce

Seirbhísí Bainistiú Dramhaíola

Rannpháirtíocht Phobail agus Tacaíocht do na Bailte Slachtmhara

Sábháilteacht Uisce

Seirbhísí Tréidliachta

Leas Ainmhithe agus áiseanna Póna

Reiligí

Cláir Fhuinnimh Inmharthana

## Seirbhísí Uisce

Ó 2014 i leith, is é Uisce Éireann an tÚdarás Seirbhísí Uisce do na scéimeanna uisce agus dramhuisce poiblí go léir. Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh ar aghaidh mar Údarás Seirbhísí Uisce don Earnáil Uisce Tuaithe/Grúpa.

Faoin gComhaontú Leibhéal Seirbhíse dhá bhliain déag idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, tá an Chomhairle i bhfeighil seachadadh na seirbhísí poiblí uisce agus dramhuisce thar ceann Uisce Éireann. Déanann Uisce Éireann maoiniú agus macra-bhainistiú ar sheachadadh seirbhíse, soláthraíonn an Chomhairle an fhoireann agus déanann sí micrea-bhainistiú ar sheachadadh seirbhíse.
Cuimsíonn Comhaontú Leibhéal na Seirbhíse:

- **cóireáil uisce agus dramhuisce,**
- **líonraí uisce agus dramhuisce,**
- **Bainistíocht tionscadail a dhéanamh ar thionscadail chaipitil uisce agus dramhuisce.**

Choinnigh an Chomhairle an fhreagracht, ar bhonn gníomhaireacht idirthréimhseach, as billeáil agus bailiú ioncaim uisce neamhthí in 2016. Tá Uisce Éireann ag súil le freagracht iomlán a ghlacadh as an bhfeidhm seo sa chéad ráithe de 2017.

Leanann foireann na Comhairle a bhfuil baint acu i seirbhísí uisce a sholáthar a bheith ina bhfostaithe díreacha de chuid na Comhairle. Tá freagracht dhíreach glactha ag Uisce Éireann as cumarsáid, caidreamh poiblí, tuairisciú chuig an EPA, soláthar agus íocaíocht le soláthraithe, agus as maoiniú foriomlán na hearnála.

**Oibríochtaí agus Cothabháil:**

Déanann Comhairle Contae Chill Chainnigh bainistiú ar 23 scéim soláthar uisce phoiblí agus 35 scéim dramhusice phoiblí thar ceann Uisce Éireann. In 2016, soláthraíodh 9.7 billiún lítear uisce (26.5 milliún lítear sa lá) trí líonra soláthair uisce poiblí Chill Chainnigh chuig timpeall 65,000 custaiméir.

Is í 2015 an bhliain is déanaí a bhfuil Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce foilsithe ag an EPA. Foilseofar tuarascáil 2016 níos déanaí in 2017.

- **In 2015, don chúigiú bliain as a chéile ghnóthaigh Scéimeanna Uisce Poiblí 100% amach i gcomhlíonadh micribhitheolaíoch (Meán Náisiúnta 99.9%).**
- **Baineadh amach comhlíonadh 99.8% le haghaidh paraimhéadair cheimiceacha (Meán Náisiúnta 99.4%).**

Mar atá ag tarlú le tamall de bhlianta, tá feabhas leanúnach ar chomhlíonadh comhshaoil ghléasra cóireála uisce Chill Chainnigh. Tá an treocht fhoriomlán le feiceáil sa bhfeabhas sna torthaí a taifeadadh i dTuarascálacha Bliantúla ón GCC ar Dhramhuisce Uirbeach.

**Clár Caipitil 2016:**

Mar Údarás na Seirbhísí Uisce, tá Uisce Éireann freagrach anois as an gClár Caipitil Seirbhísí Uisce. Gníomhaíonn foireann Chomhairle Contae Chill Chainnigh mar bhainisteoirí tionscadail do na tionscadail éagsúla a bhíonn faofa ag Uisce Éireann.

Faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse Uisce Éireann/ Chomhairle Contae Chill Chainnigh:
Tá an fhreagracht seo a leanas ar Uisce Éireann:

- **Spriocanna, pleananna infheistíochta agus cuspóirí a leagan amach agus straitéis a chur i dtoll a chéile do sholáthar foriomlán na Mórchlár agus na Mionchlár Caipitil.**
- **Maoiniú agus soláthar foriomlán na gClár Caipitil.**
- **Soláthar, bainistíocht buiséid agus faomhadh athraithe.**
- **Cumarsáid Tionscadail.**

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as an méid a leanas:

- **Seirbhísí bainistíochta tionscadail a sholáthar do Mhórthionscadail agus do Mhiontionscadail Chaipitil a fhaomhann Uisce Éireann.**
- **An fhaisnéis go léir a bhfuiltear feasach uirthi a chur ar fáil maidir le hiar-fheidhmíocht agus stádas reatha sócmhainní a d'fhéadfadh bheith faoi bhreithniú le haghaidh caiteachas caipitil.**
- **Nuair a iarrtar é, tabhairt faoi ghníomhaíochtaí soláthair thar ceann Uisce Éireann.**

- **Tuairisciú ar dhul chun cinn ar thionscadal, faoi mar a theastaíonn.**

Tá Clár Infheistíochta Caipitil cúig bliana Uisce Éireann (2017-2021) foilsithe. As infheistíocht iomlán de €3.5 bn, tá farasbarr de €60m áirithe le haghaidh infheistíochta i gContae Chill Chainnigh le linn saolré an chláir.

**Mórthionscadail Caipitil**

**Uasghrádú ar Thaiscumar Uachtar Rátha**

Cuireadh tús le hoibreacha i mí Lúnasa 2016 ar an uasghrádú ar thaiscumar Uachtar Rátha agus ar oibreacha gaolmhara. Tá an conradh le cur i gcrích sa chéad ráithe  de 2017.



Taiscumar Nua ag Uachtar Rátha

**2. Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach Chathair Chill Chainnigh:**

Go traidisiúnta soláthraítear éileamh reatha ar uisce óil do Chathair Chill Chainnigh (timpeall 11,000m3 sa lá) le soláthar 50% ó Choill an Treoigh (ó abhainn na Feoire) agus soláthar 50% ó Bhaile Rád (ó aibhneacha an Deighnín agus na Dúghlaise).

I mí na Nollag 2016, rinne Uisce Éireann iarratas pleanála don uasghrádú atá beartaithe. Tá sé beartaithe de réir an iarratais soláthar iomlán na cathrach a tharraingt as an Fheoir. Tá uasghrádú agus síneadh molta ar Ionad Cóireála Uisce Choill an Treoigh, le stáisiún caidéalaithe uisce cóirithe agus 2.8 km de phríomhphíobán uisce cóirithe aníos ó Choill an Treoigh go Baile Rád. Leis an scéim nua tá sé beartaithe an t-uisce óil go léir go Chathair Chill Chainnigh a tháirgeadh ag saoráid Choill an Treoigh le dáileadh ó na taiscumair atá cheana féin ag Droim Deilgneach agus Baile Rád.

**Scéim Soláthar Uisce Inis Tíog**
Tá tairiscintí curtha faoi bhráid don scéim seo agus táthar ag súil go mbeidh conraitheoir ceaptha sa chéad ráithe de 2017. Ba chóir go dtosódh na hoibreacha ar an láthair i Ráithe 1, 2017.  Meastar luach timpeall €6m a bheith ag an tionscadal. Beidh an screamhuisce á fhoinsiú agus á chóireáil i mBaile Mhic Andáin agus á chaidéalú isteach sa soláthar i líonra Inis Tíog. Ní bheidh feidhm feasta leis an ionad cóireála ag Baile Gob agus is mar thaiscumar amháin a úsáidfear láthair Bhaile Ghob.

**Athshlánú Phríomhphíobáin, Céim 2: (Táth an Leigéadaigh, an Ráth Nua, Cnoc Siltín, Cnoc an Tóchair, agus Gráig na Manach)**

Tá athsholáthar timpeall 8km de phríomhphíobán atá ag feidhmiú go dona sna ceithre láthair seo san áireamh sa tionscadal seo. Tá sé beartaithe go sábhálfaidh an tionscadal 250m3 uisce sa lá. Tá an tionscadal le cur amach ar thairiscint i Ráithe 1 de 2017 agus tá an tógáil le tosú i Ráithe 3, 2017. Meastar go gcosnóidh an tionscadal seo €2.5m.

**Seirbhísí Cúlchlóis agus Bainistíocht Bhrú (Cathair Chill Chainnigh agus Gráig na manach)**
**Tá fiosrú á dhéanamh faoi láthair ar scéim ina moltar an príomhphíobán uisce aispeiste agus na cónaisc luaidhe seirbhise ag cúl gach áitribh a bhaint amach agus príomhphíobán agus seirbhísí nua a chur ina n-áit. D'fhéadfaí timpeall 4.4Km a athsholáthar mar chuid den tionscadal seo.**

**Áirítear sa scéim:**

**Plás Fhiachra, Cathair Chill Chainnigh, 97 dteach**

**Plás Fatima, Cathair Chill Chainnigh, 200 teach**

**Plás an Déin Chaomhánaigh, Cathair Chill Chainnigh, 208 dteach**

**An tSráid Ard, Gráig na Manach, 28 dteach**

Iomlán: 553 teach

**Sa tionscadal seo beifear ag amharc ar 2.8km de phríomhphíobán nua a sholáthar le dáileachán agus bainistíocht bhrú níos fearr a dhéanamh sna hionaid seo a leanas sa chathair: Plás an Déin Chaomhánaigh go Sr Emmett, Cearnóg an Ath. Uí Mhurchú go Br Urumhan, Br an Choláiste go Sr Phádraig agus Br Shéamuis go dtí an tSr Ard. Dar leis na réamh-mheastúcháin cosnóidh an tionscadal timpeall €5m.**

**Uasghrádú ar Ionaid Chóireáil Fhuíolluisce ag Achadh Úr, Droichead Nua, agus Baile Sheáin**

- **Cuireadh uasghrádú an trí ionad seo i gcrích in 2016 ar chostas €3m.**

**Ionaid Chóireála Uisce Chaisleán an Chomair, Áth na nUrlainn:**

- **Táthar ag súil go mbeidh uasghrádú na dtrí ionad seo críochnaithe faoin chéad ráithe de 2017, ar chostas measta de €3m.**

**Ionad Cóireála Uisce Inse an Phuirséalaigh**

- **Tá oibreacha uasghrádaithe (scáileáin, aerthóirí, gléghlantóirí srl) agus feabhsúcháin ar phróiseas cóireála ar bun ó mhí Mheán Fómhair 2017 ag ionad cóireála uisce Inse an Phuirséiligh agus tá an obair le bheith críochnaithe sa dara ráithe de 2017. Tá luach timpeall €1.2 milliún ag an tionscadal.**

**Ionaid Chóireála Mhuileann an Bhata agus Inis Tíog:**

- **Táthar ag súil le hiarratais phleanála a chur faoi bhráid leis an dá ionad thuas a uasghrádú i Ráithe 1, 2017. Meastar go mbeidh luach timpeall €3m ag na huasghráduithe.**

**Athsholáthar Seirbhísí Cúlchlóis - Sráid an Chléibh, Achadh Úr**

- **Tosaíodh na hoibreacha ar an láthair i mí Mheithimh 2016 le hathsholáthar 19 seirbhísí cúlchlóis ar Shráid an Chléibh, Achadh Úr agus ar leagan phríomhphíobán nua 110mm PE.**
- **Tá an chuid is mó de na hoibreacha críochnaithe agus beidh siad críochnaithe go hiomlán sa chéad ráithe de 2017.  Costas an Tionscadail: €70,000**

**Athshlánú Phríomhphíobáin - An Carraigín**

- **Rinneadh athsholáthar ar timpeall 2.7km den phríomhphíobán in 2016 sa Charraigín agus rinneadh os cionn 50 cónasc nua ón bpríomhphíobán nua agus cónas nua isteach sa taiscumar.**

**Athshlánú Phríomhphíobán (Baile Mhic Grifín, Ónainn, agus Baile Uí Fhinn)**

- **Rinneadh athsholáthar ar timpeall 4.5 km den phríomhphíobán uisce in 2016 faoin gconradh seo. Beidh an tionscadal seo críochnaithe sa chéad ráithe de 2017 agus tá cóiriú dromchla ar an líonra bóthar atá i gceist le déanamh sa dara ráithe 2017. Costas an tionscadail: €500,000.**

**Athshlánú Phríomhphíopa Uisce (Áth Stúin agus An Droichead Nua - 2 scéim, conradh amháin)**

- **Céim 1 - Cuireadh oibreacha fiosrúcháin an tsuímh i gcrích i Ráithe 4, 2016**
- **Céim 2 - Tá na hoibreacha tógála le 950m de phríomhphíobán uisce a athsholáthar An Droichid Nua le tosú agus le críochnú i Ráithe 1, 2017. Tá oibreacha in Áth Stúin le 2.7Km de phríomhphíoba agus 56 cónasc a athsholáthar le tosú i Ráithe 1, 2017 agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe i Ráithe 2, 2017.**

**Athshlánú Phríomhphíobán Uisce - Dún Fhionnáin**

- **Bronnadh an conradh seo i Ráithe 4, 2016. Táthar ag súil go dtósófar na hoibreacha, mar a ndéanfar athsholáthar ar 1.3km de phríomhphíobán le 30 cónasc nua, sa chéad ráithe de 2017.**

**Athshlánú Phríomhphíobán Uisce Mhainistir Sheireapúin**

- **Tá toiliú an Aire tugtha leis an obair seo a dhéanamh in aice le Séadchomhartha Náisiúnta Mhainistir Sheireapúin.**
- **Fógrófar an tairiscint le haghaidh Céim 1 (Pábháil Bealaí agus trinsiú seandálaíocht) i Ráithe 1, 2017 agus táthar ag súil leis an obair a chríochnú i Ráithe 2, 2017.**
- **Táthar ag súil go mbronnfar an tairiscint do na príomhoibreacha athshlánaithe i Ráithe 3, 2017 agus go mbeidh siad críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2017. Tá 750m den phríomhphíobán le hathshlánú faoin gconradh seo.**

**Clár Athchóireála Thaiscumar an Ghleanna Mhóir**

- **Tá sé molta taiscumar nua a shuiteáil os cionn talún sa Ghleann Mór agus an taiscumar atá faoi thalamh faoi láthair a dhíchoimisiúnú.**
- **Tugadh cead pleanála in 2016. Bhí an talamh faighte agus an dearadh faofa i Ráithe 4, 2016 agus tá na hoibreacha le tosú ar an láthair i Ráithe 1, 2017.**

**Clár Díghalraithe agus PH (Beart Chill Chainnigh, Loch Garman agus Cheatharlach)**

- **Is conradh birt é seo ina n-áirítear ionaid cóireála uisce i gCill Chainnigh, i Loch Garman agus i gCeatharlach.**
- **Tá dhá chéim sa tionscadal. I gCéim déanfar measúnuithe mionsonraithe ar mheicníochtaí díghalraithe agus pH atá ann cheana agus sainaithint na n-oibreacha ábhartha uasghrádaithe do gach suíomh. I gCéim 2 cuirfear an t-uasghrádú agus na hoibreacha gaolmhara i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go mbainfear ardchaighdeáin díghalraithe amach.**
- **Tá 23 ionad cóireála Uisce i gContae Chill Chainnigh san áireamh san chlár seo. Cuireadh tús le hoibreacha Chéim 1 i mí na Samhna 2016.**

**Clár Oibreacha Ionraoin ag Ionaid Chóireála Dramhuisce Bhaile an Phoill agus Challainn:**

- **Cuireadh tús le hoibreacha ar an suíomh sa dá ionad i mí na Samhna 2016 agus tá sé beartaithe iad a bheith críochnaithe i Ráithe 3, 2017.**
- **Déanfar criathair ionraoin a dhearadh, a sholáthar, a shuiteáil agus a choimisiúnú do Challainn agus do Bhaile an Phoill leis an chonradh seo.**
- **Tá dearadh, soláthar, suiteáil agus coimisiúnú scagaire bitheolaíoch san áireamh sna hoibreacha i mBaile an Phoill.**

**Clár Monatóireachta agus Samplú Sreibhe do Chill Chainnigh:**

- **Tá Ionaid Chóireála Dramhuisce i gContae Chill Chainnigh san áireamh faoin gclár seo agus tá cuid mhaith de na hoibreacha críochnaithe.**
- **I measc na n-oibreacha gan déanamh tá fabhtanna, oiliúint foirne. Tá an t-aistriú deireanach le déanamh i Ráithe 1, 2017.**
- **Tá suiteáil threalamh monatóireachta sreibhe ar ionraoin agus asraoin láithreacha roghnaithe i gceist sa tionscadal, samplóirí nua a sholáthar mar is gá agus trealamh taifeadadh teagmhais, agus na sonraí taifeadta go léir á n-óstáil ar phacáiste bogearaí néalbhunaithe.**

**Uasghrádú ar Stáisiún Caidéalaithe Chlós an Mhargaidh:**

- **Bhí athsholáthar na gcaidéal dramhuisce le haonaid níos nua-aimseartha, le héifeachtúlacht hiodrálach agus mótair níos mó i gceist sa chonradh.**

- **Bhí urlár nua crochta sa seomra caidéil, ráille láimhe breise, agus clúdaigh rochtana nua allamuigh áirithe sa chonradh.**
- **Oibreacha críochnaithe i Ráithe 2, 2016.**

**Uasghrádú ar Ionad Cóireála Dramhuisce Mhóin Choinn**

Tá an chuid is mó de na hoibreacha, a thosaigh ar an láthair i mí Mheithimh 2016, le córas idirleata bolgóidí míne a chur in áit na n-aerthóirí dromchla atá ann faoi láthair, agus rialú breise próiseála a sholáthar, críochnaithe anois.

**An Clár Uisce Tuaithe**

Cé gurb é an GCC an tÚdarás Maoirseachta le haghaidh soláthairtí príobháideacha uisce, is í Comhairle Contae Chill Chainnigh an t-údarás Maoirseacht i gcás na soláthairtí príobháideacha uisce siúd i gContae Chill Chainnigh, a thagann faoi chuimsiú na rialachán uisce óil.

In 2016, ba í Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Maoirseacht don mhéid a leanas:

- 195 Grúpscéim Uisce, a ndéantar freastal ar 125 díobh óna bhfoinsí féin agus 70 a ndéantar freastal orthu ón bpríomhphíobán poiblí.
- 134 Soláthar Beag Príobháideach (SBP), ar gnách go n-áirítear leo scoileanna, áitribh bhia agus eastáit tithíochta tuaithe.

Anuas air sin, déanann an Chomhairle deontais Rialtais a bhainistiú agus a leithdháileadh a fhaomhtar faoin gclár Uisce Tuaithe le haghaidh grúpscéimeanna agus scéimeanna dramhuisce, agus deontais le haghaidh toibreacha príobháideacha.

In 2016 d'íoc an Roinn Comhshaoil thart ar €183,579 le Comhairle Contae Chill Chainnigh do na hoibreacha a leanas faoinar tugadh mar chuid den chlár uisce tuaithe:

- €141,231 ar Uasghrádú ar Ghrúpscéimeanna Uisce agus caomhnú agus bainistíocht uisce agus €42,348 le haghaidh feabhsúcháin ar cháiliocht uisce Ghrúpscéimeanna Uisce.
- **Riaradh fóirdheontas i dtreo costais reatha oibríochtúla Grúpscéimeanna Uisce ar luach €208,042.38, ar an iomlán, agus íocadh iad le 52 Grúpscéim.**
- Eisíodh faomhadh le haghaidh iarratas ar dheontas chun toibreacha a sholátahr do thithe príobháideacha agus íocadh suim €129,921.84 amach i 122 deontas do thoibreacha.
- Rinneadh costais foirne €90,236 ar an iomlán a aisghabháil ón Roinn chun íoc as maoirseacht agus riarachán an chláir uisce tuaithe

**Seirbhísí Comhshaoil**

**Seirbhísí atá á soláthar faoin Stiúrthóireacht seo:**

Seirbhísí Bainistiú Dramhaíola

Bainistíocht Bruscair

Rannpháirtíocht Phobail agus Tacaíocht do na Bailte Slachtmhara

Rialú ar Cháilíocht Uisce agus ar Thruailliú

Sábháilteacht Uisce

Seirbhísí Tréidliachta

Leas Ainmhithe agus áiseanna Póna

Reiligí

Cláir Fhuinnimh Inmharthana

# Seirbhísí Comhshaoil

Is iad príomhaidhmeanna Rannóg Comhshaoil na Comhairle:

- Forbairt inmharthana a chur chun cinn, bonneagar bainistíochta dramhaíola atá éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar agus Comhphlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm agus córais chearta rialála agus mhonatóireachta a choimeád ar mhaithe le cosaint an chomhshaoil agus rialú truaillithe.
- Tá an Chomhairle freagrach as breis agus 500 feidhm reachtúil chomhshaoil, a chuimsítear i mbreis agus 100 píosa reachtaíochta. Tá siad seo a leanas i measc na bpríomhlimistéar a ndéileáiltear leo:

- **Bainistíocht Dramhaíola**

- **Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola**
- **Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir**
- **Athchúrsáil**
- **Forfheidhmiú**
- **Bainistíocht Bruscair**
- **Oideachas agus Feasacht**
- **Rialú ar Cháilíocht Uisce agus ar Thruailliú**
- **An Chreat-Treoir Uisce**
- **Rialú agus Forfheidhmiú Truaillithe**
- **Pleanáil um Thruailliú an Chósta**
- **Sábháilteacht Uisce**
- **Seirbhísí Tréidliachta**
- **Reiligí**

## Bainistíocht Dramhaíola

### Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Deiscirt

Leanann Comhairle Contae Chill Chainnigh ar aghaidh ag obair leis na cuspóirí a leagadh amach i bPlean Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt, agus a glacadh in 2015 a bhaint amach.

Cuireadh 20 tionscadal cosc dramhaíola i gcrích in 2016 lena n-áirítear:

- **Ag obair le Ciorcal Oscailte na nEalaíon le tacú le tionscadail a chuireann athúsáid agus cosc dramhaíola chun cinn lena n-áirítear malartú éadaí ar Lá Idirnáisiúnta na mBan agus a gClár 'Sewcialising'.**
- **An dara treoir dheisiúcháin do Chill Chainnigh eagraithe le hathúsáid ábhar a spreagadh.**
- **Dearadh léarscáil le hionaid siopaí carthanachta Chill Chainnigh,**
- **Tionscadal spóirt le 'The Fit for Life' le buidéil in-athúsáidte spóirt a chur chun cinn agus**
- **Feachtas scaradh dramhaíola i dTeach Johns Green.**

### Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir 2016

Lean Ionad Athchúrsála an Dúin Mhóir ar aghaidh ag freastal ar an bpobal le seirbhís bainistíocht dramhaíola costas-éifeachtúil.

- Bailíodh 1174 tonna d'ábhar inathchúrsáilte in 2016, ardú ón 1114 a bailíodh in 2015
- Méadú ó 2676 tonna dramhaíola faighte ag an suíomh in 2015 go 2926 tonna in 2016. Cé go bhfuil sé beartaithe na méideanna dramhaíola dramhaíl sholadach na cathrach a laghdú, tharla an méadú seo mar gheall ar líon na gcustaiméirí a úsáideann an suíomh a bheith méadaithe. Mar is léir thuas, mhéadaigh na méideanna athchúrsála ar an gcaoi chéanna.
- **Chuaigh 34,423 beart málaí athchúrsála agus 9,039 beart dhroichid mheáite tríd an Suíomh Chonláiste Cathartha in 2016, le 43,462 beart san iomlán tríd an suíomh in 2016, méadú 4,280 i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo.**
- **Rinneadh 2458 tonna láisteáite a dhiúscairt chuig an ionad cóireála dramhuisce, tá folmhú iomlán an dá mhurlach le haghaidh tástála san áireamh sa tonnáiste seo.**
- Tosaíodh ar na meáin shóisialta a úsáid in 2015 agus leanadh ar aghaidh leis an úsáid i rith 2016; Tá 181 leantóir ag an suíomh Facebook faoi láthair.
- Sroicheadh 825 duine trí na meáin shóisialta i ndeich bpostáil a bhain leis an suíomh.

- Feabhsú iontráil agus ceantair ghlasa sa suíomh conláiste chathrach i gcomhar le roinn na bPáirceanna.




**Fig 1: Ionad Athchúrsála agus Diúscartha Dramhaíola an Dúin Mhóir**




**Fig 2: Ionad Conláiste Cathrach**

**Seirbhísí Athchúrsála na Comhairle**

- Leanann seirbhísí athchúrsála an tSathairn ar aghaidh ag oibriú gach Satharn idir 10am-3pm agus glactar le páipéar measctha, cairtchlár agus plaisticí.
- Tá líonra de 42 banc buidéal ag feidhmiú ar fud an chontae agus déanann conraitheoir glantacháin freastal orthu le cinntiú nach gcuireann siad isteach ar an timpeallacht áitiúil.
- Bailíodh breis bheag asu 1,459 tonna gloine agus 102 tonna de channaí ó na suímh seo in 2016. Bhí na figiúirí sin uile níos mó ná figiúirí na bliana roimhe seo. Lean an tairiscint réigiúnach le haghaidh seirbhísiú na saoráidí athchúrsála ar aghaidh in 2016.

- I gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chill Chainnigh, chríochnaigh WEEE Ireland roinnt bailiúchán soghluaiste ar fud an chontae le cabhrú leis an phobal a bhfearas leictreacha a athchúrsáil. Rinneadh naoi mbailiúchán in 2016 agus bailíodh 72 tonna.

**Plean Bainistíochta Bruscair**

Glacadh le Plean Bruscair Chomhairle Contae Chill Chainnigh i Meitheamh 2015 agus reáchtáladh roinnt feachtais frithbhruscair chun spriocanna agus cuspóirí a leagtar amach sa Phlean a bhaint amach.

- **Ghlac Cill Chainnigh páirt i bhFeachtas náisiúnta an Tascfhórsa Bruscar Guma.**
- **Críochnaíodh Feachtas an tSiúlóra Madraí Ghlais agus seoladh feachtas nua chun béim a chur ar na rioscaí sláinte a bhaineann le salachar madraí.**
- **Rinneadh baile píolótach de Áth na nUrlainn le haraidí salachar madraí a shuiteáil, áraidí a bhí déanta go háitiúil ag an gComhairle; laghdaíodh salú madraí go mór dá bharr.**
- **Reáchtáladh an Glantachán Earraigh Náisiúnta ar feadh an earraigh agus bhí níos mó ná 120 grúpa rannpháirteach ar fud an chontae.**
- **Seoladh feachtas raidió réigiúnach ar BEAT FM le feachtas i gcoinne bruscar ar na bóithe, i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla an Oirdheiscirt.**
- **Rinne grúpaí óige dhá mhúrmhaisiúchán i gcomhar le dhá ionad acmhainní teaghlaigh.**
- **Cuireadh 11 seó puipéad 'Arrachta Bruscair' a siúl i gCathair Chill Chainnigh sa bhfómhar.**




**Forfheidhmiú**

- **Fuarthas 918 gearán Comhshaoil, rinneadh cigireacht orthu go léir agus rinneadh gníomhú caoi le gach cás a réiteach.**
- **Cuireadh na cigireachtaí seo a leanas i gcrích faoi phlean an RMCEI in 2016.**

- **971 cigireacht dramhaíola gnách agus neamhghnách**
- **1046 cigireacht uisce/dramhuisce gnách agus neamhghnách**
- **125 cigireacht aeir agus torainn gnách agus neamhghnách**
- **109 gcigireacht ar fhreagracht táirgeora**

- **Tugadh faoi 155 gníomh forfheidhmithe dá bharr**

**Gradaim agus Éachtaí 2016**

**Gnólachtaí na hÉireann in Aghaidh an Bhruscair (IBAL)**

I ndiaidh measúnú a dhéanamh, deimhníodh go raibh Cill Chainnigh níos glaine ná na noirm Eorpacha agus bhain sí an t-aonú háit déag amach i dtábla Shraithchomórtas IBAL

**Iris na hEarnála Poiblí**

Bhuaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh an gradam "Feabhas i nGnó" in iris na hEarnála Poiblí faoin roinn Bainistíocht Seirbhísí Dramhaíola i mí na Nollag 2016.

**Gradaim Bailte agus Pobail Shlachtmhara**

- **Lean Fóram Bhailte Slachtmhara Chill Chainnigh lena thacaíocht do ghrúpa bailte slachtmhara ar fud an chontae. Tionóladh 3 chruinniú Fóraim, le saineolaí mar chainteoir i ngach ceann acu agus am tugtha do na grúpaí le hábhair spéise a bhain lena n-iarrachtaí mar dheontóirí a phlé.**
- **Bhí ardú spreagúil ar scóir ghrúpaí bhailte slachtmhara náisiúnta ar fud an chontae. Choinnigh Cathair Chill Chainnigh a bonn óir, bronnadh bonn airgid ar Thulchacht den chéad uair agus choinnigh Inis Tíog a bonn airgid chomh maith. Ghnóthaigh Bearna na Gaoithe Gradam Díchill**

**Feasacht Oideachais**

- **Ghnóthaigh dhá scoil a gcéad bhrat glas in 2016, rud a thug an t-iomlán go 71 scoil ghlas. Chuir dhá mheánscoil tús leis an gclár agus fuair siad cúnamh ón Oifigeach Feasacht Chomhshaoil.**
- **Is áis é Feachtas Oideachais an Earraigh le hoideachas breise comhshaoil a sholáthar trí saineolaithe comhshaoil a sholáthar le ceardlanna comhshaoil a eagrú sna bunscoileanna. D'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh 15 ceardlann in 2016 inar pléadh téamaí ar nós na bithéagsúlachta agus caomhnú agus bainistíocht uisce.**





## Rialú ar Cháilíocht Uisce agus ar Thruailliú

**Oifig Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúla (LAWCO)**

Lean Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann ar aghaidh mar chomh-Údaráis Áitiúla don Oifig Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúla (LAWCO). Tá 3 chomhordaitheoir réigiúnach ag an oifig anois, chomh maith le 3 bhall foirne tacaíochta agus 12 oifigeach uisce pobail, lena n-áirítear duine amháin atá lonnaithe i gComhairle Contae Chill Chainnigh le freastal ar réigiún an oirdheiscirt.

Ó thosaigh sé sa phost ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2016, tá an tOifigeach Uisce Pobail tar éis bualadh le roinnt ghrúpaí pobail, m.sh. i mBaile an Phoill, i mBaile Mhic Andáin, i gCallainn, i gCathair Chill Chainnigh, in An Droichead Nua agus i nGráig na Manach, le feasacht faoi oifig LAWCO a mhéadú agus tacú le pobail le bheith rannpháirteach i dtionscadail atá dírithe ar ár dtimpeallacht nádúrtha uisce a chosaint agus a fheabhsú.

Bíonn LAWCO ag obair le gníomhaireachtaí eile ar nós GCCm struchtúr PPN agus LCDC, Grúpscéimeanna Uisce ar fud Chontae Chill Chainnigh trí na Ceantair Bhardasacha le hionadaithe pobail áitiúla agus leis na pobail a ndéanann siad ionadaíocht dóibh lenár bhfreagrachta faoin gCreat-Threoir Uisce.

Tá LAWCO ina chomhpháirtí leis an GCC agus leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhfeidhmiú an tsuímh ghréasáin catchments.ie: Uisce ó Fhoinse go Farraige. Bhuaigh an suíomh gréasáin gradam sa Rannóg Feabhas i Nuálaíocht i nGradaim Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2016

**Rialú Truaillithe**

- **Rinneadh cigireacht ar 22 áitreabh ag a bhfuil Ceadúnas Scaoilte Alt 4 in 2016.**
- **Thug Comhairle Contae Chill Chainnigh faoi 172 Cigireacht Feirme Céaduaire faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2014. Deimhníodh nach raibh thart ar 20% díobh ag comhlíonadh na rialachán. Tugadh faoi 44 cigireacht leantach chomh maith.**
- **Thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi 71 Cigireacht bhreise Feirme thar ceann Chomhairle Contae Chill Chainnigh in 2016.**
- Rinneadh 32 cigireacht ar umair sheipteacha.
- Leanadh leis an gClár Fairsing Monatóireachta Screamhuisce.

- **Rinneadh monatóireacht ar 22 abhainn ag 66 láthair éagsúil ar fud an chontae mar chuid de na riachtanais do Chlár Samplaithe Náisiúnta Stiúrthóireacht an Chreat Uisce. Tógadh 437 sampla ag na láithreacha seo le hanailís a dhéanamh orthu i rith 2016.**
- **Rinneadh cigireacht ar 20 áitreabh ag a bhfuil Ceadúnas Scaoilte Alt 4 in 2016.**
- **Fuarthas 17 bPlean Bainistíochta Cothaithigh agus rinneadh iad a mheasúnú agus a fhaomhadh le coinníollacha maidir le húsáid sloda séarachais sa talmhaíocht**
- **Eisíodh 542 moladh scríofa – a rinne soláthar, go príomha, do cháilíocht an uisce a chosaint, nó a fheabhsú – don Rannóg Pleanála in 2016. Rinneadh 33 cigireacht láithreáin mar chuid den obair seo.**

## Sábháilteacht Uisce

D'oibrigh cúigear déag garda tarrthála ar bhonn uainchláir i míonna an Mheithimh, Iúil agus Lúnasa 2016 ag na láithreacha a leanas:

- Na Cluainte, Cathair Chill Chainnigh
- An Chora, Bóthar an Tuair, Cathair Chill Chainnigh.
- Gráig na Manach
- Inis Tíog
- Baile Mhic Andáin

| **Staitisticí 2016** | |
|---|---|
| Líon Snámhóirí | 2200 |
| Timpistí ar cuireadh cosc orthu | 75 |
| Daoine a tarrtháladh | 12 |
| Nósanna Imeachta Garchabhrach | 80 |
| Comhairle tugtha | 380 |
| Eile | 8 |


Déanann foireann CC Chill Chainnigh agus Sábháilteacht Uisce Chill Chainnigh baoithe fáinne a sheiceáil go seachtainiúil.

## Reiligí

Tá ag Comhairle Contae Chill Chainnigh 14 reilig oscailte ar fud an Chontae agus tá feighlí ag feidhmiú i ngach ceann chun bainistíocht a dhéanamh ar choimeád na gcuntas.

Rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar 6 reilig in 2016;

- **Cill Mogeanna - bóthar nua rochtana coincréite tógtha, cosán athchóirithe, deisiúchán ar gheata, tírdhreachú**
- **Cill Bhríde - athdhromchlú ar bhóthar rochtana le tarmac.**
- **Baile Uí Chaoimh - athdhromchlú ar bhóthar rochtana le tarmac.**
- **Tulach Ruáin - carrchlós glanta, bruscarnach agus tarra/clúdach scealpóga bainte amach**
- **Móin Choinn - soláthar uisce ceangailte agus brú-bhuacaire suiteáilte**
- **Achadh Úr - bóthar rochtana nua tarmac tógtha, gné lárnach tógtha, cosán áitiúil deisithe**




*Bóthar rochtana nua ag Reilig an Achaidh Úir* *Oibreacha ag Reilig Mhóin Choinn*

## Seirbhísí Tréidliachta

Comhlíonann an tSeirbhís Tréidliachta an conradh seirbhíse um shábháilteacht bhia idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (an FSAI) agus Comhairle Contae Chill Chainnigh, lena n-áirítear freagracht as Rannóg Sábháilteachta Bia na Seirbhíse Tréidliachta Údaráis Áitiúil i gceantar Cheatharlach. I measc na bhfeidhmeanna Sláinte Phoiblí Tréidliachta agus leas ainmhithe tá rialuithe/rialáil oifigiúil a dhéanamh ar sheamlais ag a bhfuil tréchur idir beag agus meánach agus ionaid bheaga phróiseála feola, agus rialáil a dhéanamh ar ionaid bheaga mharaithe éanlaithe clóis a sholáthar (áirítear leis seo marú éanlaithe clóis ar an bhfeirm, i.e. marú séasúrach srl).

Ní mór do gach ainmhí a mharaítear ar mhaithe le tomhaltas ag daoine, in áitreabh atá faofa faoin reachtaíocht bhia tabhairt faoi scrúdú Roimh Bhás agus i Iarbháis. Ní mór do Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Bia a bheith i ngach áitreabh a dhéantar a mhaoirsiú faoin reachtaíocht bhia, i.e. bunaithe go ginearálta ar phrionsabail na hAnailíse Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP), inriantacht agus athghlaoch, glanadh agus sláintíocht, rialú lotnaidí srl. Déantar cigireachtaí agus iniúchtaí ar áitribh mhaoirsithe chun comhlíonadh na reachtaíochta a dheimhniú. Glactar samplaí mar chuid de phleananna Náisiúnta Rialaithe agus amanna mar chuid d'imscrúduithe. Bíonn Oifigeach Tréidliachta an Chontae rannnpháirteach i bpleanáil idirghníomhaireachta ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

- In 2016, mharaigh seamlais fhaofa faoi mhaoirseacht na Seirbhíse 4,654 eallach, 17,749 caora agus 142,574 éan clóis.
- **Bhí 20 gnólacht faoi mhaoirseacht na seirbhíse in 2016**
- Glacadh 27 sampla fuíll mar chuid den Phlean Náisiúnta Rialaithe Fuíll.
- Glacadh 56 sampla d'fheoil, maipíní agus uisce mar chóimheastóirí oifigiúla.
- Rinneadh 232 cigireacht sláinteachais (seachas Cigireachtaí AM/PM) in áitribh bhia faoi mhaoirseacht na Seirbhíse.

Bíonn comhairliúcháin leanúnacha ar bun le gnólachta nuathionscanta bia, agus uaireanta le gnólachtaí atá faoi mhaoirsiú reatha maidir le pleananna fairsingithe. Sna cásanna seo pléitear na riachtanais reachtúla faoin reachtaíocht bhia leis na gnólachtaí agus atreoraítear iad go minic chuig gníomhaireachtaí ábhartha eile stáit má bhíonn tacaí eile de dhíth orthu m.sh. meantóireacht gnó ón Oifig Fiontair Áitiúil srl. Bhí comhairliúcháin ag an Seirbhís Tréidliachta le 7 mionghnólacht bia ar theastaigh uathu gnólachtaí nua a oscailt nó cur le gníomhaireachtaí reatha.

**Rialú Madraí**

I gcomhar le Seirbhís na Maor Madraí, bíonn an tSeirbhís Tréidliachta rannpháirteach i bhforfheidhmiú an Acht um Rialú Madraí 1986 mar atá leasaithe agus an Acht um Bunachas Pórúcháin Madraí 2010.

- In 2016, bhí baint ag Seirbhís na Maor Madraí le ceadúnais do 5,909 madra aonair a eisiúint. Eisíodh 4 cheadúnas ginearálta madraí agus 15 ceadúnas madra fad saoil sa chontae.
- Bhí 17 áitreabh ar Chlár na mBunaíochtaí Pórúcháin Madraí an 31 Nollaig 2016. Cuireadh 32 cigireacht DBE i gcríoch in 2016.

Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe ar Thearmann Madraí Bhaile Phóil in 2016. Beidh conchróite nua, limistéar nua aclaíochta agus saoráidí feabhsaithe d'aonad leithlise áirithe sna hoibreacha.



**Limistéar nua Aclaíochta ag Tearmann na Madraí, Baile Phóil**

Tá Coiste Comhairliúcháin maidir le hÚinéirí Nua a fháil do Mhadraí agus le Leas Madraí ildisciplíneach i gcomhdhéanaimh, le ionadaithe tofa, oifigigh na Comhairle ó Cheatharlach agus ó Chill Chainnigh, an tOifigeach Tréidliachta Contae, ionadaithe ó eagraíochtaí Leasa Ainmhithe agus ó Fheirmeoirí Aontaithe Éireann (an IFA). Díríonn sé ar an méid úinéirí nua is mó is féidir a fháil do mhadraí d'fhonn cabhrú le caighdeáin leasa madraí sa Tearmann Madraí a chothabháil.

- **Aimsíodh cónaí nua do 97% de mhadraí an Tearmainn in 2016.**

Chuir Comhairle Contae Chill Chainnigh 52 capall i bpóna agus ceadúnaíodh 4 chapall in 2016.

**EIFEACHTÚLACHT FUINNIMH, CAOMHNÚ AGUS ATHRÚ AERÁIDE**

**Tionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh**

**Stáisiún Dóiteáin Chill Chainnigh: is í 2016 an tríú bliain de na huasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh.**

Suiteáladh córas nua fótavoltach gréine in 2016 chomh maith le fuinneoga dé-ghloinithe ag aghaidh an stáitiún dóiteáin.



*Painéil fhótavoltacha 6kWp i Stáisiún Dóiteán Chill Chainnigh*

**Stáisiún Dóiteáin Bhaile Mhic Andáin - rinneadh insliú ar bhallaí agus ar áiléar an fhoirgnimh, suiteáladh córas triomú éadaigh atá tíosach ar fhuinnimh agus suiteáladh taiscthéitheoirí cliste chomh maith.**

**Clós Innealra Chill Chainnigh: Suiteáladh córas fótavoltach gréine sa chlós innealra i mí Dheireadh Fómhair; tá a chuid leictreachais féin á ghiniúint ag an gclós anois, ag cur le lód bunúsach an chlós inneallra.**

**Leabharlann Ghráig na Manach: Suiteáladh bruithneoir comhdhlúthaithe nua ola atá tíosach ar fhuinneamh le rialú teochta allamuigh agus rialú creasach sa leabharlann.**

**Leabharlann Áth na nUrlainn: suiteáladh bruithneoir nua comhdhlúthaithe ola atá tíosach ar fhuinneamh e rialú teochta allamuigh agus rialú creasach sa leabharlann.**

**Cúnant na Méaraí;**

Shínigh Cill Chainnigh Cúnant na Méaraí i mí Aibreáin 2015. Is togra Eorpach é an cúnant le hastúcháin carbóin a laghdú faoi 2020 agus 2030. Éilítear i gCúnant na Méaraí ar na sínteoirí plean gníomhaíochta fuinnimh inmharthana a thiomsú leis an sprioc laghdú 20% i gcarbóin a chomhlíonadh faoin mbliain 2020. D'eagraigh Comhairle Contae Chill Chainnigh ocht gceardlann i Halla an Chontae agus tugadh cuireadh do rannpháirtithe as gach earnáil i gCill Chainnigh gníomhartha a shainaithint le háireamh sa phlean gníomhaíochtaí. Ba iad na hearnálacha Pobail, Poiblí, Talmhaíochta, Cónaithe, Iompair agus Tráchtála a bhí i gceist. Cuireadh an dul chun cinn ar an bplean gníomhaíochta in iúl do SPC 5 agus do chruinniú na comhairle i mí na Nollag.

**Soilsiú Poiblí**

D'iarr an Oifig Fuinnimh, Oifig na mBóithre agus Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach Chill Chainnigh (CKEA) cúnamh teicniúil ar Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) le fardal a nuashonrú agus bunchás a a thiomsú le soilsiú neamhéifeachtúil poiblí i gCill Chainnigh a aisfheistiú. Cuireadh tús leis an tionscadal fardail i mí Mhárta agus críochnaíodh é i mí Dheireadh Fómhair. Rinneadh cumasc de dhá fhardal leis na sonraí is cruinne agus ansin cuireadh iad ar uirlis bainistíochta ar líne, déanfar tuilleadh anailíse in 2017.

**Tionscadal Fuinnimh Cliste - Streetlight EPC**

Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal Streetlight EPC i mí Mhárta 2017. Beidh tionscadal píolótach Chill Chainnigh ag feidhmiú mar phíolóta le tionscadail feidhmíocht fuinnimh in Éirinn a chur chun cinn. Ar an 18 Samhain 2016 shínigh Comhairle Contae Chill Chainnigh conradh oifigiúil le sainchomhairleoir

soilsithe a cheapadh le dearthaí soilsithe a dhéanamh do thionscadal píolótach Streetlight EPC i gCill Chainnigh.

Dá thoradh seo eagraíodh ócáid "Buail leis an gCeannaitheoir" i Halla Contae Chill Chainnigh le forléargas ar thionscadal píolótach Streetlight EPC a thabhairt do sholáthraithe soilsithe. D'fhreastail 47 duine ar Sheomra na Comhairle ar an lá.

**Feasacht Fuinnimh**

I rith Sheachtain na hEolaíochta 2016 chuaigh an Oifig Fuinnimh agus CKEA i gcomhpháirt leis an tseirbhís leabharlainne le "cainteanna fuinnimh" a sheachadadh i scoileanna; eagraíodh iad seo sna leabharlanna áitiúla. Rinneadh cur i láthair PowerPoint do na leanaí scoile chomh maith le taispeántas idirghníomhach d'fhearais Lego agus K'NEX. Eagraíodh na cainteanna sna leabharlanna seo a leanas:

**Dé Máirt 15 Samhain - Leabharlann Chaisleán an Chomair**

**Dé Céadaoin 16 Samhain - Leabharlann an Locha Buí**

**Dé Céadaoin 16 Samhain - Leabharlann na Cathrach**

**Déardaoin 17 Samhain - Leabharlann Ghráig na Manach**

**Dé hAoine 18 Samhain - Leabharlann Phort an Chalaidh**

**Aguisín 1 - Sceideal Chomhdhálacha na gComhaltaí agus Imeachtaí Oiliúna**

| **Dáta** | **2016 Sonraí Comhdhála agus Freastal na gComhairleoirí Attendance** | **Ionad** |
|---|---|---|
| 5-6 Fea 2016 | An tAcht Tithíochta 2014<br>Andrew McGuinness | Gaillimh |
| 5-7 Fea 2016 | Beartas Comhtháthaithe AE 2014-2020<br>Breda Gardner | Cloch na Caoilte |
| 11 Fea 2016 | AILG Modúl Oiliúna 1 - Seirbhísí Sábháiteachta Ú Áitiúla<br>Michael McCarthy, Peter Cleere, Ger Frisby | Muineachán |
| 13 Fea 2016 | AILG Modúl Oiliúna 1 - Seirbhísí Sábháiteachta Ú Áitiúla<br>MH Cavanagh | Port Láirge |
| 13-15 Fea 2016 | Bóithre agus Pleanáil Chomhtháite<br>Andrew McGuinness | Gaillimh |
| 18 Fea 2016 | AILG Modúl Oiliúna 1 - Seirbhísí Sábháiteachta Ú Áitiúla<br>Patrick O'Neill, David Kennedy, Joe Malone, | An Muileann Cearr |
| 11 Már 2016 | Luach an Rialtais Áitiúil<br>Fidelis Doherty | Loch Garman |
| 1-2 Aib 2016 | Seimineár Oiliúna an Earraigh LAMA<br>MH Cavanagh, Pat Millea, Maurice Shortall, John Brennan, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Patrick O'Neill, Breda Gardner, David Kennedy, Joe Malone, Patrick McKee, Eamon Aylward, Ger Frisby | Sligeach |
| 8-10 Aib 2016 | Pleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail<br>Maurice Shortall, John Brennan | Cloch na Caoilte |
| 14-15 Aib 2016 | Comhdháil Náisiúnta Pleanála IPI<br>Peter Cleere | Baile Átha Luain |
| 15-17 Aib 2016 | Iniúchóireacht agus Rialachas sa Rialtas Áitiúil<br>Michael McCarthy, Matt Doran, Ger Frisby | Cairlinn |
| 29 Aib 2016 | Athchóiriú Baincéireachta agus Airgid<br>Malcolm Noonan, Fidelis Doherty | Baile Átha Cliath |
| 5-7 Bea 2016 | Comhdháil Bhliantúil AILG | Dún na nGall |

| | | |
|---|---|---|
| | MH Cavanagh, Pat Millea, Maurice Shortall, John Brennan, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Andrew McGuinness, Peter Cleere, Michael Doyle, Patrick O'Neill, Breda Gardner, David Kennedy, Matt Doran, Sean Tyrrell, Pat Dunphy, Eamon Aylward, Ger Frisby | |
| 10 Bea 2016 | Soiléiriú ar Mhaoiniú AE<br>Fidelis Doherty | Port Láirge |
| 13-15 Bea 2016 | Rialú agus Cigireacht Umar Seipteacha<br>Breda Gardner | Cloch na Caoilte |
| 20 Bea 2016 | Forbairt Eacnamaíoch Réigiúnach agus Áitiúil<br>Fidelis Doherty | Port Láirge |
| 20 Bea 2016 | AILG - Modúl 2 - Seirbhísí Cultúrtha Ú Áitiúla<br>MH Cavanagh, Pat Millea, John Brennan, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Andrew McGuinness, Peter Cleere, Patrick O'Neill, Breda Gardner, David Kennedy, Matt Doran, Joe Malone, Patrick McKee, Sean Tyrrell, Eamon Aylward, Ger Frisby | Cill Airne |
| 20-22 Bea 2016 | Modhanna Sábhála agus Caomhnaithe Uisce Tí<br>Melissa O' Neill | Cloch na Caoilte |
| 27-29 Bea 2016 | Clár an Rialtais<br>Fidelis Doherty | Loch Garman |
| 8-10 Mei 2016 | Teidlíocht do Sheirbhísí Sláinte<br>Melissa O'Neill, Eamon Aylward | Cloch na Caoilte |
| 9-12 Mei 2016 | Scoil Samhraidh Sheáin Mhic Dhiarmada 2016<br>Peter Cleere | Liatroim |
| 14 Mei 2016 | AILG Modúl 3 - Pleanáil Ú Áitiúil<br>MH Cavanagh, Pat Millea, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Andrew McGuinness, Peter Cleere, Michael Doyle, Patrick O'Neill, Breda Gardner, David Kennedy, Patrick McKee, Pat Dunphy, Ger Frisby | An Clár |
| 18 Mei 2016 | AILG Modúl 3 - Pleanáil Ú Áitiúil<br>Maurice Shortall, John Brennan, Matt Doran, Eamon Aylward | Dún Dealgan |
| 24-26 Mei 2016 | Deontais agus Scéimeanna Tithíochta<br>Maurice Shortall, John Brennan | Cloch na Caoilte |

| | | |
|---|---|---|
| 14 Iúil 2017 | Iondúchtú AILG<br>Sean Tyrrell | Baile Átha Cliath |
| 16-23 Iúil 2017 | Scoil Samhraidh MacGill<br>John Brennan, Maurice Shortall | Na Gleanntaí |
| 22-24 Iúil 2017 | Modhanna Sábhála agus Caomhnaithe Uisce Tí<br>MH Cavanagh | Cloch na Caoilte |
| 5 -7 Lún 2016 | BREXIT - Iarmhairtí Eacnamaíochta d'Éirinn<br>MH Cavanagh, Pat Millea | Cloch na Caoilte |
| 26-28 Lún 2016 | Pleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail<br>Michael Doyle | Cloch na Caoilte |
| 2-3 MF 2016 | Teidlíocht do Sheirbhísí Sláinte<br>Pat Millea | Cloch na Caoilte |
| 10 MF 2016 | AILG Modúl 4 - Tithíocht Ú Áitiúíl agus an Plean Gníomhaíochta Tithíochta Náisiúnta<br>MH Cavanagh, Pat Millea, Maurice Shortall, John Brennan, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Andrew McGuinness, Peter Cleere, Breda Gardner, David Kennedy, Matt Doran, Pat Dunphy, Eamon Aylward, Ger Frisby | Corcaigh |
| 15 MF 2016 | AILG Modúl 4 - Tithíocht Ú Áitiúíl agus an Plean Gníomhaíochta Tithíochta Náisiúnta<br>Joe Malone, Sean Tyrrell | Longphort |
| 30 MF - 1 DF 2016 | Seimineár Fómhair LAMA<br>MH Cavanagh, Pat Millea, Maurice Shortall, John Brennan, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Andrew McGuinness, Peter Cleere, Michael Doyle, Breda Gardner, David Kennedy, Matt Doran, Joe Malone, Sean Tyrrell, Melissa O'Neill, Pat Dunphy, Eamon Aywlard, Ger Frisby | Corcaigh |
| 4 DF 2016 | An Fóram Náisiúnta Caipitil, Cuntas ar an Dúlra<br>Malcolm Noonan | Baile Átha Cliath |
| 7 DF 2016 | Comhdháil Fómhair IPI<br>Michael McCarthy, Peter Cleere, Ger Frisby | Baile Átha Cliath |
| 13 - 14 DF 2016 | Seimineár Fómhair AILG 2016 | Loch Garman |

| | | |
|---|---|---|
| | MH Cavanagh, Pat Millea, Maurice Shortall, John Brennan, Michael McCarthy, Pat Fitzpatrick, Andrew McGuinness, Peter Cleere, Michael Doyle, Breda Gardner, David Kennedy, Matt Doran, Joe Malone, Sean Tyrrell, Melissa O'Neill, Pat Dunphy, Eamon Aywlard, Ger Frisby | |
| 22 DF 2016 | AILG Modúl 5 - Pleanáil Éigeandála Náisiúnta agus Ú Áitiúil<br>Maurice Shortall, John Brennan, Michael McCarthy, Peter Cleere, Breda Gardner, Eamon Aylward, Ger Frisby | Sligeach |
| 22 DF 2016 | AILG Modúl 5 - Pleanáil Éigeandála Náisiúnta agus Ú Áitiúil<br>MH Cavanagh, Pat Fitzpatrick, David Kennedy, Patrick McKee, Pat Dunphy | Cill Chainnigh |
| 4 Sam 2016 | Buiséid na nÚdarás Áitiúla 2017<br>Patrick McKee | Leitir Ceannain |
| 15 Sam 2016 | AILG Modúl 6 - Tionóil Réigiúnacha agus a ról le hÚdaráis Áitiúl agus Bille Tithíochta 2016<br>MH Cavanagh, Michael McCarthy, Peter Cleere, Michael Doyle, Pat Dunphy, Ger Frisby | Loch Garman |
| 16 Sam 2016 | Comhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann<br>Malcolm Noonan | Baile Átha Cliath |
| 18-20 Sam 2016 | Atógáil Éireann, Plean Gníomhaíochta Tithíochta agus Dídin<br>Pat Dunphy | Cairlinn |
| 19 Sam 2016 | AILG Modúl 6 - Tionóil Réigiúnacha agus a ról le hÚdaráis Áitiúl agus Bille Tithíochta 2016<br>Andrew McGuinness, Breda Gardner, David Kennedy, Matt Doran | Baile Átha Cliath |
| 24 Sam 2016 | AILG Modúl 6 - Tionóil Réigiúnacha agus a ról le hÚdaráis Áitiúl agus Bille Tithíochta 2016<br>Pat Fitzpatrick, Patrick McKee, Pat Millea | Béal Átha na Sluaighe |
| 25-27 Sam 2016 | Morgáiste Céad-uaire do Cheannaitheoirí Tí<br>David Kennedy, Patrick McKee | Cloch na Caoilte |
| 2-4 Nol 2016 | Treoir Phraiticiúil le hAghaidh Buiséad 2017<br>Joe Malone | Cloch na Caoilte |
| 9 - 11 Nol 2016 | BREXIT - Iarmhairtí Eacnamaíochta d'Éirinn<br>Pat Fitzpatrick | Cairlinn |
| 16-17 Nol 2016 | Forbairt Phobail, Iniamh Sóisialta a bhaint amach<br>Michael McCarthy, Peter Cleere, Eamon Aylward, Ger Frisby | Gaillimh |

## Aguisín 2

## Tuarascálacha Airgeadais

## Beidh sonraí maidir leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2016 san áireamh sa Tuarascáil dheireanach.

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)**
**DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016**

Cuireann an Ráiteas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas go léir i dtoll a chéile.
Léirítear ann an barrachas/(easnamh) don bhliain.

| **Caiteachas de réir Rannáin** | **Nóta** | **Ollchaiteachas Caiteachas 2016 €** | **Ioncam 2016 €** | **Glanchaiteachas Caiteachas 2016 €** | **Glanchaiteachas Caiteachas 2015 €** |
|---|---|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | | 16,833,008 | 16,298,887 | 534,122 | (517,159) |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | | 21,836,564 | 16,488,017 | 5,348,547 | 5,362,092 |
| Seirbhísí Uisce | | 6,976,421 | 6,882,848 | 93,573 | (38,254) |
| Bainistíocht Forbartha | | 7,076,973 | 2,798,257 | 4,278,716 | 3,665,925 |
| Seirbhísí Comhshaoil | | 9,088,123 | 1,683,378 | 7,404,745 | 6,704,587 |
| Caitheamh Aimsire agus Conláiste | | 5,256,990 | 315,613 | 4,941,377 | 4,557,704 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | | 644,537 | 437,223 | 207,314 | 112,510 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 6,883,399 | 2,763,931 | 4,119,468 | 5,050,172 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **15** | 74,596,015 | 47,668,154 | | |
| Glanchostas na Roinne le maoiniú ó Rátai agus Cáin Réadmhaoine Áitiúil | | | | 26,927,861 | 24,897,577 |
| Rátaí | | | | 18,980,383 | 18,456,308 |
| Cáin Áitiúil Réadmhaoine | | | | 9,621,663 | 9,356,019 |
| Asbhaint a bhaineann le | | | | 942,095 | 1,239,693 |

Pinsean

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh Aistriú** | | 2,616,280 | 4,154,443 |
| **Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí** | **14** | (2,592,816) | (4,104,286) |
| **Barrachas/(easnamh) Iomlán don bhliain** | **16** | 23,464 | 50,157 |
| **Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir** | | (18,233) | (68,390) |
| **Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig** | | 5,231 | (18,233) |

Údaráis Áitiúla Chomhdhlúite - 26/04/2017 08:57:00 - go tréimhse 201613